

LEANAÍ SA TOSACH AGUS SA LÁR




BUNPHRIONSABAIL LE HAGHAIDH CUR CHUIGE A DHÍRÍONN AR LEANAÍ MAIDIR LE PRÓISEÁIL SONRAÍ

NOLLAIG 2021



An Coimisiún um
Chosaint Sonraí
Data Protection
Commission

NOLLAIG 2021
AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ
21 CEARNÓG MHIC LIAM THEAS, BÁC 2



Brollach

Brollach ón gCoimisinéir um Chosaint Sonraí

Déantar cur síos mar an “t-óir úr” go minic ar léargais ó shonraí pearsanta sa lá atá inniu ann. Is beag eagraíocht atá an inniu nach bhfuil cineál éigin láithreachta gréasáin acu trína ndéantar ár rannpháirtíocht leis a rianú, a aimsiú agus a thomhas chun bealach níos fearr a fháil le díriú orainn, cé acu chun críocha tráchtála nó chun críocha eile. Is ionann ceathrú chuid de dhaonra na hÉireann agus leanaí, a bpróiseáiltear a sonraí pearsanta gach lá, ar líne agus as líne, i gcomhthéacsanna oideachais, sláinte, caitheamh aimsire agus spóirt, seirbhísí sóisialta agus tráchtála. Agus é sin á chur san áireamh thug an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) an treoir seo isteach (na “Bunphrionsabail”) chun na caighdeáin a leagan amach ar cheart do gach eagraíocht iad a leanúint agus sonraí leanaí á mbailiú agus á bpróiseáil acu. Foilsíodh na “Bunphrionsabail” seo i ndiaidh tréimhse chomhairliúcháin poiblí fairsing 3 mhí maidir le dréachtleagan den doiciméad a foilsíodh i ndeireadh na bliana 2020, agus nuair a bhí an doiciméad á thabhairt chun críche, rinneadh gach freagra ó pháirtithe leasmhara a bhreithniú go cúramach.

Is í an phríomhtheachtairacht leis na Bunphrionsabail seo gur cheart tús áite a thabhairt i gcónaí do leas an linbh i ngach cinneadh a bhaineann le próiseáil a sonraí pearsanta. Aithníonn DPC go mbeidh acmhainní breise ó shaineolaithe i réimsí ar nós forbairt leanaí, cearta leanaí agus síceolaíocht leanaí, gan ach roinnt bheag a lua, ag teastáil chun an prionsabal seo a neadú i seirbhísí atá dírithe ar leanaí, beartaithe do leanaí nó seirbhísí ar dócha go mbeidh teacht ag leanaí orthu. Mar sin féin, is é seo an praghas a bhaineann le gnó a dhéanamh le leanaí. Tá neamhaird á tabhairt sa saol ar líne ar riachtanais agus cearta leanaí le hachar ró-fhada anois, agus ní mór d’eagraíochtaí a áiríonn leanaí i measc a gcuid úsáideoirí céimeanna a ghlacadh chun é seo a chur ina cheart.

Leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), a tháinig i bhfeidhm mar dhlí ar an 25 Bealtaine 2018, aithníodh den chéad uair i ndlí um chosaint sonraí pearsanta AE na cúinsí agus na rioscaí sonracha a chuirtear os comhair leanaí nuair a dhéantar a sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil gan coimircí dóthanacha. Leagtar béim sa GDPR ar an ngá atá le cumarsáid shoiléir a dhéanamh le leanaí maidir leis an dóigh a ndéantar a sonraí pearsanta a phróiseáil agus a ndírítear seirbhísí orthu agus léirítear ann go bhféadfadh sé nach mbeadh leanaí chomh eolach maidir leis na rioscaí lena mbaineann. Chomh maith leis sin, aithnítear leis an gceart atá ag leanaí a gcearta um chosaint sonraí a fheidhmiú, mar shampla, a sonraí pearsanta pearsanta ar sheirbhísí ar líne a scriosadh ionas nach gcuirfear ualach orthu nuair a bheidh siad ina n-osaigh maidir le cinntí a rinne siad i ndáil lena sonraí pearsanta nuair nach raibh an tuiscint chéanna acu faoi na hiarmhairtí a bhaineann lena sonraí a roinnt sa timpeallacht dhigiteach.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis na caighdeáin níos airde cosanta a cheanglaítear leis an GDPR maidir le sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil, ghlac an DPC páirt i gcomhairliúchán poiblí mionsonraithe in 2019 mar thosaíocht maidir leis na príomhcheistanna a bhaineann le sonraí leanaí chun dearchtaí réimse leathan páirtithe leasmhara a lorg lena gcuirfí bonn eolais faoin dóigh ar chuir an DPC níos mó soiléireachta ar fáil ar deireadh d’eagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta leanaí, chomh maith le tuismitheoirí agus na leanaí iad féin. I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, bhí sé ríthábhachtach don DPC dul i gcomhairle go díreach le leanaí ionas go gcloisfeadh sé a ndearchtaí agus go bpléifí iad. Tá an t-aiseolas a bhailíomar ón na treoircheardlanna comhairliúcháin díreacha a reáchtálar le scoileanna agus ó na múinteoirí ansin a ghlac páirt inár gcomhairliúcháin lena ranganna an-luachmhar dár dtuiscint ar dhearchtaí na leanaí agus ar na ceistanna atá i gceist. Táimid fíorbhuíoch do na scoileanna, na príomhoidí, na múinteoirí agus na leanaí a roinnt a n-aiseolas go flaithiúil linn. Ar an iomlán bhí ardleibhéal rannpháirtíochta againn sa chomhairliúchán ó chomhlachtaí um chearta leanaí, ó lucht tionscail, eagraíochtaí na hearnála poiblí agus leanaí iad féin.

Agus an treoir seo maidir leis na “Bunphrionsabail” á hullmhú ar bhonn ár gcomhairliúcháin 2019 agus 2021, bhí an deis ag an DPC bheith rannpháirteach le réimse páirtithe leasmhara ar saineolaithe iad in Éirinn agus ar fud an domhain chomh maith, a lán dóibh a rinne teagmháil linn go réamhghníomhach nuair a chuala siad faoin obair seo agus toisc go bhfuil siad tiomanta do chosaint níos fearr a thabhairt do leanaí, go háirithe ar thimpeallachtaí ar líne. Táimid an-bhuíoch as a dtacaíocht agus a rannpháirtíocht leanúnach. Agus an píosa oibre sin á chur i gcrích againn, sholáthair ár gcomhghleacaí sa Ríocht Aontaithe, Oifig an Choimisinéara Faisnéise (ICO) Cód um Dhearadh Aisoiriúnach le haghaidh seirbhísí ar líne ar a bpróiseáiltear sonraí leanaí, arna shainordú le Data Protection Act 2018 na Ríochta Aontaithe agus tháinig an Cód sin i bhfeidhm an 2 Meán Fómhair 2020 (agus spásas 12 mhí ceadaithe d’eagraíochtaí chun a ngníomhaíochtaí próiseála a chur i gcomhréir). Tá an bhéim i gCód ICO ar na gnéithe riachtanacha um príobháideacht trí dhearadh nach mór iad a shocrú ó dhul isteach i seirbhísí a úsáideann leanaí ó thúis. Tá béim “Bhunphrionsabail” an Choimisiúin um Chosaint Sonraí á bhairín níos leithne mar nach bhfuil sé dírithe ach ar shocrú agus dhearadh na dtáirgí agus na seirbhísí ar líne amháin. In ainneoin sin, is fiú a léiriú go dtagann na “Bunphrionsabail” go hiomlán le Cód na Ríochta Aontaithe agus is léir, go háirithe, go gcuireann prionsabal leas an linbh taca faoin dá cheann.

Is léir go mbaineann dúshláin faoi leith leis an idirlíon nuair a bhaineann sé le sonraí leanaí agus ní gá go bhfuil freagraí glansoiléire ann faoi cad atá “ceart” nó cad atá “mícheart” i ngach cás. Mar shampla, sa tréimhse díreach roimh chur chun feidhme an Achta um Chosaint Sonraí

2018 (Acht 2018) (lena dtugtar tuilleadh éifeachta i ndlí na hÉireann don GDPR), chonamar díospóireacht an-ghafa agus mionsonraithe in Éirinn ar leibhéal na parlaiminte maidir leis an “aois toilithe dhigitigh”, mar a thugtar air, a shocrú. Is é sin an aois ag ar cheart go mbeadh leanaí ábalta a dtoiliú a thabhairt do phróiseáil a sonraí pearsanta i gcomhthéacs ar líne gan bainteacht tuismitheoirí. Leis an GDPR fágтар faoi na Ballstáit é a chinneadh cé acu gurb é 13, 14, 15 nó 16 bliana d’aois an aois sin. An rud suimiúil a tugadh faoi deara ná an méid comhlachtaí cosanta leanaí, lena n-áirítear comhlachtaí reachtúla, a d’áitigh gur cheart d’Éirinn an tairseach a shocrú ag 13 bliana d’aois chun féinrialú déagóirí a chosaint agus lena chinntiú nach gcuirfí bac orthu seirbhísí faisnéise a rochtain go neamhspleách ar a dtuismitheoirí agus iad ag tosú ag fáil amach faoina bhféiniúlachtaí féin agus ag iniúchadh a bhféiniúlachtaí. D’áitigh acadóirí agus líon polaiteoirí nach mór an aois a shocrú ag 16 bliana d’aois chun leanaí a chosaint orthu féin agus gur cheart go mbeadh a dtuismitheoirí bainteach i maoirseacht go dtí an pointe sin. Ar deireadh chinn Éire 16; shocraigh a lán Ballstát LEE eile ag 13 í agus roghnaigh tíortha eile 14 nó 15. Tá aois toilithe dhigitigh na hÉireann faoi réir athbhreithnithe ag an Aire Dlí agus Cirt, agus tá an t-athbhreithniú sin le críochnú faoi mí na Bealtaine 2022.

Baineann castacht eile i gcomhthéacs an idirlín le raon na ndíobhálacha ar líne a d’fhéadfadh tarlú do leanaí ar líne amhail bulaíocht ar líne nó nochtadh d’ábhar díobhálach nó neamhdhleathach, cé go bhfuil siad sin lasmuigh den raon feidhme atá rialaithe leis an GDPR. Téann cuid de na fadhbanna atá tagtha chun cinn anois leis an idirlíon ar ais go dtí an fhealsúnacht oscailte dhaonlathach (seachas rialaithe agus ilroinnte) a bhí taobh thiar den idirlíon domhanda, agus tá sé aitheanta anois, nach féidir leis idirdhealú a dhéanamh idir úsáideoirí de chumais éagsúla, agus i gcás leanaí, de chumais atá ag forbairt. Bhí dlínsí i ngach cearn den domhan ag streachailt le bealaí éifeachtacha trína bhféadfaí deimhniú aoise a chur chun feidhme ar an iarmhairt agus léirigh a lán breathnóirí go bhfuil aois, as féin, ina modh tuathalach chun cumas a thomhas ina leith.

Baineann dúshlán bhreise le cineál “saor in aisce” an idirlín toisc gur tháinig a lán seirbhísí chun cinn ar bhealach ina bhfuil siad saor in aisce d’úsáideoirí an idirlín, ach ina bhfuil siad maoinithe trí fhógraí a spriocdhírionn ar iompar a bhraitheann ar gach duine dúinn mar úsáideoirí a rianú agus a phróifíliú. Inár dtreoir, tá dearcadh soiléir ag an DPC nár cheart sonraí pearsanta leanaí a bhailiú chun iad a phróifíil agus gan díriú orthu le fógraí. D’fhéadfaí polasaí dá leithéid a chur chun feidhme go héasca ar sheirbhísí a dhírionn ar leanaí go sonrach ach éiríonn sé i bhfad níos casta i dtimpeallachtaí idirlín “úsáide measctha”. I gcúinsí mar sin, ní mór do sholáthraithe seirbhíse modhanna a bheith acu chun leanaí a aithint agus a chosaint ar a n-ardán nó ní mór dóibh polasaí gan aon phróifíliú a chur i bhfeidhm ar bhonn uilechoiteann. Tá an cheist

um fhógraíocht chomhthéacsúil (nach mbraitheann ar shonraí pearsanta a úsáid ach seachas sin a sheachadann fógraíochta bunaithe ar ábhar ar an scáileán) do leanaí ar sheirbhísí ar líne a dhírionn ar leanaí amuigh as raon feidhme an dlí um chosaint sonraí. Tá go leor tuismitheoirí in éadan an smaoinimh go ndírítear ar leanaí, mar shampla, le fógraí mearbhia ar shuíomhanna ar líne. Mar sin féin ní mór riachtanais fógraíochta comhthéacsúla a rialú trí chaighdeán maidir le fógraíochta seachas an GDPR toisc nach bhfuil na fógraí sin saincheaptha bunaithe ar shonraí pearsanta. Go suimiúil, nuair a chuaigh an DPC i gcomhairle go díreach le leanaí, fuaireamar gur ardaigh a lán dóibh an smaoineamh linn de chomhbhabhtálacha idir idirlíon saor in aisce ina ndéantar iad a rianú i leith idirlíon bunaithe ar shíntiúis agus d’inis cuid díobh dúinn “Tá sé níos fearr ná íoc as!”

Tá comhthéacsanna as líne tábhachtach chomh maith nuair a bhaineann sé le próiseáil sonraí leanaí agus breathnaítear ar threoir an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar na ceisteanna faoi cá huair ba chóir do leanaí bheith i dteideal a gcearta cosaint sonraí éagsúla a fheidhmiú maidir le rochtain, scriosadh agus srian ar phróiseáil go neamhspleách ar a dtuismitheoirí. Is léir gurb é sin réimse a bhfuil baint mhór aige le cumas forbartha linbh agus ní mór cothromaíocht chúramach a fháil ann ar mhaithe leis an leanbh.


Fiú murar cuireadh sin in iúl dúinn sa GDPR é, tá sé an-soiléir go dteastaíonn cosaint speisialta ó leanaí nuair a bhaineann sé le próiseáil a sonraí pearsanta. I ndiaidh sin eile, i ngach eile réimse den tsochaí, cé acu spórt, oideachas, rochtain ar alcól, nó cearta vótála, tá seasamh speisialta agus cumais fhorbartha leanaí ina bhfíricí atá aitheanta go huilechoiteann. Tá deis againn anois na ceisteanna a cheartú a bhaineann le próiseáil gan údar agus próiseáil ardriosca sonraí leanaí a d’fhéadfadh sé gur cuireadh chun feidhme iad de thimpiste nó trí fhailí in go leor earnálacha. Tá an DPC meáite, thrí na “Bunphrionsabail” sin, ar bhunathrú a spreagadh maidir leis an dóigh a láimhseáiltear sonraí pearsanta leanaí.

Go raibh maith agaibh as é seo a léamh agus bhur rannpháirtíocht leanúnach.

Helen Dixon

An Coimisinéir um Chosaint Sonraí

An Coimisiún um Chosaint Sonraí, Éire



Achoimre Feidhmiúcháin

Dhréachtaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) na Bunphrionsabail le haghaidh Cur Chuige a Dhíríonn ar Leanaí maidir le Próiseáil Sonraí chun feabhsuithe ar chaighdeán i bpróiseáil sonraí a spreagadh. Tugtar isteach leo bearta cosaint sonraí a bhaineann go sonrach le leanaí lena gcuirfear feabhas ar an leibhéal cosanta a thugtar do leanaí ar na rioscaí um próiseáil sonraí a chuirtear rompu trína n-úsáid as/ rochtain ar sheirbhísí sa saol ar líne agus sa saol as líne araon. Ag an am céanna, beidh na Bunphrionsabail ina gcuidiú d'eagraíochtaí a phróiseálann sonraí leanaí, trí shoiléireacht a thabhairt ar na prionsabail, a thagann as na hoibleagáidí ardleibhéil faoin GDPR, a bhfuil an DPC ag súil go gcloífidh na heagraíochtaí sin leo.

Cruthaíodh an leagan deiridh seo de na Bunphrionsabail i ndiaidh comhairliúchán poiblí maidir le dréachtleagan a foilsíodh i mí na Nollag 2020. San iomlán, fuair DPC 27 n-aighneacht mar chuid den chomhairliúchán seo, ó pháirtithe leasmhara idir chuideachtaí teicneolaíochta agus eagraíochtaí na hearnála poiblí agus sa sochaí sibhialta. Tá an t-aiseolas a fuaireamar agus ár bhfreagraí ina dhiaidh sin leagtha amach i dtuarascáil thiomnaithe maidir leis an gcomhairliúchán poiblí seo, ar féidir é a fháil ar ár láithreán gréasáin¹. Rinne DPC breithniú fairsing ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara sin a chuir leis an gcomhairliúchán trí na Bunphrionsabail a thabhairt chun críche. Rinneadh leasuithe ar théacs na mBunphrionsabal, de réir mar a mheasann DPC a bheith oiriúnach, mar fhreagra ar thuairimí agus ábhair imní a léirigh páirtithe leasmhara a ghlac páirt sa chomhairliúchán seo.

Baineadh úsáid as an téarma “Bunphrionsabail” chun cineál ríthábhachtach na gcaighdeán agus na n-ionchas sin a léiriú. Ní mór do gach eagraíocht a phróiseálann sonraí leanaí cloí leis na Bunphrionsabail, ar líne agus as líne araon. Áirítear leis sin seirbhísí a dhíríonn ar leanaí/ atá beartaithe do leanaí, nó ar dócha go mbeidh teacht ag leanaí orthu.

In Éirinn, chun críocha cosanta sonraí, is ionann leanbh agus duine faoi bhun 18 mbliana d'aois², rud a thagann le sainiú linbh faoi Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) mar “dhuine faoi bhun 18 mbliana d'aois.” Bunaithe ar thaighde DPC, téama coitianta ar cosúil atá fite fuaite ar fud na bpríomhthéacsanna acadúla maidir le cearta leanaí ná gur spás cosanta is ea óige, agus go maireann óige go dtí go mbaineann an duine aonair aois 18 amach. Luann an grúpa iomráiteach abhcóideachta cearta leanaí 5Rights Foundation go bhfuil leanaí faoi bhun aois 18 “i dteideal na bpribhléidí agus na gcosaintí a leagtar amach sa UNCRC”³.

Bheartaigh an DPC na 14 Bhunphrionsabal seo a leanas nach mór d'eagraíochtaí cloí leo chun na cosaintí do leanaí i bpróiseáil a sonraí pearsanta a threisiú:

1. **ÍOSMHÉID COSANTA:** Ní mór do gach soláthraí seirbhíse “íosmhéid” cosanta a chur ar fáil do gach úsáideoir, mura nglacann siad cur chuige bunaithe ar riosca chun aois a n-úsáideoirí a dheimhniú ionas go gcuirfear na cosaintí atá leagtha amach sna Bunphrionsabail seo i bhfeidhm ar phróiseáil uile sonraí leanaí (Roinn 1.3 “Eagraíochtaí nach mór dóibh cloí leis na Bunphrionsabail”).
2. **TOILIÚ GLANSOILÉIR:** I gcás gur thug leanbh toiliú lena sonraí a phróiseáil, ní mór go dtabharfar an toiliú sin faoi shaoirse, go mbeidh sé sonrach, eolasach agus gan athbhrí, agus go dtabharfar é trí bhíthin ráiteas soiléir nó gníomh deimhneach (Roinn 2.4 “Boinn dhlíthiúla chun sonraí leanaí a phróiseáil”).
3. **NIALAS BAIC:** Ní mór do sholáthraithe seirbhíse a phróiseálann sonraí leanaí a chinntiú nach gcuirfidh tóir leasanna dlisteanacha isteach ar leas an linbh, nach

dtiocfaidh sé salach air nó nach mbeidh tionchar diúltach aige air, ar aon leibhéal (Roinn 2.4 “Boinn dhlíthiúla le haghaidh sonraí leanaí a phróiseáil”).

4. **BÍODH AITHNE AGAT AR DO LUCHT SPÉISE:** Ní mór do sholáthraithe seirbhíse ar líne bearta a dhéanamh lena n-úsáideoirí a aithint agus a chinntiú agus go mbeidh bearta cosanta sonraí a bhaineann go sonrach le leanaí i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí ar dócha go mbeidh teacht ag leanaí orthu (Roinn 3.1 “Aithne a bheith agat ar do lucht spéise”).
5. **FAISNÉIS I NGACH CÁ:** Tá leanaí i dteideal faisnéis a fháil faoi phróiseáil a sonraí pearsanta féin beag beann ar an mbonn dlíthiúil a bhfuiltear ag brath air agus fiú má bhíonn cead tugtha ag tuismitheoirí thar a gceann do phróiseáil a sonraí pearsanta (Roinn 3 “Trédhearcacht agus leanaí”).
6. **TRÉDHEARCAHT A DHÍRÍTEAR AR LEANAÍ:** Ní mór faisnéis príobháideachta faoin dóigh a n-úsáidtear sonraí pearsanta a sholáthar ar bhealach góna, trédhearcach, intuigthe agus inrochtana, ag baint úsáid as teanga shoiléir shimplí a bheidh sothuigthe agus oiriúnach d’aois an linbh (Roinn 3 “Trédhearcacht agus leanaí”).
7. **TABHAIR CEAD CAINTE DO LEANAÍ:** Níor chóir do sholáthraithe seirbhíse gan dearmad a dhéanamh de go bhfuil leanaí ina n-ábhair sonraí astu féin agus go bhfuil cearta acu maidir lena sonraí pearsanta ag aois ar bith. Measann an DPC gur féidir le leanbh na cearta sin a fheidhmiú ag am ar bith, ar an gcoinníoll go bhfuil an cumas acu é sin a dhéanamh agus gur mhaith leo atá sé. (Roinn 4.1 “Staid leanaí mar shealbhóirí ceart”).
8. **NÍ DHÉANANN TOILIÚ ATHRÚ AR AN ÓIGE:** Níor cheart úsáid a bhaint as toiliú a thug leanaí nó a thug na caomhnóirí/ tuismitheoirí mar údar go gcaithfí le leanaí de gach aois amhail is gur daoine fásta iad (Roinn 5.1 “Aois toilithe dhigitigh”).
9. **D’ARDÁN, DO FHREAGRACHT:** Cuireann cuideachtaí a fhaigheann ioncam as seirbhísí a sholáthar nó a dhíol trí theicneolaíochtaí digiteacha agus ar líne rioscaí faoi seach ar chearta agus ar shaoirsí leanaí. I gcás go n-úsáideann cuideachta dá leithéid deimhniú aoise, beidh an DPC ag súil léi iarracht ar leith a dhéanamh lena chruthú go bhfuil a bearta, lena n-áirítear deimhniú aoise, éifeachtúil chun leanaí a choinneáil slán. (Roinn 5.2 “Deimhniú um Thoilíú Tuismitheoireachta”).
10. **NÁ COINNIGH ÚSÁIDEOIRÍ LINBH AMUIGH NÓ NACH N-ÍOSGHRÁDAIGH A N-EISPÉIREAS:** Má dhíríonn do sheirbhís ar leanaí, má tá siad beartaithe do leanaí, nó más seirbhísí iad ar dócha go mbeidh teacht ag leanaí orthu, ní féidir leat gabháil timpeall ar d’oibleagáidí trí iad a choinneáil amuigh nó eispéireas saibhir a choinneáil uathu. (Roinn 5.4 “Deimhniú aoise agus eispéireas úsáideora an linbh”).
11. **NÍ LEITHSCÉAL É AOIS ÍOSTA ÚSÁIDEORA:** Ní chuirtear oibleagáidí eagraíochtaí as áit maidir le tairseacha teoiriciúla aoise úsáideora maidir le cloí le hoibleagáidí an rialaitheoirí faoin GDPR agus leis na caighdeáin agus na n-ionchais atá leagtha amach sna Bunphrionsabail seo maidir le húsáideoirí “faoi aois”. (Roinn 5.5 “Aoiseanna íosta úsáideora”).
12. **CUR CHUIGE RÉAMHCHÚRAMACH I LEITH PRÓIFÍLIÚ:** Ní cheart go ndéanadh soláthraithe seirbhíse ar líne leanaí a phróifíliú agus/nó cinnteoireacht uathoibríthe a chur i gcrích i ndáil le leanaí, nó a sonraí pearsanta a úsáid ar shlí eile, chun críocha margaíochta/ fógraíochta mar gheall ar a leochaileacht agus ar a soghabháiltacht faoi leith i leith fógraíocht iompair, mura féidir leo cén dóigh



agus cad chuige a bhfuil sé ar mhaithe leis an leanbh é sin a dhéanamh a thaispeáint (Roinn 6.2 “Próifílí agus cinnteoireacht uathobrithe”).


13. **DÉAN DPIA:** Ní mór do sholáthraithe seirbhíse ar líne measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí (DPIA) a dhéanamh chun na rioscaí maidir le cosaint sonraí a íoslaghdú, agus go háirithe na rioscaí faoi leith do leanaí a thagann as próiseáil a sonraí pearsanta. Caithfidh an prionsabal ‘ar mhaithe leis an leanbh’ bheith ina phríomhchritéar in DPIA ar bith agus ní mór go sáródh siad leasanna tráchtála eagraíochta i gcás coinbhleachta idir dhá shraith leasanna (Roinn 7.1 “Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí”).
14. **IONSÚIGH É:** Ní mór do sholáthraithe seirbhíse ar líne a phróiseálann sonraí pearsanta leanaí go rialta, de réir deartha agus mar réamhshocrú, ardleibhéal comhsheasmhach cosanta sonraí a bheidh “ionsuite” ar fud a seirbhísí (Roinn 7.2 “Cosaint Sonraí trí Dhearadh agus mar Réamhshocrú”).

Shainaithin an DPC, agus mionscrúdú déanta aige ar na cosaintí breise a cheanglaítear faoin GDPR i dtaca le húsáideoirí linbh, roinnt bearta praiticiúla (féach Roinn 7.2) chun timpeallachtaí ar líne a chruthú a bheidh níos sábháilte, níos oiriúnaí agus ina dtugtar níos mó measa ar phríobháideacht do leanaí chun imirt orthu, bheith ag caidreamh agus ag cruthú orthu ná na cinn atá ann faoi láthair. Ba cheart d’eagraíochtaí a chinntiú go gcuirfidh siad na bearta chun feidhme go hiomlán ina seirbhísí ar fad.

Sonraíonn an DPC go mbeidh costais i gceist chun cloí le córas cosanta sonraí a bheidh aoisoiriúnach/dírithe ar leanaí agus beidh ar na dearthóirí seirbhíse bheith cruthaitheach, mar sin féin, is úsáideoir amháin as triúr iad leanaí, agus is margadh daoine fásta na todhchaí iad. Dá réir sin, rachaidh caidreamh sláintiúil agus tacúil le leanaí san fhadtéarma, chun tairbhe na mbrandaí agus na ngnólachtaí ar fud na n-earnálacha go léir.



Brollach	2
Achoimre Feidhmiúcháin	5
1. Réamhrá	11
1.1 Leanaí agus an GDPR	12
1.2 Na Bunphrionsabail	13
1.3 Eagraíochtaí nach mór dóibh cloí leis na Bunphrionsabail	15
1.4 Ag cloí leis na Bunphrionsabail	16
1.5 Bearta atá molta chun tacú le comhlíonadh na mBunphrionsabail	16
2. Tírdhreach ceart leanaí	17
2.1 An cúlra dlíthiúil	18
2.2 Leas an linbh	19
2.3 Cearta agus cosaint do leanaí sa GDPR	20
2.4 Boinn dhlíthiúla maidir le sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil	22
3. Trédhearcacht agus leanaí	26
3.1 Aithne a bheith agat ar do lucht spéise	27
3.2 Modhanna chun faisnéis trédhearcachta a chur in iúl do leanaí	28
4. Cearta leanaí maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú	32
4.1 Staid leanaí mar shealbhóirí ceart	34
4.2 Cumas sa chleachtas a mheasúnú	36
4.3 Gníomhú thar ceann linbh	36
5. Aois toilithe dhigitigh agus deimhniú aoise	40
5.1 Aois toilithe dhigitigh	41
5.2 Deimhniú um thoiliú tuismitheora	41
5.3 Cuspóirí le deimhniú aoise	44
5.4 Deimhniú aoise agus eispéireas úsáideora an linbh	45
5.5 Aois íosta úsáideora	46
5.6 Sásraí um dheimhniú aoise	46
5.7 Critéir le haghaidh cur chuige bunaithe ar riosca do dheimhniú aoise	47
5.8 Deimhniú Aoise agus prionsabail maidir le cosaint sonraí	48





6. Margaíocht dhíreach, próifíliú agus fógraíochta	49
6.1 Margaíocht dhíreach	50
6.1.1 Leasanna dlisteanacha agus margaíocht dhíreach	51
6.1.2 GDPR – Ceart chun agóid i gcoinne margaíochta	52
6.1.3 Toiliú maidir le margaíocht chuig leanaí	52
6.2 Próifíliú agus cinnteoireacht uathobrithe	54
6.2.1 Próifíliú úsáideoirí agus teicneolaíochtaí rianaithe	55
6.2.2 Teicneolaíocht fógraíochta (Adtech)	57
6.2.3 An féidir le heagraíochtaí úsáid a bhaint as sonraí pearsanta leanaí chun iad a phróifíliú agus cinntí uathobrithe a dhéanamh fúthu?	57
6.3 Próifíliú nach chun críocha margaíochta agus fógraíochta é	58
6.3.1 Próifíliú agus ceart an linbh ar neamhspleáchas	59
7. Uirlisí chun ardleibhéal cosanta a chinntiú do leanaí	60
7.1 Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí	61
7.2 Cosaint Sonraí trí Dhearadh agus mar Réamhshocrú	63
7.3 Bearta atá molta maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú a chuimsiú chun leas úsáideoirí linbh a chur chun cinn	64
8. Conclúid	68
Nótaí	70
Aguisín 1 – Gluais na dTéarmaí	78
Aguisín 2 – Airteagail agus réamhaithrisí dá dtagraítear sna Bunphrionsabail a bhaineann le cosaint shonrach leanaí sa GDPR	81





Réamhrá

1. RÉAMHRÁ

Táimid ag maireachtáil in aois ina ndéanann eagraíochtaí iomadúla méideanna ollmhóra faisnéise fúinn a bhailiú, a stóráil, a úsáid agus roinnt – agus tarlaíonn sé sin a lán den am i ngan fhios dúinn, go háirithe agus muid i mbun gníomhaíochta ar líne. Tosaítear leanaí anois ag dul isteach sa saol digiteach nuair a bhíonn siad an-óg agus páistí réamhscolaíochta ag caidreamh le heagraíochtaí ar líne go minic trí fhóin phóca, bréagáin nasctha agus gléasanna eile a úsáid⁴. Gan amhras leanfaidh an bailiú agus an úsáid seo de shonraí pearsanta leanaí, a luaithe a thosóidh sé, trína saol iomlán agus iad ag caitheamh a ngnáthshaoil laethúil ag baint úsáid as seirbhísí na meán sóisialta, cumarsáide, siamsaíochta, faisnéise, siopadóireachta, baincéireachta agus seirbhísí eile gan áireamh ar líne.

Cuireadh bonn eolais faoin doiciméad sin le hionchur ón gcomhairliúchán poiblí dhá shruth a thionóil an DPC sa chéad leath de 2019. Ba é an aidhm a bhí leis deis a thabhairt do na páirtithe leasmhara ar fad a dtuairim a thabhairt maidir le ceisteanna faoi phróiseáil sonraí pearsanta leanaí, faoi chaighdeán shonracha maidir le cosaint sonraí a bhaineann le leanaí, agus faoi cheart leanaí mar ábhair shonraí. Díríodh sruth amháin den chomhairliúchán sin go díreach ar leanaí agus ar dhaoine óga agus spreagadh iad chun smaoineamh ar a n-úsáid as a sonraí pearsanta agus ar a gcearta i gcomhthéacs na meán sóisialta agus a dtuairimí a thabhairt ina leith. Díríodh an sruth eile den chomhairliúchán ar gach páirtí leasmhar eile lena n-áirítear tuismitheoirí, oideoirí agus eagraíochtaí ceart leanaí, chomh maith le heagraíochtaí a phróiseálann sonraí leanaí. Sa sruth sin den chomhairliúchán lorgaíodh dearchtaí na bpáirtithe leasmhara maidir le réimse ceisteanna a bhaineann le próiseáil sonraí leanaí. Is féidir ábhair chomhairliúchán an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ó chomhairliúchán 2019 a fháil ar a shuíomh gréasáin⁵ mar aon le tuarascálacha an Choimisiúin um Chosaint Sonraí maidir leis na haschuir ón dá shruth den chomhairliúchán.⁶ Chomh maith leis sin, cuireadh dréachtleagan den doiciméad seo amach le haghaidh comhairliúchán poiblí i mí na Nollag 2020 ar feadh tréimhse 3 mhí, ar lena linn sin a iarradh ar pháirtithe leasmhara aiseolas a chur isteach maidir leis na saincheisteanna substainteacha a ardaíodh. Rinne DPC breithniú cúramach ar na freagraí ar fad a fuarthas agus rinneadh roinnt athbhreithnithe ar an dréacht bunaidh de na Bunphrionsabail seo. Is féidir achoimre ar an aiseolas a fuarthas a fháil ar láithreán gréasáin DPC freisin⁷.

1.1 LEANAÍ AGUS AN GDPR

Dlí AE is ea an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Is éard atá ann go bunúsach sraith rialacha maidir le cosaint sonraí a bhaineann lena chinntiú go mbeidh a fhios ag gach duine againn nuair a bhailítear faisnéis phearsanta fúinn (sonraí pearsanta) agus an dóigh a mbainfear úsáid astu, agus lena dtugtar níos mó smachta dúinn maidir le húsáid ár sonraí pearsanta. Ceann de na hathruithe is suntasaí a rinneadh leis an GDPR is é an bhéim úr atá curtha ar an tábhacht a bhaineann le sonraí pearsanta leanaí a chosaint. Tá leanaí go mór ag tosach agus ag lár an tírdhreacha cosanta sonraí san Eoraip, agus é sonraithe in Réamhaithris 38 den GDPR go bhfuil cosaint ar leith dlite do leanaí nuair a bhaineann sé le próiseáil a sonraí pearsanta mar go bhféadfadh sé nach mbeadh siad chomh heolach sin ar na rioscaí, na hiarmhairtí agus na coimircí lena mbaineann ná ar a gcearta féin i ndáil lena sonraí pearsanta a phróiseáil. I gcás go bhfuil leanaí eolach faoi na rioscaí a bhaineann le próiseáil a sonraí pearsanta, beidh tionchar ag a n-aois, a n-aibíocht agus a gcumas forbarthach ar a gcumas na rioscaí sin a mhaolú.

Ós rud é gur dlí é an GDPR atá bunaithe ar phrionsabail, tá na rialacha leagtha amach i dtéarmaí níos leithne. Ní thugtar aghaidh go ginearálta sa GDPR ar an dóigh ba cheart na rialacha a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcásanna sonracha, lena n-áirítear i

gcás go mbaineann sé le sonraí pearsanta leanaí. In Éirinn, ritheadh dlí náisiúnta eile, an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 (Acht 2018) chun tuilleadh éifeachta a thabhairt do ghnéithe áirithe de na rialacha sa GDPR. Cé go bhfuil líon beag forálacha in Acht 2018 a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta leanaí, ní thugtar tuilleadh sonraí iontu sin den chuid is mó faoin dóigh ba cheart na rialacha ginearálta sa GDPR a chur i bhfeidhm i dtaca le leanaí.

Tá sé tábhachtach á thabhairt chun suntais go ndírítear na Bunphrionsabail seo ar fhorálacha a bhaineann go sonrach le leanaí agus mar sin níor cheart glacadh leis gurb iad iomlán na n-oibleagáidí a bhfuil feidhm leo faoin GDPR. Seachas sin, ba cheart na Bunphrionsabail a léamh i gcomhar le treoirlíne eile arna heisiúint ag an DPC.

1.2 NA BUNPHRIONSABAIL

Is iad seo a leanas na Bunphrionsabail maidir le cosaint sonraí leanaí:

1. **ÍOSMHÉID COSANTA:** Ní mór do gach soláthraí seirbhíse “íosmhéid” cosanta a chur ar fáil do gach úsáideoir, mura nglacann siad cur chuige bunaithe ar riosca chun aois a n-úsáideoirí a dheimhniú ionas go gcuirfear na cosaintí atá leagtha amach sna Bunphrionsabail seo i bhfeidhm ar phróiseáil uile sonraí leanaí (Roinn 1.3 “Eagraíochtaí nach mór dóibh cloí leis na Bunphrionsabail”).
2. **TOILIÚ GLANSOILÉIR:** I gcás gur thug leanbh toiliú lena sonraí a phróiseáil, ní mór go dtabharfar an toiliú sin faoi shaoirse, go mbeidh sé sonrach, eolasach agus gan athbhrí, agus go dtabharfar é trí bhíthin ráiteas soiléir nó gníomh deimhneach (Roinn 2.4 “Boinn dhlíthiúla chun sonraí leanaí a phróiseáil”).
3. **NIALAS BAIC:** Ní mór do sholáthraithe seirbhíse a phróiseálann sonraí leanaí a chinntiú nach gcuirfidh tóir leasanna dlisteanacha isteach ar leas an linbh, nach dtiocfaidh sé salach air nó nach mbeidh tionchar diúltach aige air, ar aon leibhéal (Roinn 2.4 “Boinn dhlíthiúla le haghaidh sonraí leanaí a phróiseáil”).
4. **BÍODH AITHNE AGAT AR DO LUCHT SPÉISE:** Ní mór do sholáthraithe seirbhíse ar líne bearta a dhéanamh lena n-úsáideoirí a aithint agus a chinntiú agus go mbeidh bearta cosanta sonraí a bhaineann go sonrach le leanaí i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí ar dócha go mbeidh teacht ag leanaí orthu (Roinn 3.1 “Aithne a bheith agat ar do lucht spéise”).
5. **FAISNÉIS I NGACH CÁ:** Tá leanaí i dteideal faisnéis a fháil faoi phróiseáil a sonraí pearsanta féin beag beann ar an mbonn dlíthiúil a bhfuiltear ag brath air agus fiú má bhíonn cead tugtha ag tuismitheoir thar a gceann do phróiseáil a sonraí pearsanta (Roinn 3 “Trédhearcacht agus leanaí”).
6. **TRÉDHEARCACHT A DHÍRÍTEAR AR LEANAÍ:** Ní mór faisnéis príobháideachta faoin dóigh a n-úsáidtear sonraí pearsanta a sholáthar ar bhealach gónta, trédhearcach, intuigthe agus inrochtana, ag baint úsáid as teanga shoiléir shimplí a bheidh sothuigthe agus oiriúnach d’aois an linbh (Roinn 3 “Trédhearcacht agus leanaí”).
7. **TABHAIR CEAD CAINTE DO LEANAÍ:** Níor chóir do sholáthraithe seirbhíse gan dearmad a dhéanamh de go bhfuil leanaí ina n-ábhair sonraí astu féin agus go bhfuil cearta acu maidir lena sonraí pearsanta ag aois ar bith. Measann an DPC gur féidir le leanbh na cearta sin a fheidhmiú ag am ar bith, ar an gcoinníoll go bhfuil an cumas acu é sin a dhéanamh agus gur mhaithe leo atá sé. (Roinn 4.1 “Staid leanaí mar shealbhóirí ceart”).

8. **NÍ DHÉANANN TOILIÚ ATHRÚ AR AN ÓIGE:** Níor cheart úsáid a bhaint as toiliú a thug leanaí nó a thug na caomhnóirí/ tuismitheoirí mar údar go gcaithfí le leanaí de gach aois amhail is gur daoine fásta iad (Roinn 5.1 “Aois toilithe dhigitigh”).
9. **D’ARDÁN, DO FHREAGRACHT:** Cuireann cuideachtaí a fhaigheann ioncam as seirbhísí a sholáthar nó a dhíol trí theicneolaíochtaí digiteacha agus ar líne rioscaí faoi seach ar chearta agus ar shaoirsí leanaí. I gcás go n-úsáideann cuideachta dá leithéid deimhniú aoise, beidh an DPC ag súil léi iarracht ar leith a dhéanamh lena chruthú go bhfuil a bearta, lena n-áirítear deimhniú aoise, éifeachtúil chun leanaí a choinneáil slán. (Roinn 5.2 “Deimhniú um Thoiliú Tuismitheoireachta”).
10. **NÁ COINNIGH ÚSÁIDEOIRÍ LINBH AMUIGH NÓ NACH N-ÍOSGHRÁDAIGH A N-EISPÉIREAS:** Má dhíríonn do sheirbhís ar leanaí, má tá siad beartaithe do leanaí, nó más seirbhísí iad ar dócha go mbeidh teacht ag leanaí orthu, ní féidir leat gabháil timpeall ar d’oibleagáidí trí iad a choinneáil amuigh nó eispéireas saibhir a coinneáil uathu. (Roinn 5.4 “Deimhniú aoise agus eispéireas úsáideora an linbh”).
11. **NÍ LEITHSCÉAL É AOIS ÍOSTA ÚSÁIDEORA:** Ní chuirtear oibleagáidí eagraíochtaí as áit maidir le tairseacha teoiriciúla aoise úsáideora maidir le cloí le hoibleagáidí an rialaitheoirí faoin GDPR agus leis na caighdeáin agus na n-ionchais atá leagtha amach sna Bunphrionsabail seo maidir le húsáideoirí “faoi aois”. (Roinn 5.5 “Aoiseanna íosta úsáideora”).
12. **CUR CHUIGE RÉAMHCHÚRAMACH I LEITH PHRÓIFÍLIÚ:** Ní cheart go ndéanfaidh soláthraithe seirbhíse ar líne leanaí a phróifíliú agus/nó cinnteoireacht uathoibrithe a chur i gcrích i ndáil le leanaí, nó a sonraí pearsanta a úsáid ar shlí eile, chun críocha margaíochta/ fógraíochta mar gheall ar a leochaileacht agus ar a soghabháiltacht faoi leith i leith fógraíocht iompair, mura féidir leo cén dóigh agus cad chuige a bhfuil sé ar mhaithe leis an leanbh é sin a dhéanamh a thaispeáint (Roinn 6.2 “Próifílí agus cinnteoireacht uathoibrithe”).
13. **DÉAN DPIA:** Ní mór do sholáthraithe seirbhíse ar líne measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí (DPIA) a dhéanamh chun na rioscaí maidir le cosaint sonraí a íoslaghdú, agus go háirithe na rioscaí faoi leith do leanaí a thiocfadh as próiseáil a sonraí pearsanta. Caithfidh an prionsabal ‘ar mhaithe leis an leanbh’ bheith ina phríomhchritéar in DPIA ar bith agus ní mór go sáródh siad leasanna tráchtála eagraíochta i gcás coinbhleachta idir dhá shraith leasanna (Roinn 7.1 “Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí”).
14. **IONSÚIGH É:** Ní mór do sholáthraithe seirbhíse ar líne a phróiseálann sonraí pearsanta leanaí go rialta, de réir deartha agus mar réamhshocrú, ardleibhéal comhsheasmhach cosanta sonraí a bheidh “ionsuite” ar fud a seirbhísí (Roinn 7.2 “Cosaint Sonraí trí Dhearadh agus mar Réamhshocrú”).

Leis na Bunphrionsabail seo (a bhfuil a mbunús á thaispeáint i **mbuí** ar fud an téacs) leagtar amach an marcóir d’eagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta leanaí trí ionchais bhonnlíne an Choimisiúin um Chosaint Sonraí mar an rialálaí maidir le próiseáil sonraí pearsanta leanaí na hÉireann agus mar an príomhúdarás maoirseachta faoin GDPR le haghaidh eagraíochtaí ilnáisiúnta a phróiseálann sonraí pearsanta leanaí AE a bhfuil a bpríomhbhunaíocht nó a mbunaíocht aonair san Aontas Eorpach in Éirinn a bhunú.

1.3 EAGRAÍOCHTAÍ NACH MÓR DÓIBH CLOÍ LEIS NA BUNPHRIONSABAIL

Ceapann an DPC nach mór d'eagraíochtaí cloí leis na caighdeáin agus leis na hionchais a bhunaítear leis na Bunphrionsabail seo i gcás go bhfuil na seirbhísí a sholáthraíonn an eagraíocht dírithe ar leanaí, beartaithe do leanaí nó gur seirbhísí iad ar dócha go n-úsáidfí leanaí iad.

Beidh seirbhís atá dírithe ar leanaí/ beartaithe lena húsáid ag leanaí follasach go ginearálta tríd an mbealach ar a gcuireann na margaí seirbhíse síos orthu féin nó ar an dóigh a gcuireann siad iad féin chun cinn. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh seirbhísí ag a bhfuil meascán lucht spéise i.e. lena n-áirítear leanaí, chomh follasach. Maidir leis sin, ciallaíonn "ar dócha go mbeidh teacht ag leanbh ar sheirbhís" tá níos mó seans go mbeidh teacht acu ar na seirbhísí nó a mhalairt. As líne, baineann sé sin le soláthraithe oideachais, clubanna agus cumainn spóirt agus shóisialta, agus soláthraithe tacaíochta sláinte agus sóisialta i measc dreamanna eile. I gcomhthéacs digiteach, áirítear leis sin suíomhanna gréasáin, aipeanna agus seirbhísí eile. I dirlíon na Rudaí Nithiúla a sholáthraíonn seirbhísí na meán sóisialta, seirbhísí roinnte ar na meáin, seirbhísí cluichíochta, siamsaíochta, oideachais, tacaíochta, seirbhísí cúraim/ tacaíochta sláinte agus sóisialta. Aon uair a bhíonn seirbhísí eagraíochta dírithe ar leanaí/ beartaithe do leanaí, nó ar dócha go mbeidh teacht ag leanaí orthu, ní mór don eagraíocht a chinntiú go bhfuil bearta cosaint sonraí a bhaineann go sonrach le leanaí i bhfeidhm lena gcuirfear feabhas ar an leibhéal cosanta a thugtar do leanaí ar na rioscaí um próiseáil sonraí a chuirtear rompu trína n-úsáid as/ rochtain ar an tseirbhís. Tá raon na mBunphrionsabal beartaithe chun seirbhísí a chlúdach atá líon suntasach leanaí á úsáid i ndáiríre (seachas seirbhís ar bith a chuirtear ar fáil ar líne), fiú mura raibh an tseirbhís i gceist beartaithe go príomha do leanaí nó mura raibh sé leagtha amach ar dtús agus aird á tabhairt orthu.

Ar aon dul le treoir an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí maidir le trédhearcacht agus go deimhin rud a thagann leis an gceanglas faoin GDPR taifid a choinneáil faoi ghníomhaíochtaí próiseála⁹, ba chóir go mbeadh "aithne" ag eagraíochta faoina n-úsáideoirí/ lucht spéise agus go mbeadh eolas acu faoin na daoine a mbailíonn siad faisnéis fúthu. Féadfar é sin a dhéanamh, mar shampla, trí thástáil úsáideoirí, taighde margaidh, comhairliúchán le húsáideoirí agus intleacht shaorga i measc rudaí eile. Sa bheis air sin, cuideoidh an liosta tosca seo a leanas (liosta nach bhfuil uileghabhálach) maidir le measúnú a dhéanamh ar cé acu an dócha go mbeidh teacht ag leanaí ar shuíomh gréasáin, aip nó seirbhís ar líne eile¹⁰:

- ábhar/ cineál an tsuímh nó na seirbhíse;
- a inneachar amhairc;
- úsáid carachtar beochana nó gníomhaíochtaí agus dreasachtaí a dhírítear ar leanaí;
- ceol nó inneachar fuaime eile;
- aois na mainicíní;
- ceiliúráin linbh nó ceiliúráin a thaitníonn le leanaí a bheith orthu;
- teanga nó saintréithe eile den suíomh gréasáin nó den tseirbhís ar líne;
- cé acu an bhfuil fógraí a chuirtear chun cinn nó a fheictear ar an suíomh gréasáin nó ar sheirbhís ar líne dírithe ar leanaí;
- aois na n-úsáideoirí ar sheirbhísí comhchosúla; agus
- taighde neamhspleách

Le prionsabal na cuntasachta faoin GDPR ceanglaítear ar eagraíochtaí bearta cuí a dhéanamh lena chinneadh, ar an gcéad dul síos, cé acu an bhfuil siad ag bailiú sonraí pearsanta leanaí agus ina dhiaidh sin, a chinntiú go gcloíonn siad leis na caighdeáin níos airde cosanta a cheanglaítear ar rialaitheoirí faoin GDPR i ndáil le próiseáil sonraí



pearsanta. Ní mór d'eagraíochtaí, mar rialaitheoirí sonraí, a chinntiú go mbainfidh leanaí tairbhe as “cosaint shonrach” faoin GDPR agus tagann sé sin i bpáirt ó Airteagal 24 ina gceanglaítear nach mór do rialaitheoirí na rioscaí lena ngabhann dóchúlacht agus déine éagsúil maidir le cearta agus saoirsí daoine nádúrtha a chur san áireamh, agus bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme lena chinntiú go gclóíonn an phróiseáil leis GDPR. (Féach Roinn 7 agus Aguisín 2 chomh maith ina leagtar amach na forálacha sa GDPR ina ndéantar tagairt do na cosaintí do leanaí atá sainordaithe faoin GDPR agus na caighdeáin níos airde a thagann leo nach mór do rialaitheoirí iad a chur i bhfeidhm agus sonraí pearsanta leanaí á bpróiseáil acu.)


1.4 AG CLOÍ LEIS NA BUNPHRIONSABAIL

Go bunúsach, tá dhá rogha ag eagraíochtaí. **Is féidir leo ceanglais na mBunphrionsabal a chur i bhfeidhm ar na seirbhísí a thairgeann siad go hiomlánach, ionas go mbainfidh gach úsáideoir (beag beann ar cibé an bhfuil siad faoi 18 mbliana d'aois nó nach bhfuil) leas as ardleibhéal caighdeánaithe cosanta sonraí ar leor é chun cearta úsáideoirí linbh ar bith a chosaint.** Mar rogha eile, má roghnaíonn eagraíochtaí gan “íosmhéid cosanta” a chur i bhfeidhm dá n-úsáideoirí uile a chomhlíonann na Bunphrionsabail seo, mar sin ní mór dóibh cur chuige bunaithe ar riosca a ghlacadh chun aois a n-úsáideoirí a dheimhniú ionas gur féidir leo a chinntiú go gcuirfidh siad ceanglais na mBunphrionsabal sin i bhfeidhm ar phróiseáil sonraí pearsanta a n-úsáideoirí linbh. Tá an cur chuige sin comhsheasmhach¹² leis an gcur chuige atá glactha ag an ICO ina Chód Leanaí (an Cód um Dhearadh Aoisoiriúnach¹³). Breithnítear ceistanna faoi dheimhniú aois in Roinn 6.

1.5 BEARTA ATÁ MOLTA CHUN TACÚ LE COMHLÍONADH NA MBUNPHRIONSABAL

Tá na Bunphrionsabail ceaptha chun cuidiú le heagraíochtaí a phróiseálann sonraí leanaí, trí shoiléireacht a thabhairt ar na prionsabail a thagann as na hoibleagáidí ardleibhéil faoin GDPR, a bhfuil an DPC ag súil go gclóifidh na heagraíochtaí sin leo. Leag an DPC roinnt beart amach a thacóidh le heagraíochtaí tacaíochta leis na céimeanna praiticiúla is gá a dhéanamh chun cloí leis na Bunphrionsabail seo agus cuidiú leo a thaispeáint go bhfuil ardleibhéil chosanta á gcur chun feidhme acu faoin GDPR i bpróiseáil sonraí pearsanta leanaí. **Tá na bearta sin leagtha amach go mion in Roinn 7.2** agus clúdaítear iontu raon ceistanna maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú lena n-áirítear gnéithe agus socruithe réamhshocráithe, trédhearcacht, rialú agus próifíliú, rialuithe úsáideoirí, maoirseacht/ idirghabháil tuismitheora, bearta slándála agus teicnící feabhsaithe príobháideachta.





Tírdhreach ceart leanaí



2.1 AN CÚLRA DLÍTHIÚIL

Chomh maith leis na cearta um chosaint sonraí agus na cosaintí do leanaí atá leagtha amach sa GDPR, tá sé tábhachtach go dtuigfear an cúlra dlíthiúil maidir le cearta leanaí a chuireann bonn eolais faoin dóigh a ndéanann rialálaithe, agus ar deireadh na cúirteanna ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal AE, na cearta agus oibleagáidí dlíthiúla a bhaineann le próiseáil sonraí leanaí faoin GDPR a léirmhíniú.

Seachas an chosaint bhunreachtúil maidir le cearta leanaí in Éirinn¹⁴, ar an leibhéal Eorpach, tá roinnt ionstraimí dlíthiúla ann lena mbunaítear cearta an linbh, lena n-áirítear Coinbhinsiún Chomhairle hEorpa 1996 maidir le feidhmiú chearta an linbh¹⁵ agus Rún 2008 Pharlaimint na hEorpa dar teideal “I dTreo Straitéis AE ar chearta an linbh”¹⁶. Mar sin féin, is é an phríomhfhoinsé, ar an leibhéal idirnáisiúnta, le haghaidh cearta dlíthiúla do leanaí Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 1989 maidir le Cearta an Linbh¹⁷ (UNCRC), arbh é an coinbhinsiún is daingnithe riamh¹⁸. I ndiaidh an UNCRC a dhaingniú in 1992, tá oibleagáid ar Éirinn faoin dlí idirnáisiúnta cearta an linbh a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa UNCRC.

I gcomhthéacs leanaí agus cosaint sonraí, cuimsítear i gcuid de na cearta is ábhartha faoin UNCRC:

- Airteagal 1 lena sainítear leanbh mar dhuine ar bith faoi bhun 18 mbliana d’aois (mura bhfuil an lán-aois níos ísle ná an dlí is infheidhme) agus gach duine dá leithéid i dteideal na gceart sa UNCRC;
- Airteagal 3 lena gceanglaítear nach mór tús áite a thabhairt do leas an linbh i ngach gníomhaíocht, poiblí agus príobháideach araon, i ndáil le leanaí agus gur cheart an cúram agus cosaint ar fad is gá a chinntiú lena bhfolláine a chosaint;
- Airteagal 5 lena n-aithnítear nach mór go mbeidh freagrachtaí, cearta agus dualgais tuismitheoirí agus caomhnóirí dlíthiúla treoir a chur ar fáil i bhfeidhmiú chearta an linbh faoin UNCRC comhsheasmhach le cumais fhorbartha an linbh (i.e. cumas forbarthach an linbh);
- Airteagal 8 lena n-aithnítear ceart an linbh chun céannachta agus nach mór gach gné den chéannacht a chosaint agus a chaomhnú;
- Airteagal 12 lena gceanglaítear go bhfuil an ceart ag gach leanbh atá ábalta a thuairimí nó a tuairimí féin a chruthú na tuairimí sin a chur in iúl faoi shaoirse i ngach ábhar a bhaineann leo agus go dtabharfar an seasamh cuí do na tuairimí sin de réir aois agus aibíocht an linbh;
- Airteagal 13 lena foráiltear go bhfuil an ceart chun saoirse ag an leanbh chun tuairimí a nochtadh lena n-áirítear an ceart faisnéis agus smaointe de gach cineál a lorg, a fháil agus a roinnt;
- Airteagal 14 lena ráthaítear meas ar shaoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus creidimh an linbh;
- Airteagal 16 lena dtugtar ceart an linbh chun príobháideachta, teaghlaigh agus comhfhreagrais, a athluann Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach maidir le Cearta an Duine¹⁹;
- Airteagal 17 lena n-aithnítear ceart an linbh chun faisnéis a rochtain ó na meáin, ó fhoinsí éagsúla agus gur cheart an leanbh a chosaint ar ábhair a bhféadfadh dochar a dhéanamh dóibh;
- Airteagal 31 lena n-aithnítear go bhfuil an ceart ag gach leanbh a scíth a ligean, súgradh agus páirt a ghlacadh i réimse leathan gníomhaíochtaí; agus
- Airteagal 32 lena gcosnaítear cearta an linbh ar dhúshaothrú eacnamaíoch, i measc nithe eile.

2.2 LEAS AN LINBH

D'aithint Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine cineál ceangailteach an UNCRC, agus dhearbhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gurb é *príomhacht leas an linbh* (an príonsabal ó Airteagal 3 den UNCRC) an prisma trínar gcaithfear forálacha dhlí AE a léamh.²⁰

Ar leithligh, ar leibhéal AE, déantar foráil in Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, i measc rudaí eile, i leith cearta an linbh a chosaint.²¹ Lena chois sin, aithnítear go sonrach le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais²² (an Chairt), ag Airteagal 24, cearta leanaí go gcuirfí a dtuairimí ar chúrsaí a bhaineann leo san áireamh i gcomhréir lena n-aois agus lean n-aibíocht agus go dtabharfaidh gach údarás poiblí agus institiúid phríobháideach tús áite do leas an linbh. Sonraítear go soiléir sa Chairt, ina Míniúcháin²³, go bhfuil an tAirteagal sin bunaithe ar an UNCRC.

Shonraigh Coiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh²⁴ (Coiste na Náisiún Aontaithe)²⁵ gur cheart tosú le cad é rud é leas an linbh a chinneadh le measúnú ar chúinsí sonracha uathúla an linbh, agus gur cheart na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh agus leas an linbh á mheasúnú:

- Dearcthaí an linbh
- Céannacht an linbh
- Caomhnú thimpeallacht an teaghlaigh agus caidreamh a choinneáil
- Cúram, cosaint agus sábháilteacht an linbh
- Cás leochaileachta
- Ceart an linbh chun sláinte
- Ceart an linbh chun oideachais

Nuair a bhaineann sé le gnéithe éagsúla sa mheasúnú ar leas an linbh a chothromú, measann Coiste na Náisiún Aontaithe go bhféadfadh cásanna a bheith ann nach mór measúnú a dhéanamh ar na tosca “cosanta” lena gceanglaítear srianadh chearta an linbh i gcoinne “chumhachtú” an linbh (e.g. feidhmiú iomlán an linbh gan srian). I gcásanna dá leithéid, is é seasamh Choiste na Náisiún Aontaithe gur cheart aois agus cumas forbartha an linbh a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal áitiúcháin an linbh.

Is díol suntais é go ndearna réamhtheachtaí an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí (EDPB²⁶), Meitheal Airteagal 29, iniúchadh ar choincheap leas an linbh, ina Thuairim 2009²⁷ ina leagtar béim ar “nach mór meas a bheith ag gach eintiteas, poiblí nó príobháideach, *a dhéanann cinntí i ndáil le leanaí ar an bprionsabal*” [béim curtha leis]. Is rud suntasach é chomh maith go leagtar béim i Réamhaithris 2 den GDPR, cén nach mbaineann sé go sonrach ina feidhm maidir le leanaí, ar go bhfuil an GDPR beartaithe le cur le folláine daoine nádúrtha.

Dá réir sin, is léir go bhfuil an oibleagáid a thagann as an dlí idirnáisiúnta agus as dlí AE feidhmiú ar mhaithe leis an leanbh ríthábhachtach agus seasamh leanaí mar ábhair shonraí á bhreithniú agus i gcomhthéacs ar bith ina ndéanann eagraíocht cinntí i ndáil le sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil.

Chomh maith leis sin, luann an DPC gur fhoilsigh Coiste na Náisiún Aontaithe Ráiteas Ginearálta Uimh. 25 maidir le Cearta an Linbh i nDáil leis an Saol Digiteach²⁸, ina gcuirtear in iúl go sainráite go bhfuil feidhm ag cearta leanaí faoin UNCRC sa timpeallacht dhigiteach. Cuireadh anailís údarásach ar fáil sa Ráiteas Ginearálta faoi mar a bhaineann an UNCRC leis an timpeallacht dhigiteach, agus luaitear “Ba chóir do pháirtithe stáit a

chinntiú, i ngach gníomh, maidir leis an timpeallacht dhigiteach a sholáthar, a rialú, a leagan amach, a bhainistiú agus a úsáid, go dtabharfar tús áite do leas gach linbh”.

Ba chóir a lua nach bhfuil aon ordlathas i gceist le cearta leanaí faoin UNCRC, agus gur chóir d’eagraíochtaí cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh maidir leis an bprionsabal um chearta leanaí a chur i bhfeidhm. Shoiléirigh Coiste na Náisiún Aontaithe go bhfuil an prionsabal leasa “dírithe ar chinnte a dhéanamh de go mbainfear leas iomlán agus éifeachtach as na cearta *ar fad* a aithnítear sa Choinbhinsiún agus dírithe ar fhorbairt iomlánaíoch an linbh araon”²⁹ (béim curtha leis). Tá sé de fhreagracht ar eagraíochtaí measúnú a dhéanamh ar chearta agus staid leanaí is ábhar sonraí ní hamhain trí phríosma an GDPR ach an UNCRC agus an phrionsabail leasa d’fhonn a chinntiú go gcuirtear an “cosaint ar leith” a éilítear faoin GDPR nuair atá eagraíocht i mbun sonraí pearsanta linbh i bhfeidhm go hiomlán agus gur féidir leis an eagraíocht léiriú a thabhairt ar an mbealach inar tugadh éifeacht don phrionsabal leasa i bhfianaise na rioscaí a bhaineann leis na hoibríochtaí próiseála atá i gceist.

I Ráiteas Ginearálta Uimh.5 um bearta ginearálta maidir leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh³⁰ a chur i bhfeidhm, leagann Coiste na Náisiún Aontaithe amach go han-soiléir go leagtar síos cearta dlí substainteacha sa UNCRC, ach go bhfuil ceithre phrionsabal léirmhínteacha barrthábhachtacha a bhunaítear faoin UNCRC a bhfuil feidhm acu maidir le gach ceart substainteach, agus is iad sin: (1) an oibleagáid atá ar Stáit cloí leis na cearta a leagtar amach sa UNCRC, agus iad a chinntiú, do gach aon leanbh laistigh dá ndlínse gan idirdhealú de chineál ar bith (Airteagal 2), (2) tús áite a thabhairt do leas an linbh i ngach gníomh a bhaineann le leanaí (Airteagal 3 (1)), (3) ceart bunúsach an linbh chun na beatha agus an oibleagáid atá ar pháirtithe Stáit marthanas agus forbairt an linbh a chinntiú dá mhéad agus is féidir, agus (4) ceart an linbh a dhearcthaí/dearcthaí a chur in iúl faoi shaoirse i “ngach ábhar a bhaineann leis an leanbh”, agus béim chuí á leagan ar na dearcthaí sin (Airteagal 12). Ciallaíonn sé sin nach amháin go bhfuil an prionsabal leasa ina cheart substainteach, ach go bhfuil sé ina phrionsabal bunúsach dlí léirmhínteach faoin dlí idirnáisiúnta.

I gcás ina measann eagraíochtaí go bhfuil teannas idir cearta an linbh faoin GDPR, agus cearta substainteacha ar leith atá bunaithe ar an UNCRC, ní mór go mbeadh an eagraíocht in ann a léiriú, sna cúinsí ar fad, go bhfuil an cur chuige a glacadh i leith na próiseála atá ina cúis leis an teannas is inbhraite ina léiriú ar an measúnú agus an anailís a rinneadh ar an leas. In go leor cásanna, beidh sé riachtanach é seo bheith bunaithe ar ionchur ó shaineolaithe agus ar chur chuige fianaisebhunaithe.

2.3 CEARTA AGUS COSAINT DO LEANAÍ SA GDPR

Baineann an GDPR le hábhair shonraí a chumhachtú agus smacht a thabhairt dóibh ar a sonraí pearsanta, lena n-áirítear trína gcearta um chosaint sonraí, agus ní eisceacht ar bith leanaí maidir leis sin. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhféachtar, mar an gcéanna, leis an GDPR, cé go gceanglaítear cosaintí breise do leanaí, le cearta ar bith atá ar fáil d’ábhair shonraí (duine fásta) a bhaint de leanaí mar atá léirithe sa sampla thuas ar an “gceart go ndéanfaí ligean i ndearmad.”

Ceanglaítear leis an GDPR ar eagraíochtaí caighdeáin níos airde cosanta a chur chun feidhme agus sonraí pearsanta leanaí á bpróiseáil (amhail an ceanglas in Airteagal 12.1 gur cheart do rialaitheoirí bearta cuí trédhearcachta a ghlacadh agus faisnéis maidir le próiseáil á soláthar do leanbh, na tagairtí faoi leith do leanaí in Airteagal 17 maidir le scriosadh nó an “ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad”, agus na táscairí i Réamhaithris 71 nár cheart leanaí a chur faoi réir próifíliú nó cinnteoireacht uathoibrithe). Léiríonn na cineálacha breise oibleagáidí sin ar eagraíochtaí cur chuige uileghabhálach an GDPR i leith sonraí pearsanta leanaí – a fhaightear i Réamhaithris 38 – arb é **go bhfuil cosaint ar leith dlite do leanaí i dtaca lena sonraí pearsanta toisc go bhféadfar nach bhfuil siad chomh heolach sin (i.e. mar gheall ar a n-aois, a n-aibíocht agus a gcumas**

forbartha) ar na rioscaí, na hiarmhairtí agus na coimircí lena mbaineann ná ar a gcearta féin i ndáil lena sonraí pearsanta a phróiseáil.

Ar leithligh, ordaítear i Réamhaithris 38 chomh maith nár cheart cosc ar chur leis na rialacha maidir leis an aois toilithe dhigitigh ar leanaí rochtain a fháil ar chomhairleoireacht ar líne nó ar sheirbhísí coisctheacha, rud a chiallaíonn nár cheart cosc a chur ar leanaí faoi bhun 16 in Éirinn maidir le rochtain dá leithéid. Idir an dá linn tá sé soiléir i Réamhaithris 58 gur cheart an fhaisnéis agus na hacmhainní a thabhairt do leanaí chun tuiscint a fháil ar an dóigh agus ar an bhfáth a ndéantar a sonraí pearsanta a phróiseáil³¹. Tá an prionsabal gur cheart go mbeadh smacht ag leanaí ar a sonraí pearsanta follasach chomh maith i Réamhaithris 65 maidir leis an gceart um scríosadh agus an “ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad”. Sa réamhaithris sin déantar machnamh ar chás gur thug leanbh a thoiliú nó a toiliú do phróiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta, mar shampla trína bpostáil ar líne, gan é nó í bheith ar an eolas go hiomlán faoi na rioscaí, agus gur mian leis nó léi na sonraí pearsanta a scríosadh ón idirlíon níos déanaí.

Bíonn míthuiscint ghinearálta ann de ghnáth nach bhfuil na cearta céanna maidir le cosaint sonraí ag leanaí agus atá ag daoine fásta, ach ní amhlaidh an cás. Tá na cearta céanna ag leanaí is atá ag daoine fásta maidir lena sonraí pearsanta – is a sonraí pearsanta *féin* iad fós agus ní le duine ar bith eile iad, amhail tuismitheoir nó caomhnóir. Mar réamhtheachtaí an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí, shonraigh Meitheal Airteagal 29 ina Thuairim 2009 maidir le sonraí pearsanta leanaí a chosaint:

“Is duine daonna é leanbh de réir bhrí iomlán an fhocail. Chun na críocha sin, ní mór do leanbh leas a bhaint as cearta uile duine fásta, lena n-áirítear an ceart chun a sonraí pearsanta a chosaint³².”

Mar a luadh thuas, tá an fheidhm chéanna ag na cearta cosanta sonraí a bhaineann le hábhair sonraí duine fásta faoin GDPR agus atá ag leanaí. Go ríthábhachtach, ní chailleann leanaí na cearta sin mar gheall go díreach gurb é toiliú an bonn dlíthiúil a mbraitear air agus gur thug/údaraigh sealbhóir na freagrachta tuismitheora an toiliú sin faoi Airteagal 8 den GDPR (i.e. i gcás go bhfuil an leanbh faoi bhun na haoise toilithe agus go mbaineann an phróiseáil lena mbaineann le seirbhís ar líne³³ – féach Roinn 6).

Is ionann comhthoradh na n-oibleagáidí a bhfuil feidhm acu maidir le heagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta (i.e. rialaitheoirí sonraí) (mar shampla, bonn dlíthiúil a bheith ann faoi Airteagal 6 maidir le prionsabail, nó an phróiseáil a chur i gcrích i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal 5) go bhfuil na hábhair sonraí i dteideal go ndéanfaí a sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha amach sa GDPR. Mar sin féin, tá roinnt cearta sonracha ann a bhféadfaidh ábhair sonraí iad a fheidhmiú go díreach i gcoinne na heagraíochta a bhfuil a sonraí pearsanta á bpróiseáil aici, faoi mar a leanas:

- An ceart faisnéis thábhachtach áirithe faoi phróiseáil sonraí pearsanta an duine aonair a fháil, lena n-áirítear cé aige atá sí agus cén fáth a bhfuil sí á próiseáil (**trédhearcacht**);
- An ceart chun rochtana agus cóip de na sonraí pearsanta a fháil (**rochtain**);
- An ceart go gceartófaí sonraí pearsanta míchruinne nó neamhiomláine (**ceartú**);
- An ceart go scríosfaí sonraí pearsanta (**scríosadh – ar a dtugtar an “ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad”**);
- An ceart sonraí pearsanta a fháil ón rialaitheoir sonraí pearsanta agus na sonraí sin a aistriú go rialaitheoir eile (**inaistritheacht sonraí**);
- An ceart go ndéanfaí na sonraí pearsanta a úsáidfear a theorannú nó a shrianadh (**srianadh ar phróiseáil**);
- An ceart agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil na sonraí pearsanta (**agóid**); agus

- An ceart gan bheith faoi réir cinntí uathobrithe a bhfuil éifeacht dlí/suntasach ag baint leo agus a dhéantar gan bainteacht daoine (**saoirse ó chinnteoireacht uathobrithe**)

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil na cearta sin absalóideach, agus go bhfuil siad ar fad faoi réir líon teorainneacha agus srianta sonracha. Lena chois sin, tá cearta áirithe i bhfeidhm maidir le gach gníomhaíocht um phróiseáil, amhail an ceart chun faisnéise nó chun rochtain ar shonraí pearsanta, agus tá cearta eile nach mbaineann ach le cúinsí áirithe, amhail na cearta maidir le scriosadh, srianadh, inaistritheacht, agus agóid.³⁴ Leagtar amach sa GDPR agus san Acht um Chosaint Sonraí 2018 na teorainneacha agus na srianta maidir le ceart um chosaint sonraí.

2.4 BOINN DHLÍTHIÚLA MAIDIR LE SONRAÍ PEARSANTA LEANAÍ A PHRÓISEÁIL

Faoin GDPR, tá oibleagáid ar eagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta (i.e. rialaitheoirí sonraí) é sin a dhéanamh go dleathach (i measc nithe eile). Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh siad bonn dlíthiúil a bheith acu, i bhfocail eile, údar dlíthiúil faoin GDPR, le haghaidh sonraí pearsanta a phróiseáil beag beann ar cé acu an le leanbh nó le duine fásta iad³⁵.

Le hAirteagal 6 den GDPR leagtar amach na sé bhonn dhlíthiúla fhéideartha le haghaidh próiseáil sonraí pearsanta. Is iad sin toiliú an ábhair sonraí nó, mar mhalairt air sin, i gcás go bhfuil gá leis an bpróiseáil maidir le ceann ar bith de na cuspóirí thíos:

- Feidhmiú conartha nó bearta a dhéanamh chun dul isteach i gconradh
- Oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh
- Leasanna ríthábhachtacha ábhair sonraí nó duine éigin eile a chosaint
- Feidhmiú sainchúraim a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó trí údarás oifigiúil
- Leasanna dlisteanacha an rialaitheora sonraí nó páirtí eile (i gceist nach sáraíonn leasanna nó cearta agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí na leasanna sin).

Féadfaidh rialaitheoirí sonraí brath ar cheann ar bith de na boinn dhlíthiúla thuasluaite maidir le sonraí pearsanta ábhair sonraí a phróiseáil ar an gcoinníoll go dtagann an phróiseáil laistigh de raon feidhme an bhoinn dhlíthiúil ábhartha mar is ceart. Cé go mbíonn míthuiscint ann corrúair gurb é toiliú an t-aon bhonn dlíthiúil atá ann maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil, nó gur cheart tús áite a thabhairt dó thar na boinn dhlíthiúla eile, ní amhlaidh an cás agus tá gach bonn dlíthiúil ionann le chéile faoin GDPR. Mar sin féin, tá sé tábhachtach á chur san áireamh go gceanglaítear, faoi mar a phléitear thíos, le boinn dhlíthiúla áirithe ar eagraíochtaí gnéithe breise a chomhlíonadh i gcás gur leanaí iad na hábhair sonraí, chun brath go dleathach orthu.

TOILIÚ – AIRTEAGAL 6(1)(a)

Faoi Airteagal 6(1)(a) den GDPR, tá próiseáil dleathach (i.e. tá bonn dlíthiúil léi) má *“thug an t-ábhar sonraí toiliú le próiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta le haghaidh cuspóir amháin nó níos mó”*. Ní mór go dtabharfar an toiliú sin **faoi shaoirse, go mbeidh sé sonrach, eolasach agus gan athbhrí**, agus go dtabharfar é trí bhíthin ráiteas soiléir nó gníomh deimhneach. Ní mór gur féidir an toiliú sin a idirdhealú ó chúrsaí eile agus **go bhféadfaí é a aistarraingt ag am ar bith**. I gcomhthéacs fíorshaoil, as líne, is féidir le leanaí, go teoiriciúil, faoi réir an cumas a bheith acu agus go bhfuil sé ar mhaithe leo féin é a dhéanamh iad féin (seachas a dtuismitheoir/caomhnóir é a dhéanamh),



toiliú a thabhairt maidir le próiseáil a sonraí pearsanta féin ag aois ar bith. Mar sin féin, ba cheart d'eagraíochtaí a chinntiú i gcás go mbraitheann siad ar thoiliú linbh lena shonraí pearsanta nó lena sonraí pearsanta a phróiseáil, go dtabharfar fíor-rogha don leanbh faoin dóigh a ndéanfar a sonraí pearsanta a úsáid agus go mbeidh an cumas acu toiliú *eolasach* a chur ar fáil, e.g. cad é go díreach a bhfuil toiliú á thabhairt ina leith a thuiscint. Más praiticiúil, soláthraítear tuiscint mhaith le measúnú ar chumas chomh maith le haois, ar an gcumas ag ar dócha go mbeadh leanbh ábalta éileamh nó staid a thuiscint, nó ag aois i gcás go bhfuil an méid atá á éileamh thar a gcumas. Déantar tuilleadh plé ar an tsaincheist maidir le cumas ag Roinn 4.2 thíos.

Ba cheart do rialaitheoirí sonraí éagothroime cumhachta ar bith a chur san áireamh a d'fhéadfadh a bheith ina gcaidreamh leis an leanbh, agus ní mór dóibh breathnú ar cé acu an meastar go bhfuil an toiliú atá á thabhairt ag an leanbh á thabhairt “faoi shaoirse” i ndáiríre.

I gcomhthéacs ar líne, tá srianta speisialta i bhfeidhm i gcás go bhfuil eagraíochtaí a sholáthraíonn “*seirbhísí na sochaí faisnéise*” (i.e. soláthraithe seirbhísí ar líne) ag próiseáil sonraí pearsanta. In Airteagal 8 den GDPR (ar a dtugtar an “aois toilithe dhigitigh” go coitianta) i gcomhcheangal leis an dlí náisiúnta (Acht 2018 in Éirinn), leagtar amach na teorainneacha maidir leis an aois íosta (16 bliana in Éirinn faoi láthair) ar féidir le soláthraithe seirbhíse ar líne brath ar thoiliú an linbh féin ag chun a sonraí pearsanta a phróiseáil. Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir leis an aois toilithe dhigitigh agus na srianta atá i bhfeidhm maidir le bheith ag brath ar thoiliú i gcomhthéacs ar líne, féach Roinn 5, le do thoil.

GÁ CONARTHACH – AIRTEAGAL 6(1)(b)

Faoi Airteagal 6(1)(b) den GDPR, tá próiseáil dleathach (i.e. tá bonn dlíthiúil léi) i gcás “*go bhfuil gá leis an bpróiseáil chun Conradh a fheidhmiú ina bhfuil an t-ábhar sonraí ina pháirtí nó chun bearta a dhéanamh ar iarratas ón ábhar sonraí roimh dul isteach i gconradh*”. Beidh an bonn dlíthiúil sin i bhfeidhm i gcás go bhfuil fórchaidreamh conarthach nó caidreamh conarthach beartaithe idir an t-ábhar sonraí agus an eagraíocht. I gcomhthéacs sonraí pearsanta linbh a phróiseáil, ní mór go gcuirfeadh eagraíocht srianta aoise agus rialacha sonracha a bhaineann le cumas san áireamh a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm faoi dhlíthe náisiúnta i ndáil leis an gcumas dul isteach i gconradh³⁶ agus inniúlacht linbh chun ar a bhfuil siad ag aontú dó a thuiscint. In Éirinn, tá a ndlí i ndáil le conarthaí le daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois casta agus is é an riail ghinearálta go bhfuil, de réir an dlí choitinn go bhfuil Conradh dá leithéid in-neamhnithe faoi réir eisceachtaí áirithe³⁷ (e.g. coincheap “chonarthaí na mbunriachtanas”³⁸ agus conarthaí seirbhíse a mheastar go mbeidh siad tairbhiúil don duine faoin bhun 18 mbliana d'aois³⁹). Agus an chastacht, na miondifríochtaí agus cineál seanchaite na ngnéithe sa réimse sin de dhlí na gconarthaí in Éirinn á gcur san áireamh, ba cheart d'eagraíochtaí a bhfuil sé beartaithe acu brath ar Airteagal 6(1)(b) mar bhonn dlíthiúil machnamh cúramach a dhéanamh ar cé acu, i ngach cúinse, an bonn dlíthiúil cuí é nó nach é maidir le sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil.

OIBLEAGÁID DHLÍTHIÚIL A CHOMHLÍONADH – AIRTEAGAL 6(1)(c)

Faoi Airteagal 6(1)(c) den GDPR, tá próiseáil dleathach i gcás “*go bhfuil gá léi chun oibleagáid dhlíthiúil dá bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh*”. Féadfaidh eagraíochtaí brath ar Airteagal 6(1)(c) i gcás go bhfuil sé d'oibleagáid orthu sonraí pearsanta a phróiseáil chun oibleagáid a thagann chun cinn faoi reachtaíocht AE nó faoi reachtaíocht na hÉireann a chomhlíonadh. D'fhonn brath ar an mbonn dlíthiúil sin, caithfidh eagraíocht bheith ábalta an oibleagáid dhlíthiúil shonrach a aithint agus an fáth a bhfuil sé riachtanach dóibh chun na sonraí pearsanta atá i gceist a phróiseáil

chun cloí leis an oibleagáid sin a thaispeáint. Cé go mbeidh an tairseach chéanna maidir le brath ar an mbonn dlíthiúil sin i bhfeidhm go ginearálta beag beann ar cé acu an bhfuil eagraíocht ag próiseáil sonraí pearsanta daoine fásta nó leanaí, d'fhéadfadh sé go mbeadh oibleagáidí dlíthiúla sonracha ann lena dteastóidh sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil, mar shampla i gcomhthéacs um thuairisciú leasa/ cosanta/ coimirce linbh. Tá sé ríthábhachtach go leagfaí béim ar nach bhfuil na rialacha um chosaint sonraí sa GDPR agus in Acht 2018 (beag beann an bhfuil sonraí pearsanta leanaí nó daoine fásta i gceist in aon chás faoi leith) ina mbac ar choimirce, agus gur “ar mhaithe leis” an leanbh atá sé go ndéanfaí iad a chosaint ar fhoréigean, ar mhí-úsáid nó ar bhac / rialú ag páirtí ar bith.

LEAS RÍTHÁBHACHTACH – AIRTEAGAL 6(1)(d)

Faoi Airteagal 6(1)(d) den GDPR, tá próiseáil dleathach i gcás *“go bhfuil gá léi chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair shonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint”*. Beidh an bonn dlíthiúil sin i bhfeidhm i gcás go bhfuil gá le próiseáil na sonraí pearsanta chun beatha duine a shábháil nó chun riosca/ bagairt/ dochar/ contúirt don ábhar sonraí nó don tríú páirtí a mhaolú. Ag cur san áireamh go sainaithnítear sa GDPR go bhfuil leanaí níos leochailí ná daoine fásta⁴⁰, beidh an tairseach maidir leis an mbonn dlíthiúil sin a chomhlíonadh níos ísle go nuair a bhaineann sé le sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil mar gheall go bhféadfadh an méid a meastar go bhfuil gá leis chun leasanna ríthábhachtacha leanaí a chosaint difriúil (i.e. faoi réir tairseach níos ísle) leis an méid a meastar go bhfuil gá leis chun leasanna ríthábhachtacha duine fásta a chosaint.

Braitear go minic ar an mbonn dlíthiúil sin mar an bonn dlíthiúil le haghaidh próiseála chun críocha bearta cosanta leanaí agus bearta leasa leanaí. Tá tráchtanna an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, i gcomhthéacs Airteagal 6.1(c) maidir le bearta a bhaineann le coimirce chomh ábhartha céanna i ndáil leis an mbonn dlíthiúil sin. Lena chois sin, agus mar phointe ginearálta suntasach maidir leis an gceist sin, **is é seasamh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí gur cheart tús áite a thabhairt do bhearta cosanta/leasa leanaí thar bhreithnithe cosanta sonraí a bhaineann le duine aonair. Níor cheart an GDPR, agus cosaint sonraí go ginearálta, a úsáid mar leithscéal, mar bhac nó mar bhacainn ar fhaisnéis a roinnt i gcás go bhfuil gá leis sin a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha linbh nó leanaí a chosaint.**

CÚRAM OIFIGIÚIL NÓ POIBLÍ A FHEIDHMIÚ – AIRTEAGAL 6(1)(e)


Faoi Airteagal 6(1)(e) den GDPR, tá próiseáil dleathach i gcás *“go bhfuil gá léi le haghaidh cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir.”* Ba cheart an bonn dlíthiúil sin a léamh i gcomhar le hAlt 38 agus 39 d'Acht 2018. Déanfar é a fhorchoimeád go ginearálta d'eagraíochtaí na hearnála poiblí (nó eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar a son) nó eagraíochtaí a fheidhmíonn feidhm dlí poiblí nó feidhm reachtúil. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí go mbeadh feidhmeanna sonracha ann a gcaithfidh eagraíochtaí atá gafa ag an mbonn dlíthiúil sin iad a fheidhmiú, lena n-éilítear próiseáil sonraí pearsanta leanaí e.g. i ndáil le sláinte, cúram sóisialta nó oideachas. Mar phointe suntasach faoi leith i ndáil le próiseáil a chur i gcrích le haghaidh cúraimí oifigiúla nó poiblí dá leithéid, is é seasamh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí nach mór d'eagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta faoin mbonn dlíthiúil sin cloí leis na Bunphrionsabail seo, seachas má éilíonn an leas poiblí agus/ nó leas an linbh a mhalairt agus gur féidir leis an eagraíocht an fáth/ an dóigh arb é sin an cás a thaispeáint.

LEASANNA DLISTEANACHA – AIRTEAGAL 6(1)(f)

Faoi Airteagal 6(1)(f) den GDPR, “*is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag na leasanna sin ar leasanna nó ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí bunúsacha an ábhair shonraí, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, **go háirithe más leanbh é an t-ábhar sonraí**” [béim curtha leis]. Is é an coinníoll lárnach le haghaidh spleáchais ar an mbonn dlíthiúil sin nach sáróidh leasanna, cearta, agus/nó saoirsí bunúsacha an ábhair shonraí na leasanna dlisteanacha a bhfuil an eagraíocht (nó an tríú páirtí) ag féachaint leo. Ciallaíonn sé sin nach mór don eagraíocht cleachtadh cothromaíochta a dhéanamh agus measúnú á dhéanamh aici ar ar cheart sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil nó nár cheart. Is éard atá i gceist le tástáil chothromaíochta (1) leasanna dlisteanacha an rialaitheora nó duine/ eagraíochta eile a lorgaítear a shainaithint, (2) an fáth/ dóigh a bhfuil próiseáil ina bhealach **riachtanach** agus **comhréireach** chun na leasanna dlisteanacha a fháil a thaispeáint, agus (3) na leasanna dlisteanacha sin a chothromú i gcoinne leasanna nó cearta agus saoirsí bunúsacha linbh.*

Measann an DPC, i bhfianaise an phrionsabail sa dlí idirnáisiúnta agus i ndlí AE a pléitear i Roinn 2.2, gur cheart go mbeadh leas an linbh ar an rud is tábhachtaí i gcinnteoireacht ar bith maidir le próiseáil sonraí leanaí, cé acu an ndéanann earnáil phríobháideach nó eagraíocht na hearnála príobháidí í. Go sonrach, ciallaíonn sé sin **gur cheart tús áite a thabhairt i gcónaí do leasanna agus/ nó cearta agus saoirsí bunúsacha ábhar sonraí linbh thar chearta agus leasanna eagraíochta a bhfuil sonraí pearsanta leanaí á bpróiseáil acu chun críocha tráchtála**. Cé go n-éascaítear leibhéal comhréireach áirithe baic ar shaoirsí ábhar sonraí i dtéarmaí ginearálta le bonn dlíthiúil na leasanna dlisteanacha, ní mór an tástáil chothromaíochta atá sa bhonn dlíthiúil seo a athchlabrú i gcás gur leanaí iad na hábhair shonraí. **Ciallaíonn sé sin nach mór d’eagraíochtaí a phróiseálann sonraí leanaí a bhraitheann ar an mbonn dlíthiúil sin a chinntiú nach gcuirfear bac le leasanna dlisteanacha a bhféachtar leo ar leas an linbh, nach dtiocfaidh siad salach air nó nach mbeidh tionchar diúltach acu air, ar aon leibhéal**. I gcúinsí ina bhfuil aon leibhéal baic ar leas an linbh, ní bheidh an bonn dlíthiúil ar fáil le haghaidh próiseáil sonraí pearsanta leanaí. I dtéarmaí praiticiúla, ciallaíonn sé sin nach mór d’eagraíochtaí scrúdú cúramach a dhéanamh ar a n-oibríochtaí próiseála de réir an cháis maidir leis na coinníollacha sin.

Mar a fheicfear ó Roinn 6, measann an DPC go bhfuil cineálacha éagsúla oibríochtaí próiseála sonraí ann ina gcuimsítear gníomhaíochtaí próifílithe agus fógraíochta spriocdhírthe/ iompair nach sásóidh (faoi réir eisceahtá teoranta áirithe) an prionsabal seo maidir le **nialas baic ar leas** linbh.



Trédhearcacht agus leanaí



Ceanglaítear leis an GDPR gur cheart príomhphíosaí faisnéise áirithe a thabhairt do dhaoine aonair maidir le húsáid a sonraí pearsanta ag eagraíochtaí **agus nach mór an fhaisnéis sin a sholáthar i bhfoirm ghonta, thrédhearcach, intuigthe agus a bheith inrochtana go héasca, ag baint úsáid as teanga shoiléir agus shimplí. Teastaíonn soiléireacht na faisnéise sin go háirithe nuair a bheidh sí á tabhairt do leanbh.** Tá bunús na hoibleagáide maidir le trédhearcacht leagtha amach in Airteagal 12 den GDPR:

Airteagal 12: Déanfaidh an rialaitheoir na bearta is iomchuí chun aon fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 13 agus in Airteagal 14 agus aon chumarsáid faoi Airteagal 15 go hAirteagal 22 agus faoi Airteagal 34 a bhaineann le próiseáil na sonraí pearsanta, a sholáthar don ábhar sonraí i bhfoirm atá gonta, thrédhearcach, intuigthe agus a bhfuil rochtain éasca uirthi, a mbaintear feidhm inti as teanga shoiléir agus as gnáthfhríotal, go háirithe maidir le haon fhaisnéis atá dírithe go sonrach ar leanbh [béim curtha leis].

Ní mór an fhaisnéis trédhearcachta seo a sholáthar i gcás bhfuil eagraíocht a bhfuil sonraí pearsanta duine aonair á bpróiseáil aici leagtha amach in Airteagal 13 (a bhfuil feidhm aige i gcás gur bailíodh na sonraí pearsanta go díreach ón duine aonair) agus Airteagal 14 (a bhfuil feidhm aige i gcás gur bailíodh na sonraí pearsanta ó fhoinsí eile seachas an duine aonair). Áirítear ar an bhfaisnéis sin a chaithfidh an eagraíocht a sholáthar faoi na forálacha sin: aitheantas agus sonraí teagmhála na heagraíochta a bhfuil na sonraí pearsanta á mbailiú nó á n-úsáid aici; na cuspóirí agus an bonn cirt agus an bonn dlíthiúil maidir leis na sonraí pearsanta a bhailiú nó a úsáid, cé leis a bhfuil na sonraí pearsanta á gcomhroinnt; agus cad iad cearta cosanta sonraí an duine aonair.

Chuir an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí béim ar an tábhacht a bhaineann le trédhearcacht mar cheart neamhspleách do leanaí.⁴¹ **Ciallaíonn sé sin go bhfuil leanaí i dteideal faisnéis a fháil faoi phróiseáil a sonraí pearsanta féin beag beann ar an mbonn dlíthiúil a bhfuiltear ag brath air agus fiú má bhíonn cead tugtha ag tuismitheoir thar a gceann do phróiseáil a sonraí pearsanta.** Faoi mar a thagraítear thuas, tá sé soiléir in Airteagal 12 go mbaineann tábhacht faoi leith leis an gceanglas maidir le teanga shoiléir shimplí agus faisnéis á cur ar fáil do leanaí⁴²; léirítear é sin chomh maith i Réamhaithris 58, ina leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le faisnéis a thabhairt le leanaí faoi úsáid a sonraí pearsanta ar bhealach ar féidir leo é a thuiscint go héasca⁴³. Chomh maith le haoisoiriúnacht na teanga féin a chur san áireamh, d'fhéadfadh sé go dteastódh faisnéis ó leanaí i bhformáidí éagsúla agus ag amanna éagsúla i dturas an úsáideora chun an ceanglas sin a chomhlíonadh.

Réamhaithris 58: [...] Toisc go bhfuil cosaint ar leith dlite do leanaí, ba cheart aon fhaisnéis agus cumarsáid maidir le próiseáil a bhaineann le leanbh a thabhairt i dteanga shoiléir shimplí le go bhféadfaidh an leanbh í a thuiscint go héasca.

3.1 AITHNE A BHEITH AGAT AR DO LUCHT SPÉISE

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh a fhios ag eagraíocht cé iad a lucht spéise (i.e. a gcustaiméirí, a n-úsáideoirí, a léitheoirí, nó cuairteoirí ar a suíomh gréasáin nó aip, nó úsáideoirí a ngléis idirlíon na rudaí, a bhfuil a sonraí pearsanta á mbailiú agus a n-úsáid acu) **ionas gur féidir leo a bhfaisnéis trédhearcachta a shaincheapadh don inrochtaineacht agus intuigtheacht is fearr.** Agus é sin ráite, tá an oibleagáid maidir le trédhearcacht i bhfeidhm a oiread céanna i gcás ábhair shonraí duine fásta agus atá sé maidir le hábhair shonraí linbh, mar sin ní bheidh cuir chuige chasta, dhleathaíocha nó spreagadh ag béarlagair maidir le trédhearcacht a chur ar fáil d'ábhair shonraí dóthanach i gcás ar bith.

Ní sé á mholadh ag an DPC gur gá go gcaithfidh eagraíochtaí dhá shraith ar leith d'fhaisnéis trédhearcachta a chur ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí i gcás go bhfuil meascán lucht spéise d'úsáideoirí linbh agus duine fásta acu. Go deimhin, má bhíonn an fhaisnéis soiléir agus simplí go leor le gur féidir le leanbh í a thuiscint, cloífidh sé chomh maith leis an gceanglas maidir le trédhearcacht i ndáil le hábhair shonraí duine fásta. Má thagann eagraíochtaí faoi raon feidhme chur i bhfeidhm na mBunphrionsabal seo, áfach, (féach Roinn 1.3), ní mór d'eagraíochtaí measúnú a dhéanamh ar an dóigh a gcinnteofar trédhearcacht fhónta d'úsáideoirí linbh, de réir raonta aoise na n-úsáideoirí linbh. D'fhéadfadh sé go gciallódh sé sin bearta a bhaineann go sonrach le leanaí a chur chun feidhme a bhféadfadh difríocht a bheith eatarthu de réir raonta aoise na n-úsáideoirí linbh nó mar mhalairt air sin, a chinntiú, i gcás meascán lucht spéise go gcinneann eagraíocht gan ach sraith amháin faisnéise trédhearcachta a sholáthar, go mbeidh tráthúlacht sheachadadh na faisnéise sin fónta agus go mbeidh an modh (na modhanna) seachadta agus an t-ábhar soiléir agus simplí go leor do leanaí i ngrúpaí aoise éagsúla lena rochtain agus lena thuiscint.

De réir an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí, ní mór d'eagraíocht, mar rialaitheoirí sonraí, a chinntiú *"go mbeidh foclaíocht, tuin agus stíl na teanga a úsáidfear [chun faisnéis trédhearcachta a chur in iúl] oiriúnach agus go mbeidh sé ábhartha do leanaí ionas go n-aithneoidh seolaí linbh na faisnéise go bhfuil an teachtaireacht/fhaisnéis á díriú orthusan"*.

3.2 MODHANNA CHUN FAISNÉIS TRÉDHEARCACHTA A CHUR IN IÚL DO LEANAÍ

Le hAirteagal 12(1) ceanglaítear go ndéanfaidh eagraíochtaí "bearta cuí" chun faisnéis trédhearcachta a chur in iúl d'ábhair shonraí, rud a chiallaíonn go mbeidh na bearta sin éagsúil, i measc nithe eile, de réir na seirbhíse a bheidh á tairiscint. I bhfocail eile, níl réiteach ar bith atá oiriúnach do chách chun faisnéis trédhearcachta a chur in iúl do leanaí. Tá roinnt buntosca, ar a laghad ann, áfach, ar cheart d'eagraíochtaí iad a chur san áireamh agus bearta cuí trédhearcachta do leanaí á sainaithint acu, amhail an gléas a úsáidtear chun an tseirbhís a rochtain (e.g. fón cliste, ríomhaire, gléasanna nó bréagáin nasctha), cé acu an bhféadfadh sé go mbeadh modhanna neamhthéascúla cumarsáide, amhail cartúin agus físeáin, níos oiriúnaí ná modhanna téacsúla amháin, nó an bhfuil modhanna leictreonacha amhail fógraí faisnéise srathacha, fógraí ainlithe nó preabfhógraí oiriúnach⁴⁴.

ÚSÁID TEANGA SHOILÉIR SHIMPLÍ

Ba cheart d'eagraíochtaí teanga shoiléir, ghonta atá oiriúnach do leanaí a úsáid chun cad atá siad ag déanamh go beacht lena sonraí pearsanta a mhíniú do leanaí. Ní bhíonn a fhios ag leanaí go minic go n-áirítear rudaí amhail grianghraif nó físeáin díobh i sonraí pearsanta, nó go bhfuil na sonraí pearsanta sin á mbailiú ar chúiseanna sonracha, amhail eispéiris ionaípe shaincheaptha, fógraí a sholáthar, nó fiú go gcoinneofar a sonraí pearsanta ar feadh tréimhse áirithe ama⁴⁵. Ar an gcúis sin, ba cheart go mbeadh an fhaisnéis atá leagtha amach in Airteagal 13 (agus Airteagal 14 nuair is infheidhme) a chaithfear a sholáthar, a bheith i dteanga shoiléir shimplí, agus curtha in oiriúint do raonta aoise ábhartha an lucht spéise. Ba cheart go mbeadh eagraíochtaí trédhearcach agus macánta faoi cad é go díreach atá á dhéanamh acu le sonraí pearsanta leanaí agus na bealaí éagsúla ar fad ina n-úsáidfear iad a léiriú. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis sin ar fáil chomh maith in áit fhollasach atá éasca a fháil, e.g. ní i scríbhneoireacht bheag bhídeach ag bun leathanaigh ghréasáin ó scáileáin aipe. Faoi mar atá mionsonraithe i Roinn 7, ní cheart go dtaispeánfaí faisnéis ar bhealach a dtugann ar an úsáideoir glacadh léi, mar shampla, trí bheith le feiceáil mar mhír aníos nó an rogha toiliú a thabhairt a dhéanamh níos follasaí nó gan í a bheith chomh bacúil d'eispéireas an úsáideora ná an

rogha tuilleadh eolais a fháil nó toiliú a choinneáil siar. Níor cheart go gcaithfeadh leanaí an fhaisnéis sin a chuardach. Tagann cuid de na moltaí sin leis an aiseolas a fuair an DPC go díreach ó leanaí ina chomhairliúchán 2019 agus tá samplaí de na cineálacha sin tráchtanna leagtha amach ar an gcéad leathanach eile.

SMAOINIGH AR BHEARTA NEAMHTHÉACSÚLA A ÚSÁID

Ba cheart d'eagraíochtaí smaoineamh ar bhearta neamhthéacsúla a úsáid, amhail cartúin, físeáin, íomhánna, íocóin, nó cluichiú, ag brath ar raonta aoise a n-úsáideoirí, chun faisnéis faoi chosaint sonraí a chur in iúl do leanaí agus do dhaoine óga ar bhealach níos éifeachtúla, toisc go bhfuil níos mó seans ann go mbeidh na modhanna sin níos ábhartha do leanaí nó mar a bheadh bloic téacs.

Ba cheart machnamh cúramach a dhéanamh ar cad iad na modhanna ar dócha go meallfaí leanaí leo agus iad ag baint úsáid as seirbhís faoi leith, de réir aoise agus céimeanna forbartha. Spreagtar eagraíochtaí le húsáid a bhaint as formáidí atá níos infheidhme/ ábhartha don tseirbhís a thairgeann siad – mar shampla, má fheidhmíonn siad ardán comhroinnte físeán, is dócha go mbeadh físeáin ina modh níos oiriúnaí chun faisnéis trédhearcachta a chur in iúl do leanaí ná a bheadh íomhá nó píosa téacs. Má chinntear teachtaireachtaí i scríbhinn a úsáid chun faisnéis trédhearcachta a chur in iúl do leanaí, ba cheart í a chur i láthair ar bhealach mealltach trí úsáid a bhaint as, mar shampla, méideanna cló móra, liosta le hurchair atá éasca a léamh, dathanna geala, etc. agus ba cheart í a chur i láthair i mblúiríní. Ba cheart an phríomhfaisnéis um chosaint sonraí a thabhairt do leanaí roimh ré agus ba cheart d'eagraíochtaí iad a spreagadh go gníomhach le tuilleadh eolais a fháil faoin dóigh an ndéanfar a sonraí pearsanta féin a úsáid agus faoin dóigh a rachaidh sé sin i gcion orthu, mar shampla, trí bhíthin cnaipí cliceáil trí. Measann an DPC, chomh maith le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú (féach Roinn 7.2), gur cheart d'eagraíochtaí bearta cosanta príobháideachta a chur chun cinn go gníomhach i measc leanaí trína spreagadh le bheith fiosrach agus cúramach faoin úsáid a bhainfear as a gcuid sonraí pearsanta. Ba cheart cumhacht a thabhairt do leanaí chun cinntí eolasacha a dhéanamh faoi na sonraí pearsanta a roghnóidh siad go roinnfidh siad iad le heagraíocht nó go deimhin le lucht spéise níos leithne agus seirbhís eagraíochta á húsáid acu, agus ba chóir d'eagraíocht a mholadh go n-iarrfaidh siad tacaíocht nó comhairle ó thuismitheoir/ duine fásta a bhfuil muinín acu as nó aisti i gcás nach mbeadh siad cinnte faoi roghanna dá leithéid.

FAISNÉIS TRÉDHEARCACHTA A SHOLÁTHAR I RITH EISPÉIREAS AN ÚSÁIDEORA

Níor cheart gurb é ag tráth an chláraithe do sheirbhís nó ag pointe tosaigh bhailiú na sonraí pearsanta amháin a chuirfí faisnéis trédhearcachta ar fáil. Ba cheart d'eagraíochtaí smaoineamh ar mhodhanna a úsáid amhail fógraí díreach in am chun eolas a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga faoi na himpleachtaí a bhaineann lena sonraí pearsanta a roinnt ag nóiméad faoi leith ar bith, mar shampla, díreach sula ndéanfaidh siad rud éigin a phostáil nó a roinnt ar líne nó sula ndéanfaidh siad na socruithe príobháideachta réamhshocrúithe a athrú (féach Roinn 7). Mar a thagraítear thuas, ba cheart go spreagadh eagraíochtaí leanaí chomh maith (trí mhíreanna aníos nó leideanna, mar shampla) le ceist a chur ar a dtuismitheoirí/ duine a bhfuil muinín acu as nó aisti má bhíonn ceisteanna ar bith acu faoin bhfaisnéis trédhearcachta a cuireadh ina láthair.

AN MÉID A BHÍ LE RÁ AG LEANAÍ MAIDIR LE BEARTA...

"Inis dúinn a luaithe is a chláróimid le haip an dóigh a ndéanfar ár sonraí a úsáid sula gcláróimid agus sula n-aontóimid leis na téarmaí agus coinníollacha. Ba mhaith linn go mbeadh an seans againn smaoineamh air ar dtús"
(Aois 10-11)

"Ba cheart go mbeifí ábalta ceisteanna a chur ar dhuine éigin ar líne mura dtuigimid rud éigin."
(Aois 12-13)

"Déan físeán cúlailte nó gearrthóg YouTube atá spraiúil (agus cuir amadóir ar théarmaí agus ar choinníollacha lena chinntiú go léifidh tú iad)."
(Aois 12-13)

"Bris an fhaisnéis síos ina pointí urchair."
(Aois 15-16)

"Seol samplaí chugainn faoin dóigh ar baineadh úsáid as sonraí pearsanta san am a chuaigh thart."
(Aois 10-11)

"Déan an cló níos mó, níos daite."
(Aois 16-17)

"Nuair a ionchuirfidh tú do shonraí pearsanta, ba chóir go gcuirfeadh siad ceist ort 'An mhaith leat eolas a fháil faoi cá háit a rachaidh d'fhaisnéis?' "
(Grúpa measctha, aois 8-12)

"Úsáid teanga a thuigfidh leanaí agus déagóirí go héasca ionas go mbeidh an t-eolas ceart acu."
(Aois 12-13)




BÍODH SÉ ÉASCA DUL I DTEAGMHÁIL LIBH

Tacaíonn an DPC chomh maith le cur chuige trína dtugtar an deis do leanaí agus do dhaoine óga ceisteanna díreacha a chur ar eagraíochtaí a phróiseálann a sonraí pearsanta (mar shampla, trí chomhrá meandrach, seoladh ríomhphoist tiomanta, nó deais phríobháideachta) mura mbíonn siad cinnte faoin bhfaisnéis trédhearcachta a fuair siad. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis teagmhála sin don eagraíocht inrochtana go héasca do leanaí – níor cheart go gcaithfeadh siad í a chuardach. Lena chois sin, ba cheart go mbeadh leanaí ábalta bheith ag súil go seasfaí ar bhonn comhsheasmhach le hagaí freagartha agus tiomantais seirbhíse do chustaiméirí maidir leis sin, mar atá léirithe i dtéarmaí foilsithe.

MÍNIÚCHÁIN SHOILÉIRE A SHOLÁTHAR MAIDIR LE ROGHANNA RIALAITHE AGUS SOCruithe RÉAMHSHOCRAITHE ÚSÁIDEOIRÍ

Mar atá mionsonraithe i Roinn 7, measann an DPC gurb í príomh-chomhpháirt rithabhachtach den oibleagáid um chosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú a bhaineann le gach eagraíocht a fheidhmíonn mar rialaitheoirí sonraí, gur cheart rialuithe agus roghanna gráinneacha a threisiúnn príobháideacht do leanaí a chuimsiú sna bearta coiscitheacha maidir le sonraí pearsanta nach mór iad a chuimsiú in ailtireacht seirbhíse ar líne ar bith mar réamhshocrú. Ciallaíonn sé sin nár cheart cineálacha éagsúla próiseála lena mbainfeadh rioscaí faoi leith do leanaí thar dhaoine fásta (mar shampla, moltaí teagmhála tríú páirtí nach bhfuil ina mbail reatha i ngréasán linbh) a chur ar fáil do leanaí. Mar chuid de chomhlíonadh an hoibleagáidí maidir le trédhearcacht, dá bhrí sin, ba cheart d'eagraíocht míniúcháin a chur ar fáil do leanaí faoin bhfáth a gcstar socruithe áirithe as go huathoibríoch nó go ndiúltaítear iad dóibh mar réamhshocrú. Ba cheart go dtaispeánfaí boscaí rabhaidh má dhéanann na húsáideoirí linbh iarracht na socruithe sin a chasadh air agus faisnéis a chur ar fáil ina mínítear an fáth a bhfuil socruithe rialaithe úsáideora áirithe i bhfeidhm orthu.

Cearta leanaí maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú



AN MÉID A BHÍ LE RÁ AG LEANAÍ MAIDIR LEIS AN AOIS NUAIR A BHFÉADANN SIAD IARRAIDH AR CHOMHLACHT CÓIP DÁ GCUID SONRAÍ PEARSANTA A THABHAIRT DÓIBH/A GCUID SONRAÍ PEARSANTA SCRÍOSADH

"Bheadh sé níos cuidiúla aois suas go dtí go an aois a bhféadfadh tuismitheoirí cuidiú lena leanaí a sonraí a fháil ar ais nó sonraí a scríosadh a shocrú." (Aois 8-9)

"Agus tú ag éirí níos sine ba cheart go mbeadh cead agat níos mó príobháideachta a bheith agat agus éirí níos neamhspleáiche." (Aois 11-12)

Aon aois. Tá an ceart agat do shonraí féin a rochtain. Níor cheart go mbeadh aois riachtanach." (Aois 12-15)

"Ba chóir go mbeimid i gceannas ar ár sonraí pearsanta féin ach ba chóir go mbeadh cead ag ár dtuismitheoirí iad a rochtain ionas nach mbeimid i dtrioblóid." (Aois 10-11)

"Aon aois mar gur cheart go mbeadh an ceart agat i gcónaí fios a bheith agat cad atá ar eolas ag cuideachtaí fút." (Aois 10-11)

"Níor cheart go mbeadh teorainn aoise ann." Má bhíonn tú ábalta teagmháil a dhéanamh leo, tá tú aibí go leor chun é seo a dhéanamh." (Grúpa Óige, aoiseanna éagsúla)

"Sílimid gur cheart duit bheith 13. Le formhór na n-aipeanna caithfidh tú bheith 13 mar sin is féidir leat é a iarraidh ansin." (Aois 13-14)



Cé go gcuirtear béim sa GDPR ar staid leanaí mar ábhair shonraí astu féin, is é ceann de na ceisteanna nach dtéitear i ngleic leis sa GDPR an cás gur cheart go mbeadh leanaí ábalta na cearta sin a fheidhmiú dóibh féin. Ní luaitear sa GDPR cén uair is féidir, nó cad iad na cúinsí, inar féidir le eanbh iarratas a dhéanamh, mar shampla, ar rochtain ar shonraí pearsanta, nó iarratas a dhéanamh ar scríosadh i ndáil lena sonraí pearsanta. Ná níl treoir ar bith ann ach oiread maidir le nó cén uair is féidir nó cad iad na cúinsí inar féidir le tuismitheoir/ caomhnóir na cearta sin a fheidhmiú thar ceann an linbh. In Éirinn, chun críocha cosaint sonraí, is ionann leanbh agus duine faoi bhun 18 mbliana d'aois⁴⁶, rud a thagann le sainiú linbh faon UNCRC mar “dhuine faoi bhun 18 mbliana d'aois.” Chun críocha na mBunghnóirí, úsáideann an DPC an frása “tuismitheoir/ caomhnóir” chun tagairt a dhéanamh d’aon duine a bhfuil caomhnóireacht dhleathach acu ar leanbh.

4.1 STAID LEANAÍ MAR SHEALBHÓIRÍ CEART

Níl dlí náisiúnta ar bith in Éirinn ina sainítear an aois a bhfuil ceart dlíthiúil ag leanaí chun a gceart mar ábhar sonraí a fheidhmiú⁴⁷. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a lua ina leith sin go bhféadfadh dlí Bhallstát AE rialacha ar leith ina rialaítear feidhmiú cearta cosanta sonraí leanaí a shainmhíniú tuilleadh ina ndlínsí agus beidh ar eagraíochtaí atá i mbun próiseáil trasteorann a bheith eolach ar a gcuid oibleagáidí i ndáil le hathruithe i ndlí na mBallstát ina leith sin⁴⁸.

Ina phróiseas comhairliúcháin le leanaí, lorg agus fuair an DPC aiseolas ó leanaí faoin dóigh a mothaíonn siad gur cheart dóibh a gcearta cosanta sonraí féin a fheidhmiú (féach na tráchtanna agus na staitisticí ar an gcéad leathanach eile). Cé go raibh an chuma air go raibh treocht ghinearálta ann i bhfreagairtí leanaí níos óige maidir le páirt a bheith ag a gcuid tuismitheoirí le cuidiú leo a sonraí pearsanta a bhainistiú go dtí go slánóidh siad 18 mbliana d'aois, a shine na freagróirí, is ea is mó ar bhog siad ar siúl ón dearcadh sin agus gur áitigh siad go ndéanfadh siad a sonraí pearsanta a bhainistiú iad féin.⁴⁹ Mar sin féin, bunaithe ar aiseolas ó shaineolaithe aosaigh sa réimse sin, is cosúil nach bhfuil aois aisti féin ina mhéadrach oiriúnach ar chor ar bith chun measúnú a dhéanamh ar chumas linbh a chearta cosanta sonraí ó a cearta cosanta sonraí a fheidhmiú, mar gheall go bhféadfadh difríocht shuntasach a bheith i bhforbairt chognaíoch linbh den aois chéanna, go háirithe go luath san ógántacht. Beidh leibhéil éagsúla tuisceana agus riachtanas ag leanaí d'aoiseanna éagsúla, agus níl “aois draíochta” ar bith faoina mbaintear leibhéil úr tuisceana amach. Sonraíonn an DPC chomh maith go n-ordaíonn Coiste na Náisiún Aontaithe ina Ráiteas Ginearálta maidir le ceart an linbh go n-éistfí leis nó léi⁵⁰ gur cheart do Stáit an ceart a chosaint go n-éistí le gach leanbh atá ábalta a ndearcthaí féin a chruthú agus go mbeadh sé ina na phointe tosaigh glacadh le cumas ar thaobh an linbh de lena ndearcthaí féin a chruthú agus a aithint go bhfuil an ceart acu iad a chur in iúl. Go suntasach, leagan Coiste na Náisiún Aontaithe béim nach mbaineann teorainn aoise ar bith leis an gceart go n-éistfí le leanbh arna chosaint le hAirteagal 12 UNCRC (féach Roinn 2.1) lena gcuirtear srian ar cheart linbh a ndearcthaí a chur in iúl agus díspreagtar Stáit leis teorainneacha aoise a thabhairt isteach sa dlí nó i gcleachtais lena gcuirfí srian ar cheart an linbh go n-éistí leis nó léi i ngach ábhar a bhaineann leis nó léi. Agus an seasamh sin sa dlí idirnáisiúnta á shonrú, aithníonn an DPC go bhfuil dlúthbhaint ag feidhmiú ceart duine aonair leis an gceart go n-éistfí leis nó léi agus go bhféadfaí breathnú air sin mar léiriú ar dhearcthaí an duine aonair.

Dá réir sin, ní mheasann an DPC gur cuí é tairseach ghinearálta aoise a shocrú mar an pointe ag ar cheart do leanaí a gcearta a fheidhmiú thar a gceann féin, É sin ráite, cé nach í an aois aisti féin an tagarmharc is oiriúnaí, is cinnte gur cheart í a chur san áireamh i gcomhar le roinnt critéar eile. Dá réir sin, measann an DPC gur cheart na tosca seo a leanas (liosta nach bhfuil uileghabhálach) a chur san áireamh agus measúnú a dhéanamh ar cé acu ar cheart nó nár cheart go mbeadh leanbh ábalta a gcearta cosanta sonraí féin a fheidhmiú:

- Aois agus aibíocht (mar shampla, mar a léirítear leis an gcaidreamh idir an leanbh agus an eagraíocht lena mbaineann) an linbh;
- An cineál iarratais (iarratas ar rochtain, iarratas ar scríosadh, ceart chun agóide, etc.);
- An comhthéacs maidir le próiseáil agus an cineál seirbhíse a sholáthraíonn an rialaitheoir (e.g. ardán meán sóisialta, caidreamh idir dochtúir agus othar, ardán siopadóireachta ar líne, etc.);
- An cineál sonraí pearsanta atá i gceist (e.g. leanbh ag lorg rochtana ar shonraí leighis, leanbh ag lorg go scríosfaí grianghraf díobh féin ar na meáin shóisialta, leanbh ag lorg go ndéanfaí a seoladh ríomhphost ar ardán a nuashonrú). Measann an DPC, i gcásanna ina mbaineann feidhmiú ceart sonraí pearsanta linbh le rochtain ar shonraí pearsanta i gcatagóirí speisialta, go háirithe catagóirí amhail sonraí leighis, nó rochtain ar chineálacha íogaire eile sonraí, amhail sonraí oibre sóisialta, gur cheart scrúdú cúramach a dhéanamh ar cé acu an mbeadh díobháil choirp nó mheabhrach don leanbh lena mbaineann mar thoradh ar scaoileadh na sonraí pearsanta sin nó nach mbeadh⁵¹;
- Cé acu an mbeadh sé chun leas an linbh iad a chumasú lena gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú iad féin (i.e. an dtuigeann siad na hiarmhairtí atá i gceist le cineálacha áirithe sonraí a scríosadh, an mbeidh tuiscint iomlán acu ar cad atá á fháil acu mar chuid d'iarratas ar rochtain, an mbeidh sé díobhálach dá bhfolláine faisnéis áirithe a fháil?);
- Cé acu an bhfuil an leanbh ag lorg a gcearta a fheidhmiú le cúnamh/ rannpháirtíocht/ eolas tuismitheora/ caomhnóra nó saintríú páirtí/ tacadóir.

Fiú má chinneann eagraíocht, áfach, nach n-éascóidh sí leanbh lena chearta nó lena cearta cosanta sonraí a fheidhmiú i ndáil le sonraí pearsanta atá ina seilbh faoin leanbh sin — toisc go ndearna sí measúnú agus gur chinn sí nach mbeadh sé chun leas an linbh é sin a dhéanamh — níor cheart gurb é sin deireadh leis an ábhar. Mar a thagraítear thuas, is ábhair shonraí iad leanaí fós beag beann ar a n-aois agus ba cheart iad a éascú a mhéid is féidir chun leas a bhaint as na cosaintí d'ábhair shonraí faoin GDPR. Ciallaíonn sé sin gur cheart d'eagraíocht an fáth ar chinn sí gan cloí leis an iarratas a mhíniú do leanbh ar bhealach trédhearcach atá éasca a thuiscint. Ba cheart a chur in iúl don leanbh chomh maith cé nár gcloíodh lena iarratas nó lena hiarratas, gur féidir leis nó léi a iarraidh ar a dtuismitheoir/ caomhnóir nó saintríú páirtí/ tacadóir an t-iarratas a dhéanamh leis an eagraíocht thar a gceann.

Go hachomair, **is féidir le leanbh a gcearta cosanta sonraí féin a fheidhmiú ag am ar bith, ar an gcoinníoll go bhfuil an cumas acu é sin a dhéanamh agus gur mhaithe leo atá sé.** I bhfianaise chineál casta agus doiléir an mhóráin idirbheart agus an chaidrimh a bhíonn ag leanaí le heagraíochtaí éagsúla, ba cheart go mbeadh duine fásta, saineolaí sa réimse/ tacadóir nó tuismitheoir nó caomhnóir ionadaíocht a dhéanamh don leanbh agus a gcearta á bhfeidhmiú nó

CAD A CHEAP DAOINE FÁSTA...

Nuair a cuireadh ceist cén aois ba cheart do leanaí bheith ábalta iarratais ar rochtain agus iarratais ar scríosach a dhéanamh, ba é an freagra ba choitianta “Aon aois”, “16-18” ina dhiaidh sin agus “12-15” ansin.

Bhí líon ábhairín níos mó freagróirí i bhfabhar iarratais ar scríosadh a dheonú ag aon aois ná mar a bhí maidir le hiarratais ar rochtain, rud a thug le tuiscint go raibh cur chuige níos atharthaíche ag freagróirí nuair a bhain sé le hiarratais ar rochtain ach bhí cur chuige níos scaoilte acu maidir le hiarratas ar scríosadh.

D'áitigh saineolaithe sábháilteachta leanaí gurb í an aois an méadrach foirfe chun measúnú a dhéanamh ar aibíocht dhigiteach linbh, agus mhol siad roghanna eile amhail intleacht mhothúcháinach, leibhéal oideachais, fianaise ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim, etc.

I bhformhór na n-aighneachtaí aontaíodh gur cheart go laghdófaí smacht tuismitheora thar shonraí pearsanta a leanaí de réir mar a éireoidh siad níos sine, agus gur cheart go mbeadh smacht iomlán ag leanaí ar a sonraí pearsanta ón aois toilte dhigitigh ar aghaidh.

Áitíodh i roinnt aighneachtaí go bhféadfaí leas a bhaint as treoir atá ann cheana arna soláthar ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise maidir le iarratais saorála faisnéise a láimhseáil mar theimpléad chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ó thuismitheoirí le cearta cosanta sonraí a leanaí a fheidhmiú.

go deimhin agus gearán á dhéanamh acu leis an DPC.

I ngach cás, **is é seasamh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí gur cheart go mbeadh leanaí ábalta a gcearta cosanta sonraí féin a fheidhmiú, cé acu go díreach nó le cúnamh/ ionadaíocht, agus níor cheart cosc a chur orthu é sin a dhéanamh mar thoradh ar an n-aois, a n-aibíocht nó a gcumas.**

4.2 CUMAS SA CHLEACHTAS A MHEASÚNÚ

Is dócha go mbeidh acmhainní breise agus foirne saineolaithe ag teastáil ó eagraíochtaí chun measúnuithe leasa agus cumais a chur i gcrích nó chun tacú leis an obair seo (mar a luaigh Coiste na Náisiún Aontaithe ina Ráiteas Ginearálta Uimh. 14). Tá sé seo ina gné bhunúsach de na hoibleagáidí breise a bheidh ar eagraíochtaí a roghnaíonn sonraí leanaí a phróiseáil, i.e. mar iarmhairt dhosheachanta maidir leis an gcinneadh seirbhísí a chur ar fáil do leanaí. Ní mór d'eagraíocht ar bith a phróiseálann sonraí pearsanta éifeacht a thabhairt ar bhealach cothrom do chearta ábhar sonraí a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, gné dhosheachanta a bhaineann le sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil is ea nach mór don eagraíocht atá á dhéanamh bheith in ann déileáil leis na castachtaí a eascraíonn i ndáil le cearta leanaí mar ábhair shonraí a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear measúnuithe cumais). Is ar eagraíocht atá sé cinneadh a dhéanamh, maidir leis na cúinsí ar fad a bhaineann le haon chás ar leith, faoin mbealach is oiriúnaí freagra a thabhairt ar iarraidh chun cearta ábhair shonraí linbh a chur i bhfeidhm (cé acu a dhéanann an leanbh féin an t-iarraidh nó tuismitheoir/caomhnóir nó tríú páirtí/ionadaí de réir mar is cuí).

Aithníonn an DPC gur dócha go mbeidh ardáin mhórscála ar líne agus soláthraithe seirbhíse digití a bhfuil na milliúin úsáideoir acu (bíodh siad ina n-aosaigh nó ina leanaí) ag brath ar uirlisí uathoibrithe chun críocha ábhair shonraí a chumasú chun a gcearta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm. I gcás úsáideoirí atá ina leanaí, ba chóir go mbeadh sreafaí úsáideora tiomnaithe, soiléire agus furasta ag leanaí a úsáid i bhfeidhm chun éascaíocht a dhéanamh ar leanaí a gcearta a chur i bhfeidhm. In go leor cúinsí, d'fhéadfadh na huirlisí uathoibrithe seo bheith leordhóthanach, mar sin féin, beag beann ar aois an úsáideora, ba chóir go mbeadh bearta dóthanacha i bhfeidhm ag eagraíochtaí ina gcuirtear bealaí cúitimh oiriúnacha ar fáil d'ábhair shonraí ma bhíonn iarrataí níos sonraí nó níos casta acu nó i gcúinsí ina bhfuil tuismitheoir/caomhnóir nó tríú páirtí/ionadaí ag iarraidh cearta cosanta sonraí a linbh a chur i bhfeidhm thar a gceann. Sa chás sin, ní bheidh aon dara rogha ag eagraíochtaí ach déileáil le h-iarrataí áirithe de réir an cháis. Is dócha go mbeidh se ina eisceacht den riail, seachas ina ghnás, an ceanglas chun cumas aonair linbh a mheas chun críocha a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil se de chumas acu (agus cé acu atá nó nach bhfuil sé chun a leasa) a gcearta cosanta sonraí féin a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ní mór d'eagraíochtaí na cúinsí ina bhféadfadh eisceachtaí teacht chun cinn ina mbeadh gá le measúnaithe aonair a bhreithniú go réamhghníomhach (i.e. gan a bheith uathoibrithe agus duine a bheith páirteach sa mheasúnú) ag an tús ag céim deartha a sreafaí úsáideora agus sa chomhthéacs ar leith maidir leis an gcineál sonraí pearsanta atá siad a phróiseáil agus a mheas cibé, i dtéarmaí ginearálta, go mbeadh sé oiriúnach déileáil le leanbh is ábhar sonraí ar bhealach uathoibrithe trí uirlisí féinseirbhíse. I dtéarmaí ginearálta, má mheasann eagraíocht go bhfuil sé oiriúnach dul i dteagmháil le húsáideoirí linbh os cionn aoise áirithe agus seirbhísí a chur ar fáil dóibh nuair is iondúil go n-idirghníomhódh an leanbh go neamhspleách leis an tseirbhís, is dócha go mbeidh na húsáideoirí linbh sin in ann a gcearta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm vis-à-vis an tseirbhís/eagraíocht sin.

4.3 GNÍOMHÚ THAR CEANN LINBH

Tá ceart an linbh go gcosnófar a phríobháideacht nó a príobháideacht ráthaithe le hAitheagar 16 den UNCRC. Idir an dá linn tugtar cearta agus freagrachtaí tuismitheoirí nó

caomhnóirí dlíthiúla mar chosantóirí agus mar chúramóirí chun suntais faoi Airteagal 18 den UNCRC. Agus sin ráite, le hAirteagal 5 den UNCRC aithnítear nach mór go mbeidh freagrachtaí, cearta agus dualgais tuismitheoirí agus caomhnóirí dlíthiúla treoir a chur ar fáil i bhfeidhmiú chearta an linbh faoin UNCRC comhsheasmhach le cumais fhorbartha an linbh (i.e. cumas forbarthach an linbh); Mar sin, aithnítear sa UNCRC go mbeidh leanaí, ag pointe áirithe ina bhforbairt gach linbh, beidh siad ábalta a gcearta féin a fheidhmiú thar a gceann féin.⁵²

Cé nach bhfuil forálacha ar leith ar bith i ndlí na hÉireann ina sonraítear go bhfuil caomhnóir linbh i dteideal cearta cosanta sonraí an linbh sin a fheidhmiú, má tá an leanbh faoi bhun 16 bliana d'aois, agus má bhíonn soláthraí seirbhíse ar bith ag brath ar thoiliú mar bhonn dlíthiúil chun sonraí pearsanta linbh a phróiseáil, teastóidh toiliú tuismitheoir/ chaomhnóir an linbh sular féidir leis an soláthraí seirbhíse ar líne sonraí an linbh a phróiseáil (féach Roinn 5). Cé gur cheart breathnú ar sholáthar toilithe agus rochtana ar shonraí pearsanta linbh mar chúrsaí ar leith, de thoradh ar, faoi mar a bhreithnítear thíos, chomhthoradh stádais chaomhnóireachta – a mhéid a bheidh sé chun leas an linbh – gur cheart go mbeadh tuismitheoir/ caomhnóir linbh ábalta a sonraí pearsanta a rochtain.

Tá seasamh cosanta speisialta ag tuismitheoirí nó caomhnóirí dlíthiúla linbh faoin UNCRC⁵³, ach ní mór a gcearta agus a ndualgais a rialú chun leas an linbh i gcónaí. Tá oibleagáid ar tuismitheoir nó ar chaomhnóirí dlíthiúla chomh maith treoir a chur fáil do leanaí fad is a bhaineann sé le feidhmiú an gceart faoin UNCRC. Cé nach ndéantar cearta cosanta sonraí linbh a chosaint go sonrach faoin UNCRC, déantar ceart chun príobháideachta an linbh i gcoinne bac treallach a chosaint leis, faoi mar a luaitear thuas. Tá siad sin ar fad ina dtosca ábhartha nach mór iad a chur san áireamh agus cad iad na cúinsí ina bhféadfadh tuismitheoir nó caomhnóir dlíthiúil ceart amháin nó níos mó de chearta cosanta sonraí a linbh a fheidhmiú á mbreithniú. I gcomhthéacs cosaint sonraí, (agus coincheap na caomhnóireachta faoi dhlí na hÉireann á chur san áireamh), ciallaíonn sé sin go bhféadfadh caomhnóir(i) linbh cearta cosanta sonraí a linbh a fheidhmiú i gcás gur ar mhaithe leis an leanbh atá sé amhlaidh a dhéanamh. Ní mór measúnú a dhéanamh air sin ansin faoi threoir réimse tosa.⁵⁴

Sonraíonn an DPC, faoi dhlí na hÉireann, go bhfuil toimhde infhrisnéise ann go bhfuil tuismitheoir/ caomhnóir ag gníomhú chun leas a linbh mura bhfuil fianaise dá mhalairt ann⁵⁵. Mar sin féin, chomh maith leis an toimhde sin a chur san áireamh, measann an DPC gur cheart don eagraíocht na tosa seo a leanas⁵⁶ (liosta nach bhfuil uileghabhálach) a chur san áireamh chomh maith agus cinneadh á dhéanamh aici ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé chun leas an linbh go nglacfadh a dtuismitheoir(i)/ gcaomhnóir(i) a n-áit agus go bhfeidhmeodh siad a gcearta cosanta sonraí:

- Aois an linbh – a ghaire an leanbh do 18 mbliana d'aois, is ea is mó an seans gur cheart don eagraíocht ag a bhfuil sonraí pearsanta an linbh déileáil go díreach leis an leanbh é nó í féin, seachas an tuismitheoir/ caomhnóir a thabhairt isteach sa scéal. Maidir leis sin, measann an DPC i gcás gur shlánaigh leanbh 17 mbliana d'aois, ag cur ghaireacht na haoise sin don lán-aois san áireamh, (agus go suntasach is é sin an aois ag ar féidir ceadúnas tiomána a fháil chomh maith leis an aois íosta le haghaidh toiliú gnéasach), seachas i gcúinsí eisceachtúla (i.e. i gcás go dteastaíonn sé go follasach chun leas an linbh), níor cheart don tuismitheoir (tuismitheoirí)/ don chaomhnóir (caomhnóirí) cearta cosanta sonraí an linbh a fheidhmiú. Ina ionad sin, ba cheart don eagraíocht déileáil go díreach leis an leanbh;
- Cineál na sonraí pearsanta agus an phróiseáil atá á cur i gcrích – ba



cheart go n-áireofaí leis sin íogaireacht/ rúndacht na sonraí pearsanta agus an bonn faoinar sholáthair nó faoinar roinn an leanbh iad leis an eagraíocht a bhfuil siad coinnithe acu – mar shampla, an bhfuil dualgas muiníne ag dul don leanbh?;

- An chineál caidrimh idir an leanbh agus an tuismitheoir/ caomhnóir – e.g. an bhfuil orduithe cúirte ar bith ann i ndáil le rochtain/ freagracht/ caomhnóireacht/ cosaint linbh etc. ann?
- An cuspóir dá bhfuil an tuismitheoir(i)/ caomhnóir(i) ag lorg cearta cosanta sonraí an linbh a fheidhmiú – mar shampla an bhfuil an cuspóir atá á lorg maidir leis na cearta sin a fheidhmiú chun leas an linbh go hiomlán nó an bhfuil cuspóir nó leas eile i gceist (i.e. de chuid an tuismitheora/ chaomhnóra, seachas an leanbh)?;
- Cé acu an dtabharfadh an leanbh, nó má thugann an leanbh go deimhin, toiliú don tuismitheoir (na tuismitheoirí)/ chaomhnóir (na caomhnóirí) lena gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú agus dearcthaí nó tuairimí ar bith arna gcur in iúl ag an leanbh;
- Trí chead a thabhairt don tuismitheoir (na tuismitheoirí)/ chaomhnóir (na caomhnóirí) cearta cosanta sonraí an linbh a fheidhmiú an ndéanfadh díobháil don leanbh/an gcuirfí strus ar an leanbh ar bhealach ar bith;
- Cé acu an bhfuil rialacha nó dlíthe earnála ar bith ann a bhfuil feidhm acu maidir leis an gcomhthéacs ina bhfuil an tuismitheoir (na tuismitheoirí)/ caomhnóir (na caomhnóirí) ag lorg cearta cosanta sonraí an linbh a fheidhmiú. Maidir leis sin, i gcomhthéacs oideachais, sonraíonn an DPC go sonraítear in Alt 9(g) den Acht Oideachais 1998 go gcinnteoidh scoil go mbeidh rochtain ag tuismitheoir(i) (nó i gcás dalta atá 18 mbliana d'aois, an dalta féin) ar na taifid atá á gcoinneáil ag an scoil i ndáil le dul chun cinn oideachais an dalta. Leis sin cruthaítear ceart reachtúil tuismitheora (tuismitheoirí)/ caomhnóra (caomhnóirí) linbh i gcás go bhfuil an dalta lena mbaineann faoi 18 mbliana d'aois. (Mar scéal thairis, measann an DPC má chloítear leis an oibleagáid sin féadfaidh an scoil an rogha a thabhairt do dhalta a shlánaíonn 18 mbliana d'aois an mian leis/ léir nuashonruithe a fháil go díreach maidir lena dhul chun cinn/ dul chun cinn nó an dtugann sé/ sí toiliú go leanfaidh a thuismitheoirí/ tuismitheoirí leis na nuashonruithe a fháil fad is a bheidh sé/ sí ina dhalta/ dalta ag an scoil sin.)

AN MÉID A BHÍ LE RÁ AG LEANAÍ MAIDIR LENA DTUISMITHEOIRÍ A BHEITH AG FEIDHMIÚ CEARTA COSANTA SONRAÍ THAR CEANN A LEANAÍ






Ní raibh ach 7% de leanaí den tuairim nár cheart do thuismitheoirí baint a bheith acu leis go dtí go mbainfeadh an leanbh 13 bliana d'aois amach, agus cheap 19% díobh gur cheart dá dtuismitheoirí ról a bheith acu ann go dtí go mbainfeadh an leanbh 16 bliana d'aois amach.

Mothaigh 30% de na leanaí nár cheart go mbeadh baint ar bith ag thuismitheoirí leis ar chor ar bith. Bhí an rogha sin an-choitianta i measc daltaí meánscoile, arbh ionann iad agus 60% den 30%.

Mhottaigh thart ar 45% de leanaí gur cheart go mbeadh ról ag thuismitheoirí maidir le cuidiú le leanaí a sonraí pearsanta a bhainistiú go dtí go mbeidh siad 18 mbliana d'aois. Astu siúd, ba dhaltaí iad a bhformhór (díreach faoi 90%) sa bhunscoil nó sa chéad trí bliana sa mheánscoil, mar sin bhí siad thart ar 7-15 bliana d'aois.

"Is do ghnó féin é mar sin níor cheart do thuismitheoirí bheith bainteach."
(Aois 12-13)

"Ba cheart go mbeadh a fhios ag thuismitheoirí cad atá á dhéanamh ag leanaí ar líne ionas gur féidir leo cuidiú leo bheith sábháilte e.g. d'uimhreacha a thabhairt do strainséirí ar líne, ghrianghraif a phostáil díot féin i d'éide scoil."
(Aois 8-9)





Aois toilithe
dhigitigh agus
deimhniú
aoise

5.1 AOIS TOILITHE DHIGITIGH

Tagann an coincheap maidir leis an “aois toilithe dhigiteach” mar a thugtar air, i ndáil le seirbhís na sochaí faisnéise ó Airteagal 8 den GDPR ina sonraítear i gcás go bhfuil seirbhís na sochaí faisnéise⁵⁷ (amhail suíomh gréasáin nó aip a thairgeann seirbhís e.g. cluichíocht, meáin shóisialta, comhroinnt físeán, etc.) á tairiscint go díreach do leanbh, agus go bhfuil an tseirbhís sin ag brath ar thoiliú mar an bonn dlíthiúil chun sonraí pearsanta an úsáideora linbh a phróiseáil, ansin ní mór toiliú tuismitheora (mínítear sa GDPR mar thoiliú ó shealbhóir na freagrachta tuismitheora) a fháil, in Éirinn, má tá an leanbh faoi 16 bliana d’aois.⁵⁸

Má iarrann an soláthraí seirbhíse ar líne toiliú le sonraí pearsanta a phróiseáil chun go mbeidh an leanbh ábalta an tseirbhís a rochtain (mar shampla cuntas úsáideora a chruthú agus a úsáid ina dhiaidh sin), caithfear toiliú tuismitheora a thabhairt chun go gcuirfí phróiseáil sin shonraí pearsanta an linbh i gcrích. Is é an pointe tosaigh go gcaithfidh an duine ag a bhfuil an fhreagracht tuismitheora as an leanbh, i bhfocail eile, tuismitheoir/ caomhnóir an linbh toiliú a thabhairt. Maidir leis an méid cinnteachta atá le bunú ag soláthraithe seirbhíse ar líne, áfach, gur thug sealbhóir na freagrachta tuismitheora toiliú, ceanglaítear leis an GDPR, nach mór don soláthraí seirbhíse ar líne “iarrachtaí réasúnta” leis sin a dheimhniú “agus an teicneolaíocht atá ar fáil á gcur san áireamh”.

Is ríthábhachtach é nach gcuirfí na **ceanglais maidir leis an aois toilithe dhigitigh srian ar an leanbh seirbhís a rochtain**. Seachas sin socraítear leis an aois an toilithe dhigitigh an tairseach aoise ag ar féidir le leanaí a dtoiliú *féin* a thabhairt do sholáthraithe seirbhíse ar líne lena sonraí pearsanta a phróiseáil. Mar sin féin, mar a pléadh thuas, d’fhéadfadh eagraíochtaí a phróiseálann sonraí leanaí brath ar cheann amháin den chúig bhonn dhlíthiúla eile faoin GDPR, seachas bheith ag brath ar thoiliú, chun amhlaidh a dhéanamh. I bhfocail eile, faoin GDPR ní hé toiliú an t-aon bhonn dlíthiúil chun sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil.

Tá sé tábhachtach go leagfaidh béim ar nach tomhas é an aois toilithe dhigitigh chun rochtain ag leanbh ar shuíomhanna gréasáin agus aipeanna áirithe etc. a chosc, ná ní tomhas sábháilteachta ar líne é ach an oiread; in ionad sin is tomhas é chun sonraí pearsanta leanaí a chosaint i gcásanna áirithe. Tá an aois toilithe dhigitigh ina marcóir chomh maith do sheirbhísí ar líne chun cineál agus dearadh a seirbhísí a bhreithniú, agus conas iad a dhéanamh aoisoiriúnach dá n-úsáideoirí. **Níor cheart úsáid a bhaint as toiliú digiteach a thug leanaí atá os cionn na haoise toilithe dhigitigh (i.e. 16 bliana d’aois in Éirinn), nó a thug na caomhnóirí/ tuismitheoirí leanaí faoin aois toilithe dhigitigh, chun go gcaithfí leo amhail is gur daoine fásta iad.** Faoi mar a pléadh thuas i Roinn 2.4, ní mór an toiliú a thabhairt faoi shaoirse, go mbeidh sé eolasach agus gan athbhrí, agus ba cheart sásraí atá éasca a úsáid a sholáthar do leanaí/ tuismitheoirí nó caomhnóirí ionas go mbeidh siad ábalta an toiliú a aistarraingt ag am ar bith.⁵⁹ Is deis é chomh maith don tseirbhís ar líne toiliú a bhailiú i gcomhréir le hAirteagal 8 chun córas cosaint sonraí atá aoisoiriúnach – mar réamhshocrú – a bheidh curtha in oiriúint do na raonta aoise úsáideoirí.

5.2 DEIMHNIÚ UM THOILIÚ TUISMITHEORA

Tá *cuspóir difriúil* i gceist le deimhniú aoise chun go gcinnteofar go gcuirfidh eagraíocht na caighdeán is airde um chosaint sonraí ar fáil d’úsáideoirí linbh ó dheimhniú aoise i gcás go mbraitheann eagraíocht ar thoiliú mar an bonn dlíthiúil chun sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil, cé go bhféadfaí an dá mhodh um dheimhniú aoise a úsáid sa dá chás. (Breithnítear thíos i Roinn 5.3 ar chuspóirí eile lena bhféadfadh eagraíocht ar líne deimhniú aois a úsáid). Sa cheann roimhe sin, úsáidtear deimhniú aoise chun a fháil amach an bhfuil úsáideoir faoi bhun 18 mbliana d’aois nó nach bhfuil agus dá réir sin ina leanbh chun críche dhlí na hÉireann agus dhlí AE, agus mar sin tuilltear an chosaint

speisialta atá sainaitheanta sa GDPR. Ar an lámh eile, díreofar deimhniú aoise chun críocha bonn dlíthiúil go ginearálta ar a fháil amach (in Éirinn ar a laghad), an bhfuil úsáideoir faoi bhun na haoise toilithe dhigitigh de 16 bliana d'aois nó nach bhfuil. Go suntasach ní cheanglaítear leis an GDPR go gcuirfí eagraíochtaí deimhniú aoise i gcrích chun cloí le hAirteagal 8 den GDPR. Mar sin féin, ceanglaítear leis go ndéanfaidh eagraíochtaí “iarrachtaí réasúnta” lena dheimhniú – i gcás go bhfuil leanbh faoi bhun 16 bliana d'aois (in Éirinn) – gurb é sealbhóir na freagrachta tuismitheoireachta as an leanbh a thug/ a d’údaraigh an toiliú sin. Níl modhanna sonracha nó molta ar bith ann maidir leis an oibleagáid sin a chomhlíonadh agus ceanglaítear leis an GDPR go díreach nach mór an “teicneolaíocht atá ar fáil” a chur san áireamh. Ciallaíonn sé sin nach mór d’eagraíochtaí iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna teicneolaíochta ar fad atá ar fáil dóibh – agus nuálaíocht a uasmhéadú. I bhfianaise scála na speisialtachta agus acmhainní teicniúla atá ar fáil do chuideachtaí teicneolaíochta agus idirlín (i.e. a thuairtar a samhlacha gnó ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus ar líne) agus na rioscaí níos airde do chearta cosanta sonraí úsáideoirí a mbaineann úsáid as a seirbhísí, go háirithe leanaí, **measann an DPC go bhfuil ualach níos airde ar na heagraíochtaí sin ina n-iarrachtaí a dheimhniú gurb é tuismitheoir/ caomhnóir an úsáideora linbh a thug an toiliú.**

Tá sé tábhachtach, áfach, nach mbeidh na modhanna a mbainfear úsáid astu lena dheimhniú go bhfuarthas an toiliú ó fhíorshealbhóir na toilithe tuismitheora róchunórach agus go gcloífidh siad le prionsabail na cosanta sonraí. Maidir le deimhniú aoise chun a fháil amach cé acu an é leanbh é úsáideoir (féach Roinn 5.3) measann an DPC gur cheart cur chuige comhréireach bunaithe ar riosca a ghlacadh. Is éard atá i gceist leis sin ceanglas go soláthrófar níos mó déine/ leibhéil chinnteachta leis an bpróiseas deimhnithe faoi leith i gcás go mbaineann rioscaí níos airde le próiseáil na sonraí pearsanta a dhéanann an eagraíocht don úsáideoir bunaithe ar na critéir arna sainaitheint i Roinn 5.7 thíos.

Tá sé sin i gcomhréir le seasamh an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí a mholann cur chuige comhréireach chun toiliú tuismitheora a dheimhniú lena bhféadfaí méid teoranta sonraí a fháil ó thuismitheoirí nuair is gá (e.g. sonraí teagmhála) i gcásanna riosca ísle. Sonraíonn an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí cé nach dteastódh ach deimhniú le haghaidh próiseáil riosca ísle ag eagraíocht a bhaineann le ríomhphost deimhnithe a chur chuig tuismitheoir (i.e. nach mór dóibh freagra a thabhairt air), d’fhéadfadh sé go mbeadh gá le modhanna deimhnithe níos cuimsithí le haghaidh próiseáil lena mbaineann riosca níos airde amhail cruthúnas ID a iarraidh nó íocaíocht suime áirithe airgid trí aistriú bainc a iarraidh. Molann an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí go bhféadfadh seirbhís um dheimhniú tríú páirtí iontaofa bheith ina réiteach ar an gceist maidir le conas toiliú tuismitheora a dheimhniú gan an iomarcach sonraí pearsanta a bhailiú⁶⁰.

Cé gurb ionann iad sin agus cuid de na cineálacha modhanna a bhféadfaí leas a bhaint astu chun soláthar toilithe tuismitheora a dheimhniú, measann an DPC go bhféadfadh modhanna atá formhuinithe ag rialálaithe i ndlínsí eile gníomhú mar threoirphlean le haghaidh na gcineálacha modhanna a bhféadfaí leas a bhaint astu mar an gcéanna chun críocha an GDPR a chomhlíonadh. I Stáit Aontaithe Mheiriceá, d’fhormhuinigh an Coimisiún um Thrádáil Cónaidhme (FCT)⁶¹ na modhanna seo a leanas i ndáil le oibleagáidí comhchosúla a chomhlíonadh⁶²:

CAD A BHÍ LE RÁ AG DAOINE FÁSTA...

Dúirt roinnt freagróirí go mbeadh sé deacair toiliú tuismitheora a dheimhniú ar bhealach a gcloífeadh le prionsabal an íoslaghdaíthe sonraí.

Thagair freagairtí áirithe do thairseacha aoise neodracha a úsáidtear i gcomhar le modheolaíocht um bailíochtú eile agus chuir freagairtí eile béim ar gur cheart tairseacha aoise a cheapadh chun “brú an chnaipe siar” agus athiontráil dátaí breithe a sheachaint

Moladh cur chuige comhréireach bunaithe ar riosca i roinnt aighneachtaí, trína mbeadh modhanna amhail deimhniú ríomhphoist/téacs dóthanach i gcás próiseáil riosca ísle ach d’fhéadfadh sé go dteastódh cruthúnas ar ID, mar shampla, le haghaidh próiseáil ardriosca.

Moladh i gcuid díobh na modhanna arna bhfaomhadh ag an FTC faoi COPPA a ghlacadh.

Mhol eagraíocht amháin díspreagadh a úsáid amhail teachtaireachtaí aníos a thaispeántar sula dtugann an tuismitheoir toiliú, le rabhaidh faoi fhíneálacha nó faoi bhac a chur nó tú a chur ar an liosta dubh ar an suíomh má éilíonn siad ar bhonn bréige gurb iad sealbhóir na freagrachta tuismitheora as an leanbh.

Moladh i gceann eile síniú leictreonach tuismitheoirí a iarraidh chun drochghníomhairí féideartha a dhíspreagadh.

I roinnt aighneachtaí léiriú go bhfuil sé seo ina réimse casta dlí ó dhearcadh caomhnóireachta, agus go bhfuil na forálacha dlíthiúla maidir le feidhmiú na freagrachta tuismitheora éagsúil ar fud Bhallstáit AE, rud a fhágann go bhfuil sé an-deacair réiteach aonair a chur chun feidhme.

1. foirm toilithe a shíniú agus í a sheoladh chuig an eagraíocht trí fhacs, tríd an bpost, nó trí scanadh leictreonach;
2. úsáid a bhaint as cárta dochair, cárta dochair, nó córas íocaíochta ar líne ar bith eile trína soláthraítear fógra maidir le gach idirbheart ar leith chuig sealbhóir an chuntais.
3. glao a chur ar uimhir saor ina aice a bhfuil pearsanra oilte ar an bhfoireann;
4. ceangal a dhéanamh le pearsanra oilte trí fhíschomhdháil;
5. cóip d'fhoirm ID arna eisiúint ag an rialtas a sholáthar a sheiceálfaidh an eagraíocht i gcoinne bunachar sonraí, a scríosfar ansin nuair a bheidh an próiseas deimhniúcháin críochnaithe.
6. freagra a thabhairt ar shraith ceisteanna dúshláin bunaithe ar eolas a bheidh deacair do dhuine seachas an tuismitheoir iad a fhreagairt; nó
7. grianghraf de cheadúnas tiománaí nó ID grianghraif eile a chuir an tuismitheoir isteach a dheimhniú agus ansin é a chur i gcomparáid le grianghraf eile a chuir an tuismitheoir isteach, ag baint úsáid as teicneolaíocht aghaidh-aitheanta.⁶³

Is faoi eagraíochtaí iad féin a bheidh sé ar deireadh (mar rialaitheoirí) a chinneadh cad iad na modhanna is oiriúnaí agus is comhréirí maidir leis an bpróiseáil a chuireann siad i gcrích. Ba cheart go mbeadh sin ina cheist dhinimiciúil ar a ndéanfar athbhreithniú ar bhonn rialta i bhfianaise na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar a ndéanfar measúnú rialta éifeachtúlachta e.g. trí bhíthin tástáil úsáideoirí agus rannpháirtíocht saineolaithe.

Braithfidh na “hiarrachtaí réasúnta” nach mór d’eagraíochtaí iad a dhéanamh chun tabhairt toilithe tuismitheora a dheimhniú go mór ar chineál phróiseáil shonraí pearsanta na leanaí lena mbaineann agus na rioscaí gaolmhara don leanbh. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil tagarmharc caighdeánach ar bith ann maidir le cad is “iarrachtaí réasúnta” ann agus an rud a cheapadh soláthraí seirbhíse ar líne bheith ina “iarracht réasúnta” d’fhéadfadh soláthraí seirbhíse ar líne eile a cheapadh nach bhfuil sé réasúnta. Faoi mar a luaitear thuas, measann an DPC go bhfuil ualach níos airde ar na heagraíochtaí teicneolaíochta agus idirlín (i.e. a thuairtar a samhlacha gnó ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus ar líne) i bhfianaise na rioscaí níos airde do chearta cosanta sonraí úsáideoirí a mbaineann úsáid as a seirbhísí. Is fiú a thabhairt faoi deara chomh maith sa chomhthéacs sin go bhfuil soláthraithe a lán seirbhísí ar líne a úsáideann leanaí i gcaidreamh tráchtála lena dtuismitheoirí agus lena gcaomhnóirí mar úsáideoirí astu féin chomh maith. Cé nach n-úsáideann na seirbhísí ar líne an caidreamh sin faoi láthair chun bealaí a thairiscint chun toiliú tuismitheora a dheimhniú, is féidir a fheiceáil conas a d’fhéadfadh siad amhlaidh a dhéanamh, rud lena bhféadfaí an gá atá le sonraí breise a bhailiú ón leanbh a theorannú. In aon chás, amhail deimhniú aoise, ní foláir go mbeidh gach modh deimhnithe tuismitheora comhréireach agus go gcaomhnófar príobháideacht leo, agus nach mbeidh roinnt sonraí pearsanta linbh i gceist leo.

5.3 CUSPÓIRÍ LE DEIMHNIÚ AOISE

DEIMHNIÚ AOISE VS RÁTHÚ AOISE

I gcúrsa a chuid oibre le gairid sa réimse seo, thug an DPC ar aird go bhfuil forbairt agus éagsúlú ag teacht ar an téarmaíocht maidir leis an gcoincheap a bhaineann le deimhniú aoise, go háirithe sna codanna den domhan ina labhraítear Béarla. Shainmhínigh roinnt rialaitheoirí sa spás digiteach, ar nós ICO agus Coimisinéir Ríomhshábháilteachta na hAstráile deimhniú aoise bheith ina fhothacar de shraith modhanna níos leithne chun aois úsáideoirí linbh a fháil amach, a thagann in éineacht faoin scáth-théarma “ráthú aoise”. Faoin gcur chuige seo, sainchiallaíonn ráthú aoise na modhanna sin trína mbunaítear aois linbh le leibhéal ard cinnteachta (e.g. comhartha aitheantais arna eisiúint ag rialtas, seirbhísí aitheantais leictreonacha, seirbhísí tríú páirtí sábháilte, etc.)⁶⁴. Ar an taobh eile den scéal, tá ráthú aoise ina théarma níos leithne i bhfianaise an réimse modhanna níos leithne is féidir a úsáid chomh maith le deimhniú aoise chun aois úsáideora linbh a mheas. Trí ráthú aoise bheith mar chur chuige ag eagraíochtaí, cuirtear ar chumas iad na modhanna is feiliúnaí a roghnú maidir leis na rioscaí ar leith a bhaineann lena bpróiseáil⁶⁵.

Mar sin féin, toisc nach sainítear agus nach dtagraítear do ráthú aoise agus tearmaíocht dá leithéid sa GDPR, agus nach ndéantar an t-idirdhealú seo sa GDPR féin, measann DPC “deimhniú aoise” bheith ina théarma uileghabhálach cuí faoina gclúdaítear an speictream iomlán modhanna chun aois úsáideoirí linbh a dheimhniú bunaithe ar leibhéil éagsúla stóinseachta agus cruinnis. I bhfocail eile, chun críocha na mBunphrionsabal, clúdaítear faoi dheimhniú aoise modhanna a chuimsíonn an raon éifeachtúlachta, ó gheataí aoise ar thaobh amháin go comhartha aitheantais arna eisiúint ag rialtas ar an taobh eile agus gach rud eatarthu. Léiriú ar an gcur chuige seo is ea an Prionsabal “Bunmhéid Cosanta” ina luaitear gur cheart d’eagraíochtaí déileáil le gach úsáideoir amhail is gur leanbh atá ann mar réamhsocrú nó cur chuige rioscabhunaithe a ghlacadh i ndáil le deimhniú aoise. Dá bhrí sin, bheadh modhanna deimhnithe aoise atá níos simplí agus nach bhfuil chomh cunórach céanna leordhóthanach maidir le cineálacha próiseála ísealriosca. Leanfaidh an DPC de mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt an tionscail agus téarmaíocht pháirtithe leasmhara sa réimse seo.

Chun pointe a bhaint amach i gcás go mbeadh sí ábalta a dheimhniú gur thug an tuismitheoir/ caomhnóir toiliú le próiseáil shonraí pearsanta a linbh, d’fhéadfadh sé gurb é an cás go mbeadh ar eagraíocht ar líne a dhearbhu ar dtús cé acu an é leanbh é an t-úsáideoir atá faoi bhun 16 bliana d’aois. Cé nach bhfuil ceanglas follasach sa GDPR aois úsáideoirí a dheimhniú lena fháil amach an bhfuil siad faoin aois toilithe dhigitigh nó nach bhfuil, is é sin impleacht phraiticiúil Airteagal 8 i bhformhór na gcásanna⁶⁶. Mar a thagraítear thuas, ní dhéantar tagairt shonrach sa GDPR do dheimhniú aoise, agus mar an gcéanna ní luaitear aon rud faoi cad iad na sásra deimhnithe aoise a measfaí iad a bheith oiriúnach. Déantar tuilleadh machnaimh faoi na sásraí sin thíos.

Faoi mar a thagraítear thuas, áfach, níl ann deimhniú aoise, nuair a úsáideann eagraíochtaí é chun tacú le brath ar thoiliú faoi Airteagal 8 mar an bonn dlíthiúil le próiseáil sonraí pearsanta, **ach cás amháin go díreach trínar féidir modhanna deimhnithe aoise a úsáid**. Aithníonn an DPC go bhfuil cuspóirí eile dá n-úsáideann eagraíocht deimhniú aoise, lena n-áirítear:

- rochtain ar a seirbhís a cheadú – mar shampla, i gcás go soláthraíonn eagraíocht seirbhís do dhaoine fásta amháin nach féidir léi de réir an dlí í a chur ar fáil do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d’aois e.g. seirbhísí a bhaineann le cearrbhachas; agus
- leagan atá oiriúnach do leanaí de sheirbhís a chur ar fáil a mheallann meascán lucht spéise i.e. trí shocruithe/ ghnéithe feabhsaithe cosanta sonraí

a thairiscint d'úsáideoirí linbh, i gcomhréir le ceanglais na mBunphrionsabal, agus i gcomhréir le ceanglais an Bhunmhéid Cosanta go háirithe.

5.4 DEIMHNIÚ AOISE AGUS EISPÉIREAS ÚSÁIDEORA AN LINBH

Tá an DPC eolach ar an imní a léiríonn páirtithe leasmhara ina chomhairliúchán 2019 go bhféadfadh sé go dtuigfeadh leanaí bearta maidir le deimhniú aoise ar líne mar chosc a bheith á chur orthu ó thairiscint na seirbhíse níos “iomláine”, nó bac a chur orthu gnéithe eile den tseirbhís is mian leo a úsáid a rochtain⁶⁷. Sonraíonn an DPC gur ardaigh saineolaithe sna réimsí maidir le cearta an linbh, sábháilteacht leanaí agus tacaíocht leanaí dóchúlacht na tuisceana sin ag leanaí.

Cé go dtagann rogha eagraíochta maidir le cé dó a dtairgfídh sí seirbhísí lasmuigh de raon feidhme na cosanta sonraí ann féin, is é seasamh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí nach dtugtar údar ar bhealach ar bith le ceanglais shonracha Airteagal 8 (lena n-áirítear an impleacht ghaolmhara go gcuireann deimhniú aoise taca faoi dheimhniú toilithe tuismitheora) nó le hoibleagáid ar bith eile faoin GDPR, lena n-áirítear **comhlíonadh cheanglais na mBunphrionsabal seo, le leanaí a “ghlasáil amach” ó eispéireas saibhir úsáideora ar bhonn comhlíonadh cosanta sonraí a mhaítear**. Mar a d'áitigh an 5Rights Foundation⁶⁸, trí úsáideoirí linbh a ghlasáil amach, ní chuirtear an acmhainn iomlán atá ag deimhniú aoise san áireamh (dá dtagraítear san eagraíocht sin mar ráthú aoise) maidir le timpeallacht ar líne a chothú ina gcuirtear eispéiris tharraingteacha agus thairbhreacha ar fáil do leanaí ina gcosnaítear a sonraí pearsanta de réir na gcaighdeán is airde. Mar an gcéanna, má sholáthraítear cur chuige dhá shraith lena mbaineann caighdeán íseal de na seirbhísí agus na gnéithe a thairgtear ar láimh amháin d'úsáideoirí linbh agus ar an lámh eile, go dtairgtear seirbhís níos fearr d'úsáideoirí aosaigh, tá an baol ann go mbainfeadh a gcearta iomlána faoin UNCRC de leanaí. Mar shampla, na rioscaí lena gcuirtear isteach ar chearta leanaí a ndearcthaí a chur in iúl go hiomlán⁶⁹, a saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis agus smaointe, i measc nithe eile, de gach cineál, a lorg, a athbhreithniú agus a thabhairt⁷⁰. Le cur chuige dá leithéid, i gcás go bhforchuireann eagraíocht bearta um dheimhniú aoise chun úsáideoirí linbh a scagadh ó úsáideoirí aosaigh, rud a mbeadh aithisiú i leibhéil na seirbhíse mar thoradh air, tá an baol ann chomh maith go rachadh leanaí “faoi cheilt”; i bhfocail eile i gcás go mothaíonn siad go mór go gcaithfeadh siad bréag a insint faoina n-aois chun rochtain a fháil ar sheirbhís a cheapann siad gur seirbhís do “dhaoine fásta”⁷¹. D'fhéadfadh sé sin a bheith éadairbheach ansin ar thaobh na heagraíochta de mar go bhféadfadh sé go mbeadh sé mar thoradh air go rachadh úsáideoirí linbh thart ar bearta um dheimhniú aoise agus go bhfaigheadh siad rochtain ar sheirbhís nach gcloíonn leis na leibhéil is airde um chosaint sonraí, faoi mar a cheanglaítear faoin GDPR do leanaí.

Mar sin féin, d'fhéadfadh soláthraithe ar líne iarrachtaí a dhéanamh tacú go dearfach le caighdeán níos airde cosanta do shonraí pearsanta leanaí le teachtaireacht ar a seirbhís a chuireann na buntáistí do leanaí agus do thuismitheoirí a bhaineann leis na cosaintí feabhsaithe sin chun cinn.

Measann an DPC gur cheart an t-eispéireas úsáideora a thairgtear d'úsáideoirí linbh a chur in oiriúint chun na rioscaí do leanaí ó phróiseáil a sonraí pearsanta i gcomhthéacs seirbhís a úsáid/ a rochtain a íoslaghdú a mhéid is féidir, gan meath ar an eispéireas úsáideora ar an iomlán agus ar infhaighteacht na ngnéithe lárnacha, arb iad an fáth a n-úsáideann leanaí an tseirbhís go príomha. Cinntítear le hardleibhéil chosanta sonraí trí dearadh agus mar réamhshocrú (déantar tuilleadh machnaimh ar an gceist sin i Roinn 7) chomh maith nach ndíreofar ar leanaí le hábhar nach bhfuil aoisoiriúnach, amhail pornagrafaíocht, rud a gcuireann leanaí síos air mar eispéireas diúltach.⁷²

5.5 AOIS ÍOSTA ÚSÁIDEORA

Sonraíonn an DPC chomh maith gur gnáthrud é i measc fhormhór na soláthraithe seirbhíse ar líne is mó a bhfuil tóir orthu aois íosta 13 bliana d'aois a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ní mheasann an DPC, trí aois íosta úsáideora a shocrú, nach seachnaítear an ceanglas do na soláthraithe seirbhíse sin cloí lena n-oibleagáidí i gcomhair úsáideoirí linbh faoin aois sin, i gcás gur dócha go n-úsáidfídh na leanaí an tseirbhís lena mbaineann. **I gcás go n-ordaíonn soláthraí seirbhíse nach bhfuil cead ag leanbh faoi aois áirithe a sheirbhís a úsáid, ní mór dóibh bearta a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh a sásraí deimhnithe aoise éifeachtach chun cosc a chur ar leanaí faoin aois sin a seirbhísí a rochtain. Má cheapann an eagraíocht nach féidir léi cosc a chur ar leanaí faoin tairseach aoise ordaithe rochtain a fháil ar a seirbhísí, beidh ar an eagraíocht mar sin a chinntiú go gcuirfear na caighdeáin chuí um chosaint sonraí i bhfeidhm chun staid na n-úsáideoirí linbh a chosaint, faoi bhun thairseach oifigiúil aoise úsáideora na heagraíochta agus os a chionn.** Ciallaíonn sé sin i gcás gur féidir le leanaí san fhórsaol, nó go ndéanann siad, go deimhin, sásraí deimhnithe aoise a sheachaint agus an tseirbhís a rochtain, níl oibleagáid ar bith ar an eagraíocht cloí leis na hoibleagáidí rialaitheora faoin GDPR, ná na caighdeáin agus na hionchais atá leagtha amach sna Bunphrionsabail seo, maidir le húsáideoirí “faoi bhun aoise”, chomh maith le húsáideoirí atá fós faoi 18 mbliana d'aois, cé go bhféadfadh siad bheith os cionn na haoise íosta úsáideora. Dá réir sin, ní ghlacann an DPC leis go cuirtear oibleagáidí rialaitheora i ndáil le húsáideoirí “faoi bhun aoise” as áit le tairseacha aoise íosta úsáideoirí go teoiriciúil.

Mar a míníodh níos luaithe, nuair a bhíonn seirbhísí eagraíochta dírithe ar leanaí/ beartaithe do leanaí, nó ar dócha go mbeidh teacht ag leanaí orthu, beag beann ar bhearta um dheimhniú aoise ar bith a úsáideann eagraíocht, ní mór don eagraíocht a chinntiú go bhfuil bearta cosaint sonraí a bhaineann go sonrach le leanaí i bhfeidhm lena gcuirfear feabhas ar an leibhéal cosanta a thugtar d'úsáideoirí linbh (beag beann ar an aois íosta oifigiúil úsáideoirí) ar na rioscaí um próiseáil sonraí a chuirtear rompu trína n-úsáid as/ rochtain ar an tseirbhís. Tá níos mó eolais maidir leis na hoibleagáidí sin leagtha amach i Roinn 7.

5.6 SÁSRAÍ UM DHEIMHNIÚ AOISE

Tá réimse teicneolaíoch na sásraí agus na n-uirlisí um dheimhniú aoise á bhforbairt i gcónaí. Mar chuid dá chomhairliúchán 2019, lorg an DPC ionchur ón lucht tionscail maidir le cad iad na modhanna a mheas siad a bheith oiriúnach le haghaidh deimhniú aoise. Bhí na freagairtí ón lucht tionscail, áfach, measartha teoranta ar an iomlán i gcomhthéacs na nuálaíochta, agus bhí drogall sna haighneachtaí maidir le moltaí sonracha ar bith a chur ar aghaidh. Tá cuid de na moltaí a cuireadh isteach mionsonraithe sa taobh-bharra. Áirítear ar na féidearthachtaí eile maidir le deimhniú aoise bearta teicniúla amhail tairseacha aoise neodracha, úsáid a bhaint as modhanna intleachta saorga (e.g. anailís a dhéanamh ar idirghníomhaíocht le seirbhís), chomh maith le féindearbhuíthe, aitheantóirí oifigiúla agus faisnéis chuntais atá ann cheana. Faoi mar atá pléite thíos, braithfidh an modh is oiriúnaí chun aois úsáideoirí a fháil amach ar chineál na seirbhísí ar líne agus ar na rioscaí do leanaí mar gheall ar an bpróiseáil sonraí.

AN MÉID A SMAOINIGH DAOINE FÁSTA MAIDIR LE FÍORÚCHÁN AOISE...

I measc moltaí a cuireadh faoi bhráid chomhairliúchán poiblí an Choimisiúin Cosanta Sonraí bhí tairseacha aois a chur chun feidhme, modhanna deimhnithe dhá chéim a úsáid, ID oifigiúil a iarraidh, seirbhísí deimhniúcháin tríú páirtí shláin a úsáid, agus modhanna deimhniúcháin ar leibhéal gléis a úsáid. Shonraigh formhór na bhfreagróirí go mbraithfidh an modh is oiriúnaí ar chomhthéacs agus ar fógaireacht na sonraí;

Mhol roinnt eagraíochtaí chomh maith go bhféadfadh sé nach é deimhniú aoise an réiteach, ag sonrú nach mór dúinn timpeallacht a chruthú ina mothóidh leanaí gur féidir leo bheith ionraic faoina n-aois nuair a chláróidh siad le seirbhís ar líne, agus má dhearbhaíonn leanbh go bhfuil siad faoi bhun 16, gur cheart cosaintí éagsúla a chur i bhfeidhm, mar shampla, teachtaireachtaí aníos oideachais, gan aon sonraí pearsanta a bhailiú, scagadh cuí, etc.

Shonraigh eagraíocht eile nach cheart go mbeadh rialaitheoirí sonraí ábalta brath ar thoiliú mar bhonn dleathach chun sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil mura féidir leo a thaispeáint go soiléir go bhfuil bearta éifeachtúla agus comhréireacha um dheimhniú aoise i bhfeidhm acu.

Níl aon réiteach atá oiriúnach do chách maidir leis an gceist um dheimhniú aoise. Is cosúil go mbeidh difríocht idir sásraí oiriúnacha um dheimhniú aoise ó chomhthéacs go comhthéacs, ag brath, mar shampla, ar thosca amhail an tseirbhís atá á cur ar fáil agus íogaireacht na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil. In aon chás, ba cheart go mbeadh bearta dá leithéid comhréireach agus bunaithe ar chur chuige bunaithe ar riosca. Ciallaíonn sé sin go soláthrófar níos mó déine/ leibhéal chinnteachta leis an bpróiseas deimhnithe faoi leith i gcás go mbaineann riosca níos airde le próiseáil na sonraí pearsanta a dhéanann an eagraíocht don úsáideoir bunaithe ar na critéir arna sainaitheint thíos i Roinn 5.7. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh féindearbhu oiriúnach do phróiseáil riosca ísil nó nuair a úsáidtear é in éineacht le teicnící eile, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le modhanna níos déine um dheimhniú aoise le haghaidh roinnt seirbhísí ar líne a mbaineann riosca níos airde leo. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí bhearta teicniúla lena ndíspreagtar dearbhuithe bréige aoise nó aitheantais.

Le fírinne, is dócha go mbeidh roinnt táirgí agus seirbhísí ag brath ar *mheascán* de mhodhanna deimhnithe aoise d'fhonn an cur chuige is éifeachtaí a chinntiú. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sásraí deimhnithe aoise tosaigh ar nós geataí aoise ach ar an gcéad chéim den slabhra deimhnithe aoise atá ag eagraíocht agus an sásra sin á leanúint le céimeanna agus idirghabhálacha ina dhiaidh sin atá dírithe ar leibhéal níos airde muiníne a fhorbairt maidir le haois úsáideora⁷³. Beidh éagsúlacht shuntasach idir na modhanna is oiriúnaí atá ag eagraíochtaí de réir an chomhthéacs, mar sin féin, cibé an meascán modhanna a úsáidtear, ní mór go mbeifí in ann neart agus éifeachtacht an toraidh a léiriú d'fhonn leibhéal iontaofachta a bhaint amach atá i gcomhréir leis na rioscaí a bhaineann leis an bpróiseáil atá i gceist.

Ar deireadh, tá sé tábhachtach a chuimhneamh nach bhfuil i ndeimhniú aoise ach ceann amháin den dá chatagóir uirlisí a bhféadfadh soláthraithe seirbhíse ar líne úsáid a bhaint astu chun cloí leis na Bunphrionsabail. Faoi mar a luadh ón dtús, is é an rogha eile “Bunmhéid Cosanta” ar fud na seirbhíse lena soláthraítear ardleibhéal chosanta sonraí d'úsáideoirí aosaigh agus linbh gan idirdhealaí a dhéanamh eatarthu.

5.7 CRITÉIR LE HAGHAIDH CUR CHUIGE BUNAITHE AR RIOSCA DO DHEIMHNIÚ AOISE

Má chinneann eagraíochtaí sásraí um dheimhniú aoise a chur chun feidhme, tá íoschritéir áirithe ann ba cheart a chur san áireamh agus an cur chuige á chinneadh. D'fhéadfadh nach mbeadh cur chuige a bheadh oiriúnach d'eagraíocht amháin oiriúnach ar chor ar bith d'eagraíocht eile. Tá rogha critéar nach bhfuil uileghabhálach sa liosta seo a leanas⁷⁴ ba cheart a chur san áireamh agus cur chuige bunaithe ar riosca maidir le deimhniú á ghlacadh:

- (a) An cineál sonraí pearsanta atá á bpróiseáil – e.g. faisnéis faoi shláinte, íomhánna/ físeáin, aitheantóirí teicniúla ar líne, sonraí teagmhála (e.g. ainm iomlán/aois/ seoladh/seoladh ríomhphoist/ uimhir fóin), faisnéis faoi chreideamh reiligiúnach nó gnéaschlaonadh, faisnéis faoi chaitheamh aimsire nó faoi shuimeanna, etc.
- (b) Íogaireacht na sonraí pearsanta sin – e.g. sonraí pearsanta catagóire speisialta, nó sonraí a d'fhéadfaí a mheas go bhfuil siad íogair ar chúiseanna eile amhail faisnéis airgeadais, faisnéis faoi chúinsí teaghlaigh nó stádas nó sonraí breithe ina gcuimsítear sonraí tríú páirtí amhail ball teaghlaigh nó cara etc.
- (c) An cineál seirbhíse atá á tairiscint don leanbh – e.g. físeán nó ardán óstála íomhánna, seirbhís oideachais, seirbhís cúraim sláinte nó tacaíochta sóisialta, aip meán sóisialta lena n-éascaítear ceangail le páirtithe aitheanta nó le strainséirí, suíomh gréasáin cluichíochta, ardán siopadóireachta, etc.
- (d) Inrochtaineacht na sonraí pearsanta a bhailítear chuig daoine eile – e.g. cé acu an é an cineál seirbhíse na sonraí pearsanta, nó gnéithe de, a fhoilsiú nó a chur ar

fáil, don domhan go ginearálta atá i gceist.

- (e) Tuilleadh próiseála de na sonraí pearsanta lena n-áirítear cé acu an roinnfear na sonraí a bhaileofar le heagraíochta eile agus na cúiseanna leis sin a dhéanamh – e.g. chun críocha fógraíochta, margaíochta nó forbairt phróifíle ag an eagraíocht nó ag tríú páirtí lena roinnfear na sonraí.

Beidh gá leis na modhanna is déine um dheimhniú aoise do sheirbhísí ar líne i gcás go bhfuil na rioscaí a thioctadh chun cinn ó phróiseáil na sonraí nó ó na gníomhaíochtaí a dhéantar trí na seirbhísí neamhdhleathach do leanaí páirt a ghlacadh iontu, mar shampla, i gcás go soláthraíonn eagraíocht seirbhís do dhaoine fásta amháin, amhail cearrbhachas, nach féidir í a sholáthar do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois de réir an dlí⁷⁵.

5.8 DEIMHNIÚ AOISE AGUS PRIONSABAIL MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ

Measann an DPC gur faoin tionscal atá sé ar deireadh bheith nuálach sa réimse sin. Ní foláir go gcloífidh gach sásra um dheimhniú aoise a fhorbrófar agus a úsáidfear leis an oibleagáid maidir le cosaint sonraí trí dheardh agus mar réamhshocrú agus ní mór measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh orthu chomh maith lena mheasúnú an gcomhlíonann an sásra lena mbaineann prionsabail na cosanta sonraí, lena n-áirítear go sonrach, íoslaghdu sonraí, teorannú cuspóirí, teorannú stórála, agus slándáil.

Agus é á leagan síos nach mór go gcomhlíonadh sásraí deimhnithe aoise an prionsabal maidir le sonraí a íoslaghdu, ní chuirtear in iúl go bhfuil coimhlint bhunúsach i gceist idir sonraí a íoslaghdu agus sonraí pearsanta a bhailiú chun críocha aois an úsáideora a dheimhniú. Ní mheasann an DPC an prionsabal maidir le sonraí a íoslaghdu bheith ina bhacainn maidir le deimhniú aoise. Tríd an bprionsabal maidir le sonraí a íoslaghdu, éilítear ar eagraíocht gan ach an t-íosmhéid faisnéise a bhailiú chun a cuspóir a bhaint amach. Ó thaobh sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha aois úsáideoirí a dheimhniú, níor chóir go mbeadh aon fhadhb i gceist le heagraíocht bheith á dhéanamh ó thaobh sonraí a íoslaghdu, ar an gcoinníoll nach mbailíonn an eagraíocht ach na sonraí atá riachtanach d'fhonn bheith in ann an leibhéal cinnteachta a bhaint amach maidir le haois a úsáideoirí i.e. an méid atá i gcomhréir leis an leibhéal riosca a eascraíonn as sonraí pearsanta a phróiseáil. Maidir leis sin, is fiú Réamhaithris 21⁷⁶ den Treoir Athbheithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc 2016 (AVMSD) a lua, ina n-aithnítear go bhfuil cosaint ar leith tuillte ag leanaí maidir lena sonraí pearsanta a phróiseáil, agus ina luaitear go bhfuil bunú sásraí cosanta leanaí ag soláthraithe seirbhísí meán ina chúis dhosheachanta maidir le sonraí pearsanta mionaoiseach a phróiseáil (béim curtha leis). Is é dearcadh an DPC nach gá go gcuireann próiseáil bhreise dá leithéid in iúl go bhfuil sé iomarcach. Ar an gcoinníoll go bhfuil sé riachtanach agus i gcomhréir leis an gcuspóir atá i gceist agus go gcloítear leis na prionsabail GDPR eile maidir le sonraí a phróiseáil, measann an DPC sonraí pearsanta a bhailiú chun críocha sainiúla aois a dheimhniú bheith ina chúis bhailí le sonraí pearsanta a phróiseáil.

Chomh maith leis sin, ní mór na prionsabail atá chomh tábhachtach céanna maidir le teorannú de réir cuspóra agus teorannú stórála sa chomhthéacs aois a dheimhniú a chur san áireamh. Ciallaíonn sé sin nach mór don eagraíocht gan sonraí pearsanta a bailíodh chun críocha aois a dheimhniú a úsáid chun críche eile ar bith (d'fhéadfaí bheith i gceist leis sin é a choinneáil scartha ó fhoinsí sonraí pearsanta eile a d'fhéadfaí a úsáid ar bhonn leanúnach e.g. chun seirbhísí leanúnacha a chur ar fáil) agus go ndéanfaí na sonraí pearsanta a bailíodh, atá mar bhonn don phróiseas deimhnithe aoise a bhfuiltear chun tabhairt faoi, a scriosadh i ndiaidh don leibhéal iontaoibhe maidir le haois an úsáideora bheith bainte amach. Maidir leis sin, ba chóir go mbeadh bearta soiléire curtha i bhfeidhm ag eagraíochtaí maidir leis an uair agus an chaoi a mheasann siad go bhfuil tairseach dá leithéid bainte amach ionas go mbeidh pointe críochna ann ar ina dhiaidh sin nach gcoinneofar na sonraí a thuilleadh.



Margaíocht dhíreach, próifíliú agus fógraíochta

Déantar na rioscaí a bhaineann le próiseáil sonraí leanaí a mhéadú leis na gnéithe deartha agus teicnící margaíochta a chuimsítear, amhail próifíliú agus fógraíocht iompair, nó an áit a bhfuil an leanbh a aithint i bpróiseáil sonraí geoshuímh. Ní fhorchuirtear toirmeasc iomlán leis an GDPR ar eagraíocht a dhéanann margaíocht (i.e. fógraíocht) i measc leanaí,⁷⁷ ach sonraítear ann gur cheart go mbeadh cosaintí sonracha i bhfeidhm do leanaí agus margaíocht á díriú orthu nó próifíliú úsáideora á gcruthú acu.

Go sonrach, sonraítear i Réamhaithris 38 gur cheart don chosaint shonrach atá dlite do leanaí *“bheith i bhfeidhm, go háirithe, maidir le húsáid sonraí pearsanta i ndáil le leanaí chun críocha na margaíochta nó chun próifíliú pearsantachta nó úsáideora a chruthú agus sonraí pearsanta i ndáil le leanaí a bhailiú agus seirbhísí atá á dtairiscint go díreach do leanbh á n-úsáid.”* Ina Thuairim 2013⁷⁸ maidir le hAipeanna agus Gléasanna Cliste, d'ordaigh réamhtheachtaí an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí, Meitheal Airteagal 29, maidir le leas an linbh *“nár cheart do chuideachtaí sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil chun críocha fógraíocht iompair, go díreach ná go hindíreach, toisc go mbeidh sé sin lasmuigh de raon feidhme tuisceana linbh agus dá réir sin sáraíonn siad teorainneacha na próiseála dleathaí”*. D'athluadh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí an prionsabal sin ina threoirlínte maidir le cinnteoireachta aonair uathobrithe agus próifíliú agus sonraíonn sé gur cheart **d'eagraíochtaí, go ginearálta, próifíliú leanaí chun críocha fógraíochta a sheachaint**, mar gheall ar a leochaileacht agus ar a soghabháiltacht i leith fógraíocht iompair. Is é sin an cás go háirithe le haghaidh cluichí ar líne agus seirbhísí eile na sochaí faisnéise a mbaineann úsáid as próifíliú chun úsáideoirí a aithint a d'fhéadfaí iad a spreagadh chun tuilleadh airgid a chaitheamh⁷⁹. Chuir Comhairle na hEorpa dearthaí comhchosúla in iúl⁸⁰ chomh maith le Cód um Dhearadh Aisoiriúnach ICO, chomh maith le Cód um Dhearadh Aisoiriúnach ICO. Le deireanas, d'éiligh Coiste na Náisiún Aontaithe ina Ráiteas Ginearálta Uimh. 25 **cosc ar leanaí d'aois ar bith a phróifíliú nó díriú orthu** chun críocha tráchtála ar bhonn taifid dhigitigh dá dtréithe iarbhir nó intuigthe, lena n-áirítear sonraí grúpa nó comhchoiteanna, díriú trí cheangal nó próifíliú finíochta⁸¹.

6.1 MARGAÍOCHT DHÍREACH

Baineann margaíocht dhíreach de ghnáth le heagraíocht agus iarracht á déanamh aici táirge nó seirbhís a chur chun cinn.⁸² I gcás go gcuirtear gníomhaíochtaí den sórt sin i gcrích trí ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, facsanna nó glaonna fóin tugtar margaíocht leictreonach dhíreach air go ginearálta. Tá margaíocht leictreonach dhíreach rialaithe sa chéad dul síos faoi na Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideachtas (I.R. 336/2011)⁸³. I Rialachán 13 den reachtaíocht sin leagtar amach rialacha an-docht nach mór d'eagraíochtaí a sheolann teachtaireachtaí margaíochta dírí leictreonaí tríd an bhfón, SMA, ríomhphost agus facs iad a chomhlíonadh.

Má sheolann eagraíocht margaíocht leictreonach dhíreach, teastaíonn toiliú deimhneach na ndaoine aonair ar mian léi na teachtaireachtaí sin a chur chucu uathí (amhail glacadh go sonrach le teachtaireachta margaíochta a fháil) faoi Rialachán 13 de na Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideachtas⁸⁴. Beidh an ceanglas sin maidir le toiliú i bhfeidhm beag beann ar cé acu an bhfuil an t-ábhar á chur ag duine fásta nó ag leanbh.

Is ionann an toiliú a theastaíonn chun teachtaireachtaí margaíochta dírí leictreonaí dá leithéid a fháil agus an caighdeán céanna atá leagtha amach sa GDPR, i bhfocail eile, caithfidh sé cloí le ceanglais, i measc eile, Airteagal 4(11) (sainmhíniú ar thoiliú) agus Airteagal 7 (coinníollacha maidir le toiliú)⁸⁵. Fiú má bhíonn toiliú duine ag eagraíocht a sheolann margaíocht dhíreach maidir leis na teachtaireachtaí sin a chur chuige nó chuici, is féidir an toiliú sin a aistarraingt. Ní foláir go mbeidh bealach bailí i ngach teachtaireacht margaíochta dírí leictreonaí a chuirfear ag duine a thug toiliú leis na teachtaireachtaí sin a fháil ionas go mbeidh siad ábalta tarraingt amach saor in aisce.

Is cosúil go bhfuil an aois toilithe dhigitigh, de réir Airteagal 8 den GDPR (féach Roinn 5.1 thuas), i bhfeidhm maidir le teachtaireachtaí margaíochta dírí leictreonaí a chuirtear trí SMS agus ríomhphost⁸⁶ mar is cosúil go dtagann teachtaireachtaí a sheoltar trí na modhanna sin laistigh den sainmhíniú ar “sheirbhísí na sochaí faisnéise” dá dtagraítear in Airteagal 8 den GDPR⁸⁷. Dá réir sin, ní féidir ach le leanaí atá 16 bliana d’aois nó níos sine nó tuismitheoir/caomhnóir linbh atá faoi bhun 16 bliana d’aois toiliú a thabhairt maidir leis na teachtaireachtaí margaíochta dírí leictreonaí a sheoltar trí SMS nó ríomhphost i gcomhréir le forálacha Airteagal 8. Beag beann ar an gceist um thoiliú, ba cheart go dtabharfar d’eagraíochtaí ar mian leo teachtaireachtaí margaíochta dá leithéid a sheoladh chuig leanaí aird ar na prionsabail a bhfuil tuilleadh eolais fúthu thíos maidir le leas leanaí sa chomhthéacs sin.

Seachas i gcás gur thug an faighteoir toiliú chun teachtaireachtaí margaíochta dírí leictreonaí a fháil, tá cúinsí eile i gceist ina féidir le heagraíochtaí teachtaireachtaí margaíochta leictreonaí dírí a chur chuig daoine aonair⁸⁸. Áirítear leis sin cás ina bhfaigheann eagraíocht sonraí duine éigin mar gur dhíol eagraíocht táirge nó seirbhís leo (i.e. i gcomhthéacs caidreamh custaiméara). Anseo, is é an riail nach mór gur tugadh deis shoiléir agus shainiúil don duine *diúltú* d’úsáid na sonraí sin le haghaidh margaíocht dhíreach amach anseo. Tugtar an riail um “roghnú bog” air sin. Tá an fheidhm chéanna ag na prionsabail maidir le trédhearcacht do leanaí (arna leagan amach i Roinn 3 thuas) maidir leis an bhfaisnéis a chaithfear a thabhairt do leanaí sa chás sin ionas go dtuigfidh siad go bhfuil an ceart acu “diúltú” do theachtairachtaí margaíochta amach anseo agus gur féidir leo an rogha sin a fheidhmiú go héasca. Arís, ba cheart go dtabharfadh eagraíochtaí ar mian leo teachtaireachtaí margaíochta dá leithéid a sheoladh chuig leanaí, ar bhonn na rialach um “roghnú bog” aird ar na prionsabail a bhfuil tuilleadh eolais fúthu thíos maidir le leas leanaí sa chomhthéacs sin.

6.1.1 LEASANNA DLISTEANACHA AGUS MARGAÍOCHT DHÍREACH

D’fhéadfadh sé go measfadh gnólachtaí i roinnt cásanna go bhfuil leas dlisteanach ann le dul i mbun margaíocht dhíreach. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, cé go léirítear i Réamhaithris 47 den GDPR *“d’fhéadfaí a mheas go ndéantar margaíocht dhíreach chun críocha leas dlisteanach”*, ní bheidh sé sin ceadaithe i ngníomh ach i gcúinsí teoranta. D’fhéadfadh sé go mbeadh sé i bhfeidhm, mar shampla, maidir le hábhar margaíochta dírí a sheoladh sa phost nó ábhar margaíochta a chuirtear chuig lucht spéise leathan seachas bheith dírithe ar duine aonair. I gcás go dteastaíonn toiliú le haghaidh margaíocht leictreonach dhíreach faoi na Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideacht, mar a míníodh thuas, ní féidir le heagraíocht ceanglas chun toiliú daoine aonair a fháil a chur in ionad bonn dlíthiúil amhail leasanna dlisteanacha. Is é an chúis leis sin go dtugtar tús áite do na rialacha speisialta atá i bhfeidhm maidir le margaíocht leictreonach dhíreach gan iarraidh faoi na Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideacht agus ní mór iad a chur i bhfeidhm thar rialacha an GDPR. Dá réir sin, ní féidir brath ar leasanna dlisteanacha i gcás dá leithéid.

I gcás go lorgaíonn eagraíocht brath ar leasanna dlisteanacha mar bhonn dlí chun dul i mbun cineálacha eile margaíochta dírí (i.e. sa phost) beidh forálacha Airteagal 6(1)(f) den GDPR i bhfeidhm. Go ginearálta, ní mór don tástáil chothromaithe a theastaíonn nuair a bhraitear ar bhonn dlíthiúil tairseach ard a chomhlíonadh lena thaispeáint nach raibh leasanna dlisteanacha an rialaitheora sonraí (nó tríú páirtí, nuair is infheidhme) sáraithe ag leasanna nó cearta nó saoirsí bunúsacha daoine aonair. Faoi mar atá leagtha amach i Roinn 2.4, áfach, maidir le leasanna dlisteanacha, measann an DPC nach mór d’eagraíochtaí a phróiseálann sonraí leanaí a bhraitheann ar an mbonn dlíthiúil sin a chinntiú nach gcuirfear bac le leasanna dlisteanacha a bhféachtar leo ar leas an linbh, nach dtiocfaidh siad salach air nó nach mbeidh tionchar diúltach acu air, **ar aon leibhéal**. Tá sé sin pléite go mion i gcomhthéacs margaíochta thíos.

6.1.2 GDPR - CEART CHUN AGÓID I GCOINNE MARGAÍOCHTA

Airteagal 21: (...) I gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha margaíocht dhíreach, beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí agóid a dhéanamh am ar bith i gcoinne próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi chun críocha na margaíochta sin, lena n-áirítear próifíliú a mhéid is a bhaineann sé le margaíocht dhíreach den chineál sin.

Réamhaithris 70: I gcás ina bpróiseáiltear sonraí pearsanta chun margaíocht dhíreach a dhéanamh, ba cheart an ceart a bheith ag an ábhar sonraí agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil den sórt sin, lena n-áirítear próifíliú a mhéid a bhaineann sé le margaíocht dhíreach den sórt sin, cé acu i dtaobh próiseáil thosaigh nó tuilleadh próiseála, tráth ar bith agus saor in aisce. Ba cheart an ceart sin a thabhairt go sainráite d'aire an ábhair sonraí agus a chur faoina bhráid nó faoina bráid go soiléir agus é scartha amach ó aon fhaisnéis eile.

Soláthraítear coimircí breise sa GDPR do dhaoine aonair i ndáil le próiseáil a sonraí pearsanta chun críocha margaíocht dhíreach go ginearálta. Faoi Airteagal 21(2) den GDPR tá an ceart ag duine aonair agóid a dhéanamh ag am ar bith i gcoinne úsáid a sonraí pearsanta le haghaidh margaíocht dhíreach, lena n-áirítear próifíliú a bhaineann le margaíocht dhíreach dá leithéid (tá tuilleadh eolais curtha ar fáil maidir le próifíliú thíos i Roinn 6.2). I gcás go bhfeidhmíonn duine aonair an ceart sin chun agóid a dhéanamh, foráiltear in Airteagal 21(3) nach ndéanfar a sonraí pearsanta a phróiseáil a thuilleadh chun na críche sin. Ba cheart an ceart sin chun agóid a dhéanamh a dhíriú ar aird daoine aonair agus a chur faoina bhráid nó faoina bráid go soiléir agus é scartha amach ó aon fhaisnéis eile. Maidir leis sin i gcás go bhfuil sonraí pearsanta leanaí á bpróiseáil chun críocha margaíocht dhíreach, cé acu an ndéanfar an mhargaíocht trí fhoirm leictreonach nó ar bhealach eile, (faoi mar atá luaithe thuas agus thíos, ní foláir go gcloífidh sé sin leis na ceanglais maidir le bonn dlíthiúil agus an prionsabal um leas), ba cheart é a dhéanamh soiléir do leanaí gur féidir leo agóid a dhéanamh i gcoinne úsáid a sonraí ar an dóigh sin. Ba cheart faisnéis dá leithéid a chur in iúl i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach i Roinn 3 thuas.

6.1.3 TOILIÚ MAIDIR LE MARGAÍOCHT CHUIG LEANAÍ

Faoi mar a luadh thuas, is cosúil go mbeidh na rialacha maidir le haois toilithe dhigitigh i bhfeidhm ar theachtaireachtaí margaíochta díri leictreonaí a sheoltar trí SMS agus ríomhphost, rud a chiallaíonn nach féidir ach le leanaí os cionn 16 bliana d'aois toiliú a thabhairt thar a gceann féin chun na teachtaireachtaí a fháil. Le modhanna eile teachtaireachtaí margaíochta díri, ní theastaíonn ceanglas aoise íosta ó leanbh chun toiliú a thabhairt lena sonraí pearsanta a phróiseáil. Go teoiriciúil ciallaíonn sé sin gur féidir leis na heagraíochtaí gníomhaíochtaí margaíochta éigin a dhéanamh i measc leanaí i gcás go bhfuarthas a dtoiliú. In aon chás, áfach, ina bhfuil eagraíocht ag smaoineamh ar ghníomhaíochtaí margaíochta a dhíriú ar leanaí, ní mór di bheith an-aireach faoi amhlaidh a dhéanamh⁸⁹.



Ní mór d'eagraíochtaí ar dtús a chinntiú go bhfuil toiliú ar bith ó leanbh a mbraitheair air i gcomhréir le ceanglais an GDPR, i bhfocail eile, gur tugadh faoi shaoirse é, go bhfuil sé sonrach, eolasach agus gan athbhrí. Ciallaíonn sé sin gur cheart, i measc nithe eile, gach eolas a thabhairt don leanbh a "roghnaigh" nó a chláraigh le hábhar margaíochta a fháil faoina n-úsáid as a sonraí pearsanta. Maidir leis sin, tá na hoibleagáidí maidir le trédhearcacht atá pléite i Roinn 3 i bhfeidhm go hiomlán. Ba cheart go mbeadh tuiscint ag an leanbh, de réir aoise/ cumais, ar na hiarmhairtí a bheadh i gceist dóibh mar thoradh ar thoiliú a thabhairt i gcomhair phróiseáil a sonraí pearsanta chun críche margaíochta.

AN MÉID A BHÍ LE RÁ AG LEANAÍ MAIDIR LE COMHLACHTAÍ AG ÚSÁID A GCUID SONRAÍ PEARSANTA CHUN FÓGRAÍ A THAISPEÁINT DÓIBH...

Cheap 60% de leanaí agus de dhaoine óga nár cheart go mbeadh cead ag cuideachtaí a sonraí pearsanta a úsáid chun fógraí pearsantaithe a thairiscint dóibh, agus ba iad leanaí ó 10 go 12 bhliain d'aois ba mhó a bhí ina choinne sin.

D'áitigh iad siúd a bhí ina choinne go raibh fógraí pearsantaithe ciapach, gur sháraigh siad príobháideacht nó nach raibh gnó ar bith ag cuideachtaí a sonraí pearsanta a úsáid chun críocha brabúis.

Chuimhnigh leanaí eile ar eispéiris a chuir as dóibh go raibh fógraí pearsantaithe á "leanúint" ar an idirlíon, agus chuir grúpa amháin leanaí idir 8 agus 9 mbliana d'aois fógraí teilifíse agus fógraí ar líne i gcomparáid lena chéile, ag rá go raibh fógraí líne "an-scanrúil toisc go ndírítear díreach ort féin iad agus ní ar gach duine cosúil le fógra teilifíse".



Bhí imní ar rang amháin chomh maith faoi na brúnna airgeadais a chuireann na fógraí sin ar thuismitheoirí.



Ar an lámh eile, cheap 40% de leanaí agus de dhaoine óga gur cheart go mbeadh cead ag cuideachtaí a sonraí pearsanta a úsáid chun fógraí pearsantaithe a thairiscint dóibh.

Ba iad leanaí 12-14 bliana d'aois ba mhó a bhí ina bhfabhar sin. Léirigh na leanaí sin áisiúlacht na bhfógraí saincheaptha sin minic. Ní raibh cuid eile díobh chomh díograiseach fúthu ach ghlac siad leis go raibh gá leo chun seirbhís saor in aisce a sholáthar.



Go ríthábhachtach, áfach, ní mór d'eagraíochtaí cloí leis an bprionsabal go dtabharfar tús áite i gcónaí do leas an linbh agus cinneadh á dhéanamh acu faoi cad a fhógróidh siad i do leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Beidh sé sin i bhfeidhm i gcás go mbraitheann ar thoiliú (cé acu an leanbh a thug an toiliú, nó tuismitheoir/ caomhnóir thar a gceann, de réir mar is infheidhme) agus mar an gcéanna nuair a bhraithfidh eagraíocht ar cheann de na forálacha eile is infheidhme chun gníomhaíochtaí margaíochta dírí leictreonaí a dhéanamh, amhail an riail um "roghnú bog" a bhfuil cur síos déanta air thuas i gcomhthéacs sonraí teagmhála linbh a fháil trí chaidreamh custaiméara.⁹⁰ **Má chinneann eagraíochtaí gníomhaíochtaí margaíochta dírí leictreonaí a dhéanamh a dhíríonn ar leanaí, ba cheart go mbeadh siad ábalta an dóigh a bhfuil sé sin chun leas an linbh a thaispeáint, beag beann ar shamhail ghnó nó leasanna tráchtála na heagraíochta.** Mar an gcéanna, nuair is margaíocht dhíreach neamh-leictreonach atá i gceist (amhail margaíocht tríd an bpost), cé nach bhfuil cosc amach is amach ar ghníomhaíochtaí dá leithéid a dhíríú ar leanaí, beidh an prionsabal um leas an linbh fós ina phríomhchritéar agus measúnú á dhéanamh ar dhéanamh na ngníomhaíochtaí sin i gcomhréir leis na prionsabail maidir le cosaint speisialta leanaí faoin GDPR.

Faoi mar a luadh cheana, i Réamhaithris 47 den GDPR foráiltear go bhféadfar próiseáil sonraí pearsanta chun críocha na margaíochta dírí a mheas mar phróiseáil a dhéantar ar mhaithe le leas dlísteanaigh. Mar a phléitear i Roinn 2.4, áfach, ciallaíonn sé sin nach mór d'eagraíochtaí a phróiseálann sonraí leanaí a bhraitheann ar an mbonn dlíthiúil sin a chinntiú nach gcuirfear bac le leasanna dlísteanaigh a bhféachtar leo ar leas an linbh, nach dtiocfaidh siad salach air nó nach mbeidh tionchar diúltach acu air, ar aon leibhéal. I gcomhthéacs na margaíochta dírí, cé acu leictreonach nó ar shlí eile, measann an DPC maidir le hoibríochtaí próiseála sonraí a bhaineann le próifíliú (féach Roinn 6.2 thíos), margaíochta agus fógraíochta chun leasanna tráchtála/ gnó eagraíochta a shaothrú, nach dtiocfaidh siad le seasamh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí nach cheart cur isteach ar chor ar bith ar leas an linbh i bpróiseáil a sonraí pearsanta. Dá réir sin, mura féidir le heagraíochta a thaispeáint go gcuirtear leas an linbh chun cinn go dearfach leis na gníomhaíochtaí margaíochta dírí lena mbaineann a bhraitheann ar phróiseáil sonraí pearsanta leanaí chun an margaíocht a dhéanamh (beag beann ar an mbonn dlíthiúil a mbeifear ag brath air), nár cheart na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh. Áirítear iad seo a leanas ar na réimsí inar féidir margaíocht dhíreach a úsáid chun leas an linbh a chur chun cinn go dearfach: seirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochta; seirbhísí oideachais, sláinte agus sóisialta; agus eagraíochtaí tacaíochta agus ionadaíochta.

6.2 PRÓIFÍLIÚ AGUS CINNTEOIREACHT UATHOIBRITHE

Is éard is próifíliú ann dóigh le sonraí pearsanta duine éigin a úsáid chun saintréithe faoin duine sin a thuar nó a anailísiú amhail seirbhísí a mbeidh suim acu iontu, na rudaí is mian leo agus nach mian leo, roghanna, tuairimí agus dearcthaí, nó a n-iompar.⁹¹ Mar shampla, d'fhéadfadh eagraíocht faisnéis a bhailiú óna/faoina gcustaiméirí nó úsáideoirí le hiarracht a dhéanamh seirbhísí nó táirgí eile a bhféadfadh siad suim a bheith acu iontu a thuar.

Is féidir próifíliú a shíneadh chomh maith chun sonraí pearsanta i

CAD A BHÍ LE RÁ AG DAOINE FÁSTA...

Áitíodh i bhformhór na n-aighneachtaí i gcás go dtagann cearta leanaí salach ar leasanna dlísteanaigh eagraíochtaí, go mbeidh tús áite ag cearta leanaí i gcónaí.

Cheap a lán díobh nár cheart go mbeadh leasanna dlísteanaigh an rialaitheora i bhfeidhm ach i sraith theoranta cúinsí. Na tosca ba cheart a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na réimsí éiginnte lena n-áirítear leibhéal fhorbairt chognaíoch an linbh, riosca na próiseála, íogaireacht na sonraí, etc.

Bhí 61% de na haighneachtaí i bhfabhar cosc a chur ar phróifíliú leanaí chun críocha margaíochta, agus bhí 39% ina choinne.

Ba iad cuideachtaí teicneolaíochta go príomha a bhí ina choinne, ar áitigh siad nach gcuirtear cosc go follasach leis an GDPR ar phróifíliú leanaí agus gur cheart gur faoi na tuismitheoirí a bheadh sé cinneadh a dhéanamh.

Chuir na daoine a bhí ina bhfabhar béim ar leochaileacht na leanaí agus d'áitigh siad nach mbíonn an t-eolas nó an saineolas ag tuismitheoirí go minic chun cinntí eolasacha a dhéanamh faoi shaol digiteach a leanaí.

bpróifíl ar dhuine aonair a úsáid chun cinntí uathoibrithe a dhéanamh fúthu (e.g. algartaim nó intleacht shaorga a úsáid i gcás nach bhfuil gné dhaonna ar bith i gceist). In Airteagal 22 den GDPR cuirtear cosc ar chinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú, faoi dhaoine aonair i gcás go bhféadfadh éifeachtaí suntasacha dlíthiúla nó éifeachtaí suntasacha comhchosúla eile (e.g. a bhaineann le, i measc nithe eile, cearta conarthacha nó dlíthiúla⁹²), mura féidir leis an eagraíocht a bheidh an chinnteoireacht á déanamh aici a thaispeáint go bhfuil feidhm ag ceann de na heisceachtaí ar an bprionsabal atá leagtha amach in Airteagal 22(2) i bhfeidhm.⁹³ **Go tábhachtach, i Réamhaithris 71 sonraítear maidir le bearta a bhaineann le “cinnteoireacht uathoibrithe amháin, lena n-áirítear próifíliú, lena mbaineann éifeachtaí dlíthiúla nó éifeachtaí comhchosúla”, “nár cheart go mbainfeadh siad le leanaí”. D’ordaigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí nár cheart cinnteoireacht uathoibrithe amháin, lena n-áirítear próifíliú, lena soláthraítear éifeachtaí dlíthiúla nó comhchosúla a úsáid le haghaidh leanaí.** Lena chois sin, de réir an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí, níor cheart bheith ag brath ar eisceachtaí ar an riail i gcoinne an chineáil sin próiseála i ndáil le sonraí leanaí a phróiseáil seachas cúinsí teoranta amháin go bhfuil gá leis chun a leas a chosaint⁹⁴. D’aithin an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí chomh maith go bhféadfadh sé, i gcúinsí áirithe, go dtiocfadh fógraíocht spriocdhírithe bunaithe ar phróifíliú faoin gcosc in Airteagal 22 toisc go bhféadfadh sé go mbeadh éifeachtaí suntasacha aige e.g. ar dhaoine fásta leochaileacha nó ar ghrúpaí mionlaigh. I ngné chomhchosúil, d’aithint an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí chomh maith go bhféadfadh leanaí go háirithe a bheith soghabhálach sa timpeallacht ar líne agus go bhféadfadh fógraíocht iompair tionchar a imirt orthu go héasca.

6.2.1 PRÓIFÍLÍ ÚSÁIDEOIRÍ AGUS TEICNEOLAÍOCHTAÍ RIANAITHE

Is féidir le próifíl úsáideora a bheith ina huirlis luachmhar i dtéarmaí ioncaim d’eagraíocht toisc gur féidir leis an bhfaisnéis mhionsonraithe ar dhuine aonair atá sa phróifíl cuidiú leis an eagraíocht faisnéis, fógraí agus ábhair mhargaíochta a shaincheapadh, i measc nithe eile, go beacht de réir suimeanna, riachtanais nó tuairimí daoine aonair. Tugtar “fógraíocht iompair”, “fógraíocht spriocdhírithe” nó “fógraíocht phearsanta” air sin. I gcomhthéacs ar líne, tá méadú tagtha le blianta beaga anuas ar próifíliú daoine aonair trína dturas ar líne ar shuíomhanna gréasáin éagsúla a rianú agus trí úsáid aipeanna éagsúla ar ghléasanna nasctha iomadúla, agus trína ngníomhaíochtaí agus a n-iompar a thaifeadadh trí ghléasanna agus seirbhísí dá leithéid chun faisnéis a bhailiú fúthu.

Éascaítear próifíliú mar sin trí úsáid fianán agus trí theicneolaíochtaí rianaithe comhchosúla a úsáidtear ar shuíomhanna gréasáin, in aipeanna agus i mbréagáin nasctha. (D’fhoilsigh an DPC treoir ar leith maidir le húsáid fianán⁹⁵).

Leis na Rialacháin maidir le Ríomhphróibháideachas ceanglaítear toiliú an úsáideora a fháil i gcomhair fianán, seachas na cinn atá “an-riachtanach”. Cé go bhféadfadh sé nach bhfuil sonraí pearsanta ar bith sna fianáin féin, d’fhéadfadh próiseáil sonraí pearsanta a bheith mar thoradh ar úsáid fianán, is é sin úsáid dhíreach ag an eagraíocht, nó ag tríú páirtithe a bhfuil a bhfianáin socraithe ar ghléas an úsáideora. Aithnítear go follasach sa GDPR aitheantóirí ar líne (a bhféadfadh aitheantóirí uathúla i bhfianáin a bheith a gceist leo) mar shonraí pearsanta in Airteagal 4(1). Tá feidhm ag forálacha na Rialachán maidir le Ríomhphróibháideachas maidir le *socrú* fianán. Mar sin féin, tá próiseáil sonraí pearsanta a bhíonn *mar thoradh ar úsáid fianán* ina dhiaidh sin faoi réir fhorálacha an GDPR go hiomlán.

I gcás go n-úsáideann táirge nó seirbhís fianáin, ba cheart don eagraíocht iniúchtaí a dhéanamh lena fháil amach conas a d’fhéadfaí na fianáin sin a úsáid chun daoine aonair a phróifíliú agus ba cheart dóibh aird faoi leith a thabhairt ar an dóigh a bhféadfaí díriú leanaí mar thoradh ar a n-úsáid.

AN MÉID A BHÍ LE RÁ AG LEANAÍ MAIDIR LE FÓGRAÍ PEARSANTAITHE...

"Baineann daoine óga úsáid as na meáin shóisialta mar am "ciúin" dóibh féin, mar sin ní theastaíonn uathu go gcuirfidh fógraí isteach orthu."
(Aois 12-13)

"Tá sé cineál scanrúil, má bhí tú díreach ag labhairt le do chara faoi rud éigin agus go bhfaigheann tú fógraí faoi ansin. Tá sé cosúil le go bhfuil siad ag éisteacht leat le micreafón rúnda."
(Aois 12-13)

"Mothaíonn tú go bhfuil siad do do stácáil."
(Aois 8-12)

"Tagann fógra an-mhí-oiriúnach aníos chomh maith agus ní bhíonn tú ábalta iad a scipeáil."
(Aois 9-10)

"Ní sé féaráilte díriú ar leanaí le fógraí chun rudaí a cheannach. B'fhéidir nach mbeadh an t-airgead ag leanaí/teaghlaigh chun iad a cheannach."
(Aois 11-12)

"[...] sílimid go bhfuil [fógraí] scanrúil ach ag an am céanna ní íocfaimis as ballraíocht na suíomhanna sin."
(Aois 10-11)

"Is féidir leis cur isteach ort agus olc a chur ort an fógra céanna a fheiceáil arís agus arís eile."
(Aois 16-17)



Ba cheart go mbeadh comhéadan úsáideora ar bith a bheidh ag lorg toiliú le haghaidh úsáid fianán (ba cheart go gcloífeadh toiliú dá leithéid le ceanglais uile an GDPR mar atá leagtha amach thuas i Roinn 2.4), go háirithe i gcás go ndíríonn an táirge nó seirbhís ar leanaí, bheith éasca a úsáid agus ní mór dó chomh maith faisnéis shoiléir agus intuigthe a bheidh scríofa ar bhealach atá oiriúnach do leanaí a chur ar fáil chun míniú a thabhairt ar cad a dhéanann fianáin agus an dóigh a n-úsáidfear an fhaisnéis a gheofar trí na fianáin, agus cad iad na heagraíochtaí a úsáidfídh iad. Ba cheart go gcloífeadh comhéadan úsáideora dá leithéid a bheadh ag lorg toiliú le haghaidh úsáid fianán ó leanaí leis na prionsabail maidir le trédhearcacht atá leagtha amach i Roinn 3. In aon chás, ba cheart go gcloífeadh úsáid fianán ag eagraíochtaí leis na prionsabail a bhaineann le próifíliú leanaí chun críocha fógraíochta/ margaíochta arna leagan amach i Roinn 6 sin.

6.2.2 TEICNEOLAÍOCHT FÓGRAÍOCHTA (ADTECH)

Is éiceachóras casta é tionscal na teicneolaíochta fógraíochta (ar a tugtar “adtech”) de lear mór cineálacha éagsúla eagraíochtaí lena n-áirítear gníomhaireachtaí agus líonraí fógraíochta, bróicéirí sonraí, cuideachtaí anailísíochta sonraí, foilsitheoirí agus ceannaitheoirí. Bíonn na heagraíochtaí sin i mbun idirbhearta digiteacha ardluais agus ardtoirte, díol, roinnt, tarchur agus bailiú sonraí pearsanta a fhaightear trí úsáid teicneolaíochtaí rianaithe amhail fianán chun fógraí ard-saincheaptha a chur chuig daoine aonair bunaithe ar cad atá ar eolas acu fúthu nó cad is féidir a tuiscint uathu. Ciallaíonn sé sin gur féidir le heagraíochtaí iomadúla a lán píosáí sonraí pearsanta a choinneáil ar dhuine amháin. Tá sé deacair do dhaoine fásta, gan trácht ar leanaí, an iliomad casta de ghníomhaíochtaí dofheicthe a thuiscint. Léiríodh i dtaighde acadúil cé gur féidir le leanaí an dóigh a dtaifeadann gléasanna agus aipeanna a sonraí a thuiscint go héasca, go mbíonn deacracht acu coincheapa níos teibí a thuiscint amhail próifíliú, aitheanta trasghléis agus meiteashonraí gan ach cúpla ceann a lua. Ní bhíonn a fhios acu go minic gur leis an gcuideachta chéanna a lán de na hardáin is ansa leo agus bíonn iontas orthu go minic faoin méid faisnéise a chaithfidh siad a chur ar fáil chun na seirbhísí ar líne is ansa leo a rochtain, go háirithe nuair a bhíonn an chuma air nach bhfuil mórán baint ag an bhfaisnéis sin leis an tseirbhís atá á tairiscint⁹⁶. Mar an gcéanna, tá níos lú seans ann go mbeidh a fhios ag leanaí go bhfuil na hardáin sin saor in aisce d’úsáideoirí mar go mbailíonn agus go ndíolann/ roinneann siad méideanna ollmhóra dá sonraí – lena n-áirítear meiteashonraí a fhaightear go huathoibríoch as stampaí ama (maidir le cá huair ar tugadh cuairt ar suíomhanna nó aipeanna nó an idirghníomhaíocht a rinneadh orthu) agus sonraí suímh – le bróicéirí sonraí agus cuideachtaí anailísíochta sonraí ar féidir leo iad a úsáid chun fógraí pearsantaithe a dhíriú orthu.⁹⁷ Le tuiscint teoranta leanaí ar an dóigh a bpróiseáiltear a sonraí pearsanta agus an fáth a bpróiseáil iad sna cineálacha casta sin éiceachóras leagtar béim bhreise ar an tábhacht a bhaineann le faisnéis trédhearcachta a chur in oiriúint do leanaí faoi mar a léirítear i Roinn 3 thuas.

6.2.3 AN FÉIDIR LE HEAGRAÍOCHTAÍ ÚSÁID A BHAINT AS SONRAÍ PEARSANTA LEANAÍ CHUN IAD A PHRÓIFÍLIÚ AGUS CINNTÍ UATHOIBRITHE A DHÉANAMH FÚTHU?

Is é seasamh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí **nár cheart d’eagraíochtaí leanaí a phróifíliú, dul i mbun cinnteoireacht uathoibrithe i ndáil le leanaí, nó a sonraí pearsanta a úsáid ar shlí eile, chun críocha margaíochta/ fógraíochta mura féidir leo cén dóigh agus cad chuige a bhfuil sé chun leas an linbh é sin a dhéanamh a thaispeáint**. Chun amhras a sheachaint, ní mheasann an DPC go bhfuil sé chun leas an linbh fógraí le haghaidh cluichí/ seirbhísí/ táirgí/ físeáin a thaispeáint

dóibh etc. a bhféadfadh suim a bheith acu iontu i gcás go bhfuil na fógraí sin bunaithe ar phróifíliú. ⁹⁸ Dá réir sin tá ualach ard cruthúnais ar an eagraíocht lena thaispeáint go bhfuil sé chun leas an linbh a sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha próifílithe agus/ nó cinnteoireacht uathobrithe, nó eile, chun fógraíocht/ margaíocht/ a chur chucu⁹⁹.

Measann an DPC, dá réir sin, go mbeidh raon an-teoranta cúinsí ann ina mbeadh próifíliú leanaí agus/nó úsáid cinnteoireachta uathobrithe i ndáil le leanaí ina ngníomhaíochtaí dlísteanacha agus dleathacha faoin GDPR. D'fhéadfadh féachaint leis na bearta sin chun leas leanaí a chosaint a bheith ina eisceacht air sin.¹⁰⁰

In aon chás, má chinneann eagraíocht próifíliú a dhéanamh agus/ nó dul i mbun cinnteoireacht uathobrithe, ní mór do leanaí d'aon chuspóir, measúnú tionchair ar chosaint sonraí (DPIA) a dhéanamh ar dtús lena fháil amach an mbeidh ardriosca i gceist ar chearta agus ar shaoirse leanaí mar thoradh ar a bpróiseáil. Ní mór leas an linbh a chur san áireamh mar thosca rithabhachtach agus DPIA á dhéanamh i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta leanaí (is féidir tuilleadh faisnéise maidir le DPIA a fháil thíos i Roinn 7). Má chinneann eagraíocht go bhfuil sé chun leas an linbh i ndáiríre iad a phróifíliú agus/nó dul i mbun cinnteoireacht uathobrithe fúthu le haghaidh cuspóir sonrigh, ní mór go mbeidh an eagraíocht sin ábalta a thaispeáint go bhfuil coimircí cuí i bhfeidhm aici chun leanaí a chosaint. Ní mór di míniú a thabhairt do leanaí chomh maith, i dteanga a thuigfidh siad, faoi cad iad na sonraí pearsanta atá á n-úsáid ar an mbealach sin, an fáth a bhfuil sin á dhéanamh agus cad iad na hiarmhairtí san fhíorshaol don úsáideoir linbh trí amhlaidh a dhéanamh.

6.3 PRÓIFÍLIÚ NACH CHUN CRÍOCHA MARGAÍOCHTA AGUS FÓGRAÍOCHTA É

Aithníonn an DPC gur minic a úsáidtear próifíliú chun críocha lasmuigh d'fhógraíocht nó margaíocht spriocdhírthe. Mar shampla, luaigh an ICO¹⁰¹ go bhféadfadh próifíliú bheith oiriúnach mar uirlis deimhnithe aoise, ar an gcoinníoll (1) go gcuireann rialatheoirí úsáideoirí ar an eolas faoi go hionraic, (2) nach mbailíonn siad ach an t-íosmhéid sonraí pearsanta a theastaíonn uathu chun na críche seo, agus (3) nach n-úsáideann siad aon sonraí pearsanta a bhailíonn siad chun na críche seo chun críocha eile. Tá an DPC ar an eolas go n-úsáideann roinnt eagraíochtaí próifíliú freisin chun críocha (an méid a d'fhéadfadh siad a mheas a bheith ina) ábhar aoisoiriúnach a threorú chuig úsáideoirí linbh agus cosc a chur leo ábhar neamhoiriúnach a rochtain, ag féachaint le gnéithe slándála aoisoiriúnacha a sholáthar agus an t-eispéireas úsáideora a chur in oiriúint d'úsáideoirí linbh. Mar sin féin, i bhfianaise an leochaileacht a bhaineann le húsáideoirí linbh agus an chosaint ar leith atá tuillte acu faoi GDPR, ní mór d'eagraíochtaí bheith cáiréiseach nuair atá siad ag féachaint le sonraí leanaí a phróiseáil beag beann ar an gcuipóir, agus ní mór dóibh bheith in ann a léiriú gur chun leas an linbh aon ghníomhartha a dhéanann siad.

Molann Comhairle na hEorpa gur chóir cosc a chur le próifíliú leanaí ach amháin i gcúinsí eisceachtúla nuair is chun leas an linbh atá sé nó nuair atá leas sáraitheach poiblí i gceist, faoi réir na gcosaintí cuí.¹⁰² Ar an gcaoi chéanna, léirítear roinnt ábhair imní i ndáil le próifíliú i Ráiteas Ginearálta na Náisiún Aontaithe Uimh. 25 maidir le Cearta an Linbh sa Timpeallacht Dhigiteach¹⁰³. Go háirithe, tarraingítear aird ar na rioscaí do leanaí mar thoradh ar phróifíliú bunaithe ar shonraí míchruinne agus an acmhainneacht atá le próifíliú dá leithéid cur isteach ar chumas leanaí teacht ar thuairimí dá gcuid féin ar líne agus iad a chur in iúl ar líne¹⁰⁴.

Ar an gcaoi chéanna, ina aighneacht¹⁰⁵ maidir le Cód um Dhearadh Aoisoiriúnach ICO, leag an 5Rights Foundation líon ábhar imní amach i ndáil le próifíliú uathobrithe agus leath-uathobrithe a dhéanamh ar leanaí inar leagadh béim gurb iondúil nach mbíonn leanaí ar an eolas faoin gcineál agus méid faisnéise is féidir a thuiscint mar gheall ar a n-iompar ar líne chun críocha próifílithe, go háirithe nuair a dhéantar tacair sonraí ar


fud seirbhísí agus soláthraithe seirbhísí a thabhairt le chéile.

6.3.1 PRÓIFÍLIÚ AGUS CEART AN LINBH AR NEAMHSPLEÁCHAS

Téama athfhillteach i gcuid mhaith den litríocht atá ar fáil maidir le próifíliú, a mhéid a théann sé i bhfeidhm ar leanaí, is ea an riosca ginearálta a d'fhéadfadh bheith ag baint le próifíliú do chumas leanaí teacht ar a dtuairimí féin go neamhspleách agus cinntí neamhspleácha a dhéanamh, i bhfianaise gur féidir tionchar a imirt ar an bhfaisnéis nó ábhar is féidir le leanbh a rochtain ar líne nó tionchar a imirt ar an mbealach nó comhthéacs ina gcuirtear an fhaisnéis seo ar fáil dóibh mar gheall ar phróifíliú chun críocha seirbhísí na sochaí faisnéise a phearsantú.

Ní mór d'eagraíochtaí a úsáideann próifíliú chun críocha amhail leanaí a chumasú ábhar aoisoiriúnach a fháil agus an t-eispéireas úsáideora úsáideoirí linbh a chur in oiriúint trí mholtaí a chur ar fáil (e.g. maidir le haipeanna agus cluichí) a chinntiú go bhfuil an cineál seo próifílithe chun leas *dáiríre* an linbh. Chun cloí leis na moltaí ó Choimisiún na Náisiún Aontaithe agus grúpaí eile, ní mór d'eagraíochtaí atá i mbun próifílithe chun cuidiú le cuspóirí dá leithéid a chinntiú nach sáraíonn an cineál próifílithe seo saorthoil leanaí agus a gcumas chun cinntí neamhspleácha a dhéanamh, agus nach gcuirtear teorainn lena gcearta faisnéis chuí ó réimse leathan foinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta a rochtain de réir Airteagail 14 agus 17 den UNCRC. Chomh maith leis sin, ba chóir d'eagraíochtaí a chinntiú nach mbeidh éifeacht shuntasach ag próifíliú dá leithéid ar an leanbh chun críocha Airteagal 22 de réir threoirlínte EDPB maidir le cinnteoireacht agus próifíliú uathobrithe¹⁰⁶.

I ndeireadh na dála, beidh ar eagraíochta atá ag féachaint le leanaí a phróifíliú chun críocha ar bith machnamh oibiachtúil a dhéanamh ar na rioscaí agus iarmhairtí a bhainfeadh le próifíliú dá leithéid d'úsáideoirí linbh, agus aird faoi leith a thabhairt ar an tionchar a d'fhéadfaí a imirt ar a gcumas teacht ar a ndearcchaí féin go neamhspleách agus réimse leathan d'fhoinsí faisnéise cuí a rochtain. Chomh maith leis sin, ba chóir d'eagraíochtaí a chinntiú nach n-imríonn an próifíliú tionchar ar an leanbh roghanna a dhéanamh atá chun tairbhe na heagraíochta agus taobh amuigh de sin, caighdeán arda a chinntiú maidir le cloí le GDPR agus na Bunphrionsabail ar bhonn uilechoiteann.



Uirlisí chun
ardleibhéal
cosanta a
chinntiú do
leanaí

Airteagal 24(1): *“Agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh aige, mar aon leis na rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha, ar rioscaí iad a d’fhéadfadh teacht chun cinn agus leibhéal athraitheach déine ag gabháil leo, cuirfidh an rialaitheoir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme le háirithiú agus le bheith in ann a thaispeáint go ndéantar an phróiseáil i gcomhréir leis an Rialachán seo. Déanfar na bearta sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar gá.”*

Tagann an oibleagáid ar eagraíochtaí, mar rialaitheoirí sonraí, a chinntiú go mbainfidh leanaí tairbhe as “cosaint shonrach” faoin GDPR i bpáirt ó Airteagal 24 ina gceanglaítear nach mór do rialaitheoirí na rioscaí lena ngabhann dóchúlacht agus déine éagsúil maidir le cearta agus saoirsí daoine nádúrtha a chur san áireamh, agus bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme lena chinntiú go gcloíonn an phróiseáil leis an GDPR. Ag cur san áireamh go sainaithnítear leanaí sa GDPR mar dhaoine nádúrtha leochaileacha agus go n-iarrtar cosaintí sonracha leis le haghaidh leanaí i roinnt comhthéacsanna éagsúla, ní mór d’eagraíochtaí a chinntiú go dtabharfaidh siad aird faoi leith ar staid leanaí mar ábhair shonraí agus go gcuirfidh siad bearta a dhíríonn ar leanaí chun feidhme chun leanaí a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le próiseáil a sonraí pearsanta. Is é sin an cás go háirithe i gcomhthéacs oibleagáid an rialaitheora sonraí measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh agus i gcomhthéacs an phrionsabail um chosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Chomh maith leis sin, ba chóir d’eagraíochtaí an comhthéacs níos leithne a bhaineann le cearta leanaí (e.g. UNCRC) a chur san áireamh nuair atá a straitéisí maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh á gceapadh.

7.1 MEASÚNÚ TIONCHAIR AR CHOSAINT SONRAÍ

Airteagal 35: *I gcás inar dóchúil go dtarlódh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha de bharr chineál na próiseála, go háirithe próiseáil ina n-úsáidfí nuatheicneolaíochtaí, déanfaidh an rialaitheoir, sula ndéanfar an phróiseáil, measúnú ar thionchar na n-oibríochtaí próiseála a bheartaítear a dhéanamh ar chosaint na sonraí pearsanta, agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh. Le measúnú aonair, féadfar tabhairt faoi shraith d’oibríochtaí próiseála comhchosúla a bhfuil ardrioscaí comhchosúla ag baint leo.*

In Airteagal 35 den GDPR sonraítear nach mór do rialaitheoir Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (“DPIA”) a dhéanamh i gcás gur dócha go mbeadh ardriosca ag baint le cearta agus saoirsí daoine aonair mar gheall ar chineál próiseála sonraí, go háirithe teicneolaíochtaí úra. Leagtar amach sa GDPR chomh maith roinnt cásanna ina gcaithfidh rialaitheoir DPIA a dhéanamh. Cuirtear síos in DPIA mar phróiseas atá ceaptha chun rioscaí a thiocthadh as próiseáil sonraí pearsanta a shainaithint agus chun na rioscaí sin a íoslaghdú a mhéid is féidir agus a luaithe is féidir. Más gá, ní mór DPIA a dhéanamh sula dtosófar an phróiseáil sonraí ábhartha. Is uirlisí tábhachtacha iad DPIAanna chun rioscaí a shéanadh, agus chun comhlíonadh an GDPR a léiriú.

Ní chuirtear próiseáil sonraí pearsanta leanaí san áireamh go follasach sa GDPR mar ghníomhaíocht próiseála lena mbaineann *ardriosca*, ach i dTreoirínte an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir le Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí¹⁰⁷ liostaítear “ábhair shonraí leochaileacha” (chun leanaí a chuimsiú) mar cheann de na critéir a spreagfadh an gá le DPIA¹⁰⁸. Lena chois sin, faoi Airteagal 35(4) den GDPR, ní mór d’údaráis mhaoirseachta amhail an DPC liosta de na hoibríochtaí próiseála atá faoi réir an cheanglais maidir le DPIA a bhunú agus a chur ar fáil don phobal. Ina liosta foilsithe, shainaithin an DPC go mbeidh DPIA éigeantach chun oibríochtaí a phróiseáil lena mbaineann “*próifíliú daoine leochaileacha lena n-áirítear leanaí chun margáíocht nó seirbhísí ar líne a dhíriú ar na daoine sin*”¹⁰⁹. Chuimsigh líon mór údaráis eile um chosaint

sonraí LEE oibríochtaí próiseála a bhaineann le leanaí ina liostaí foilsithe d'oibríochtaí próiseála lena dteastaíonn DPIA chomh maith.¹¹⁰

Measann an DPC go gceanglaítear leis an bprionsabal um leas an linbh, mar a pléadh níos luaithe, gur cheart d'eagraíochtaí a dhíríonn a seirbhísí ar/ a bheartaítear a seirbhísí do leanaí, nó ar dócha go mbeidh rochtain ag leanaí orthu, **DPIA a dhéanamh i ndáil leis na cineálacha éagsúla oibríochtaí próiseála a dhéantar ar shonraí pearsanta úsáideoirí linbh.**¹¹¹ Ba cheart aoiseanna, cumais agus riachtanais forbartha úsáideoirí linbh a chuimsiú sna measúnuithe riosca sin chomh maith leis na rioscaí iarbhrí agus na rioscaí féideartha a chur san áireamh a thiocfadh as próiseáil sonraí ar shláine, ar fholláine agus ar leas ginearálta an linbh, lena n-áirítear díobháil shóisialta, mheabhrach, choirp agus airgeadais. Ní foláir go mbeidh prionsabal um leas an linbh ar cheann de na príomhuirlisí measúnaithe riosca agus DPIA á dhéanamh i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta leanaí.

Measann an DPC i gcás go ndearna (nó nach ndearna) eagraíochtaí DPIA cuimsitheach agus fiúntach i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta úsáideoirí linbh, go mbeidh sé sin ina chritéar ábhartha i measúnú ar bith arna dhéanamh ag an DPC ar comhlíonadh eagraíochta maidir lena hoibleagáidí faoin GDPR, go háirithe i ndáil le freagrachtaí an rialaitheora faoi Airteagal 24 (dár tagrúidh ag tús Roinn 7) lena n-áirítear an oibleagáid dóchúlacht agus déine na rioscaí do dhaoine aonair mar thoradh ar a sonraí pearsanta a phróiseáil a chur san áireamh. Tá DPIA a dhírítear ar leanaí ar an gcéad chéim chun riosca a thiocfadh as sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil a mhaolú, agus measfar é mar phríomhbheart maidir le comhlíonadh ceanglas dlíthiúil reatha maidir le staid leanaí mar ábhair shonraí a chosaint.

Mar chuid de DPIA atá dírithe ar leanaí, ba chóir d'eagraíochtaí breithniú a dhéanamh ar Mheasúnuithe Tionchair um Chearta Leanaí (CRIA) a chur i gcrích. Chomh maith leis sin, tharraing acadóirí iomráiteacha sa réimse maidir le cearta leanaí aird ar na tairbhí atá i gceist le CRIAnna a úsáid mar uirlis "chun an Coinbhinsiún agus a Airteagal 3, maidir le tús áite a thabhairt do leasa an linbh, a chur i ngníomh ar bhealach nithiúil agus struchtúrtha¹¹²." Tá an CRIA ina mheasúnú tionchair chearta daonna atá dírithe ar leanaí ina mbaintear úsáid as an UNCRC dá chreat, agus tá an Coimisiún um Thodhchaíocht Dhigiteach ag déanamh iniúchadh ar indéantacht soláthraithe digiteacha chun CRIAnna a chur i gcrích mar bhealach chun leas leanaí a neadú i ndomhan digiteach¹¹³.

Chomh maith leis sin, cuirtear CRIAnna san áireamh ag leibhéal idirnáisiunta, trí Choiste na Náisiún Aontaithe ag sonrú na freagrachtaí atá ar ghnónna meas a bheith acu ar chearta leanaí agus iad a leigheas¹¹⁴ agus a éileamh ar ghnónna dícheall chuí a chur i gcrích i leith cearta leanaí agus torthaí CRIA ar bith a fhoilsiú i gcomhair grinnschrúdú poiblí¹¹⁵. Ina theannta sin, i Ráiteas Ginearálta Uimh. 25, éilíonn Coiste na Náisiún Aontaithe ar Stáit údarás a thabhairt d'úsáid CRIAnna chun cearta leanaí a neadú maidir leis an timpeallacht dhigiteach a rialú agus a leagan amach.

D'aithin roinnt údaráis cosanta sonraí san Eoraip na tairbhí a bhaineann le CRIAnna, agus DPA na hÍsiltíre ag éileamh CRIAnna a chur i gcrích maidir le seirbhísí digiteacha a leagan amach, ar trí sin a dtabharfaí le chéile gach duine atá páirteach i leagan amach na seirbhíse (e.g. forbróirí, dlíodóirí, teicneolaithe, etc.) ach chomh maith leis sin, saíneolaithe ar chearta leanaí agus leanaí féin¹¹⁶.

Dá réir sin, d'fhéadfadh eagraíochtaí bheith ag iarraidh CRIAnna a úsáid mar uirlis chun prionsabal leasa an linbh a chur i ngníomh. Dar leis an DPC, is ionann CRI cuimsitheach a dhéanamh agus uirlis chumhachtach chun cuidiú le heagraíocht a léiriú go bhfuil sí a chomhlíonadh a hoibleagáidí Airteagal 24 agus 25 i ndáil le sonraí leanaí a phróiseáil.

7.2 COSAINT SONRAÍ TRÍ DHEARADH AGUS MAR RÉAMHSHOCRÚ

In Airteagal 25 sonraítear nach mór do rialaitheoirí “[...] bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme, amhail ainm bréige a chur i bhfeidhm, a cheaptar chun na prionsabail a bhaineann le cosaint sonraí a chur chun feidhme, amhail íoslaghú sonraí, ar bhealach éifeachtach agus na coimircí is gá a chomhtháthú sa phróiseáil d’fhonn ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh agus cearta na n-ábhar sonraí a chosaint.”

Leis an GDPR forchuirtear oibleagáid um chosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú ar eagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta. In Airteagal 25(2) den GDPR leagtar béim ar an gceanglas um bearta teicniúla agus eagraíochtúla réamhshocráithe a bhaineann le híoslaghdú sonraí, teorannú cuspóra agus coinneáil sonraí¹¹⁷. **Ciallaíonn sé sin gur cheart bearta um chosaint sonraí a ionsú i dtáirge nó in ailtireacht agus feidhmiú táirge ó thús an phróisis táirgthe (seachas é a bhreithniú i ndiaidh na céime forbartha) agus gur cheart na socruithe príobháideachais is doichte a chur i bhfeidhm go huathoibríoch ar tháirge nó ar sheirbhís.** Níor cheart go gcaithfidh an t-úsáideoir socruithe a dhíghníomhachtú (e.g. a chasadh as) a chuirfeadh isteach ar phríobháideacht duine éigin, amhail rianú suímh, socruithe sláinte a rianaíonn gluaiseacht duine ar ghléas nó socruithe a chraolann sonraí teagmhála duine go huathoibríoch. Is breithnithe thar a bheith ábhartha na hoibleagáidí sin d’eagraíochtaí a dhíríonn a seirbhísí ar leanaí/ atá beartaithe do leanaí, nó ar dócha go mbeidh teacht ag leanaí orthu¹¹⁸. Soláthraítear samplaí i Réamhaithris 78 den GDPR de na bearta is féidir le rialaitheoirí a úsáid mar chuid dá mbeartas maidir le cosaint sonraí trí dhearadh nó mar réamhshocrú. Áirítear orthu sin “próiseáil sonraí pearsanta a íoslaghú, ainm bréige a chur ar shonraí pearsanta a luaithe is féidir, trédhearcacht i ndáil le feidhmeanna agus próiseáil sonraí pearsanta, a chur ar chumas an ábhair sonraí monatóireacht a dhéanamh ar phróiseáil na sonraí pearsanta, agus a chur ar chumas an rialaitheora gnéithe slándála a chruthú agus a fheabhsú”. Ní liosta uileghabhálach é sin, áfach, agus ba cheart do rialaitheoirí bheith nuálach agus bearta eile a bhforbairt nó á gcur chun feidhme acu lena gcuirfead feabhas ar chosaint agus lena gcinnteofar an leibhéal is airde um chomhlíonadh prionsabal um chosaint sonraí, agus an oibleagáid gníomh chun leas an linbh á chur san áireamh. Ba cheart go mbeadh na bearta *oiriúnach* do chineál, raon feidhme, comhthéacs agus cuspóirí na próiseála agus ba cheart go mbeadh an eagraíocht ábalta an dóigh a dtagann na bearta sin leis an dea-chleachtas a thaispeáint, go háirithe agus an ceann atá neamhdhíobhálach don chomhshaol á dhéanamh lena ndéanfaí cosaintí agus coimircí a bharrfheabhsú agus lena n-íoslaghdófar a mhéid is féidir, na rioscaí d’úsáideoirí linbh i ndáil le próiseáil a sonraí pearsanta. Agus an dóigh le cloí leis an oibleagáid maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú á breithniú i ndáil le socruithe, gnéithe agus idirghníomhaíocht úsáideoirí le seirbhísí, ní mór d’eagraíochtaí measúnú oibiachtúil agus ionraic a dhéanamh ar an bpróiseáil bhunaidh atá lárnach do na gnéithe sin i ndáil leis an tionchar atá acu ar staid úsáideora linbh maidir lena sonraí pearsanta. D’fhéadfadh sé nach dtiocfadh leas an linbh le leasanna tráchtála, samhail ghnó eagraíocht nó lena mbunchuspóir le tairiscint na seirbhíse i gcónaí. Go deimhin, d’fhéadfadh go mbeadh leas an linbh ag teacht salach ar bhealach tromchúiseach ar na cuspóirí sin nó go gcuirfeadh siad bac orthu. In ainneoin é sin ní mór tús áite a thabhairt do leas an linbh i gcinnteoireacht tráchtála ar bith den sórt sin. Ba cheart go mbeadh eagraíocht ábalta an dóigh a thaispeáint ar spreag an prionsabal um leas dearadh, forbairt, cur chun feidhme agus/ nó oibríocht seirbhíse ar bith atá dírithe ar leanaí/ atá beartaithe do leanaí, nó ar dócha go mbeidh teacht ag leanaí uirthi, agus an dóigh a bhfuil na bearta atá curtha i bhfeidhm éifeachtach agus sin á bhaint amach a thaispeáint.

7.3 BEARTA ATÁ MOLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ TRÍ DHEARADH AGUS MAR RÉAMHSHOCRÚ A CHUIMSIÚ CHUN LEAS ÚSÁIDEOIRÍ LINBH A CHUR CHUN CINN

Níl réiteach amháin atá oiriúnach do chách ann maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú, agus rud a mheasfaí a bheith oiriúnach agus ina dheachleachtas d'eagraíocht amháin, b'fhéidir nach mbeadh sé oiriúnach d'eagraíocht eile ar chor ar bith.

Is é seo a leanas liosta samplaí de bhearta um chosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú a mheasann an DPC a bheith cuí i gcomhthéacs leanaí (agus go deimhin beidh cuid díobh i bhfeidhm mar an gcéanna ar ábhair shonraí aosaigh). Níl sa liosta ach rogha tháscach de na bearta ach ní liosta uileghabhálach é ar bhealach ar bith, chomh maith leis sin, ní gá go mbeidh sé riachtanach gach beart dá leithéid a chur i bhfeidhm ar aon chás ar leith:

SOCRUITHE PRÍOBHÁIDEACHAIS RÉAMHSHOCRAITHE –

A chinntiú go mbeidh na socruithe príobháideachais is doichte i bhfeidhm maidir le seirbhísí a dhíríonn ar leanaí/ atá beartaithe do leanaí, nó ar dócha go mbeidh teacht ag leanaí orthu. Mar shampla, i gcás go bhfuil an rogha ann sonraí pearsanta a chur os comhair an phobail, níor cheart an socrú réamhshocraithe a dhéanamh de sin. Seachas sin, ba cheart go ndéanfaidh an t-úsáideoir céimeanna réamhghníomhach chun amhlaidh a dhéanamh.

ROGHA AN ÚSÁIDEORA – A chinntiú i socruithe lena mbaineann meascán de lucht spéise, go mbeidh rogha, rialú agus solúbthacht fhiúntach, shoiléir, shimplí ag leanaí maidir le socruithe agus gnéithe i ndáil le hoibríochtaí próiseála lena mbaineann leibhéil riosca níos mó d'úsáideoirí linbh agus ar féidir (agus mar réamhshocrú – tuilleadh eolais thíos) iad a dhíchumasú do chuntas úsáideora linbh (e.g. moltaí le haghaidh teagmhálacha úra tríú páirtí). I gcásanna ina ndéantar rialuithe a tharmligean do thuismitheoirí ba cheart dóibhsean chomh maith iad a chur ar shocruithe lena mbaineann riosca níos ísle mar réamhshocrú.

ÍOSLAGHDÚ SONRAÍ – Déan an méid sonraí a bhailítear ó leanaí a íoslaghdú ar an gcéad dul síos agus i rith a n-idirghníomhaíochta le seirbhís agus/nó íoslaghdaigh úsáid agus roinnt na sonraí ina dhiaidh sin.

ROINNT AGUS INFHEICTHEACHT – Ná déan sonraí pearsanta leanaí a roinnt go córasach le tríú páirtithe gan eolas, feasacht agus rialú soiléir tuismitheora; ionsúigh meabhrúcháin/ fógraí tuismitheora, i gcás inar cuí, i ndáil le gníomhaíocht roinnte ina dhiaidh sin. Ná cuir aitheantas nó faisnéis teagmhála leanaí ar fáil do dhaoine eile gan eolas, feasacht nó deis idirghabhála tuismitheora.

GEOSHUÍOMH – Cas as an geoshuíomh mar réamhshocrú d'úsáideoirí linbh mura bhfuil an tseirbhís atá á soláthar ag brath air; más sin an cás, déan soiléir don leanbh é (e.g. trí úsáid

CAD A BHÍ LE RÁ AG DAOINE FÁSTA...

Rochtain na mball inmheánach foirne ar shonraí pearsanta leanaí a shrianadh/rialú

A roghnú sonraí pearsanta a phróiseáil ar ghléas an linbh, seachas na sonraí sin a aistriú go córais bhreise

Faisnéis shrathach príobháideachais atá oiriúnach do leanaí a sholáthar a bheidh inrochtana do leanaí trína n-eispéireas úsáideora.

Sásraí soiléire toilithe a sholáthar trína mbeadh leanaí ábalta an toiliú a chúlghairm ag am ar bith

Beartais agus rialuithe teicniúla a chruthú, a choinneáil agus seasamh leo maidir le bailiú, coinneáil, roinnt etc. sonraí pearsanta leanaí

Taispeáint fhollasach socruithe príobháideachais a chinntiú ar shuíomh gréasáin nó laistigh d'aip ionas gur féidir le leanaí iad a rochtain go héasca ag am ar bith

Geoshuíomh a chasadh as mar réamhshocrú d'úsáideoirí linbh

A chinntiú go mbeidh na socruithe príobháideachais is doichte i bhfeidhm ar leanaí mar réamhshocrú

Cosc a chur a sheachadadh fógraí bunaithe ar an idirlíon do leanaí a aithnítear mar leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois

Oiliúint ar chosaint sonraí a dhéanamh go rialta do na baill foirne ar fad

siombailí/ deilbhíní) go bhfuil a suíomhanna ar fáil ar an tseirbhís nó gur féidir le húsáideoirí eile iad a fheiceáil. Soláthair rialuithe soiléire infheicthe ionas go mbeidh an leanbh ábalta é sin a athrú ag am ar bith nó i ndiaidh gach seisiúin, i ndiaidh tréimhse ghairid ama, nó nuair a bheidh an t-imeacht nó an ghné óna dteastaíonn an suíomh críochnaithe. Déan leibhéal cruinnis bhailiú na sonraí guíshuimh a laghdú go suntasach ach amháin nuair is riachtanach é.

PRÓIFÍLIÚ – Cas as aitheantóirí, teicnící nó socruithe trínar féidir gníomhaíocht ar líne a rianú chun críocha fógraíochta (féach Roinn 6).

TEICNÍCÍ POITE¹¹⁹ – Seachain teicnící poite a úsáid lena spreagtar nó lena ngríosáítear leanaí chun faisnéis nach bhfuil gá léi a thabhairt¹²⁰ nó chun dul i mbun gníomhaíochtaí a chuireann isteach ar phríobháideacht. Sampla de sin b'fhéidir ná cnaipe mór *"Úsáid m'fhaisnéis teagmhála"* a chur i láthair in áit fhollasach ar scáileán aipe, agus ansin cnaipe *"Ná húsáid m'fhaisnéis teagmhála"* faoi sin nó in áit nach bhfuil chomh follasach.

IOMPAR LENA GCAOMHNAÍTEAR PRÍOBHÁIDEACHTA A SPREAGADH – Is féidir é sin a bhaint amach mar shampla trí bhrúfhógraí/ fógraí díreach in am lena gcuirtear béim ar go bhfuil leibhéal níos mó príobháideachta i gceist le rogha amháin nó níos mó ná an beart a bhfuil an leanbh ar tí é a dhéanamh (e.g. gnéithe a chasadh air amhail rialú suimh atá socruithe mar a bheith casta as mar réamhshocrú) agus a mheabhrú d'úsáideoirí faoi na hiarmhairtí nó na torthaí féideartha a bhaineann leis an mbeart faoi leith atá siad réidh le déanamh agus/nó a mholadh dóibh é sin a phlé le duine fásta a bhfuil muinín acu astu.

TRÉDHEARCACHT IONSUITE – Faisnéis shrathach atá oiriúnach do leanaí a sholáthar a bheidh inrochtana do leanaí trína n-eispéireas úsáideora. Mar atá le gach beart trédhearcachta, ba cheart go mbeadh sé fós cuimsitheach agus soiléir, ach ba cheart go gcuimseofaí breis réamhchúraimí, rialuithe, uirlisí tuairiscithe, idirghabhálacha féideartha nó riachtanacha ag an eagraíocht nó tuismitheoir (agus a tionchar) ar chuntais leanaí.

PRÓISEÁIL AR LEIBHÉAL AN GHLÉIS – Roghnaigh sonraí pearsanta a phróiseáil ar ghléas an úsáideora, seachas sonraí a aistriú go néalríomhaireacht.

GNÉITHE UATHOIBRÍOCHA FAOI RIALÚ SONRAÍ – Seachain úsáid gnéithe uathoibríocha pearsantaithe, amhail gnéithe uathsheinm agus lúba luach saothair i gcás go mbaintear úsáid as sonraí pearsanta leanaí chun tacú leis na gnéithe sin.

SOCRUITHE PRÍOBHÁIDEACHAIS A BHAINNEANN GO SONRACH LE HÚSÁIDEOIRÍ – Ba cheart go mbainfeadh socruithe príobháideachais go sonrach leis an úsáideoir seachas gléas ionas go mbeidh an t-úsáideoir linbh ábalta (e.g. i gcás go mbainfeadh siad úsáid as gléas tuismitheora/aosaigh) leas a bhain as socruithe agus cosaintí príobháideachais réamhshocraithe. Smaoinigh ar ghnéithe eile den tseirbhís a aonrú ar bhealaí a dhíríonn ar leanaí agus srian a chur ar rochtain ar na réimsí sin ag sealbhóirí cuntais aosaigh nach bhfuil muinteartha.

DEAISTUISMITHEORA – Más cuí, cur léargas foriomlán ar fáil do thuismitheoirí ar ghníomhaíocht (lena n-áirítear stair ghníomhaíochta ar bith) agus ar shocruithe atá ag a leanbh. Ba cheart go mbeadh faisnéis ar fáil ar chuntais linbh maidir le feidhmiúlacht deaiseanna dá leithéid.

RIANÚ/MONATÓIREACHT TUISMITHEORA – I gcás gur féidir le tuismitheoirí úsáid seirbhísí ar líne a linbh a rianú nó a mhaoirsiú le seirbhís/ gléas (amhail le

deais tuismitheora, nuair is cuí), ba cheart go mbeadh socruithe trédhearcachta i bhfeidhm ionas go mbeidh sé le feiceáil ag an leanbh go bhfuil a fhios ag a dtuismitheoir(i) cén aip/ suíomh gréasáin/ clár etc. atá á úsáid acu nó gur féidir leis an tuismitheoir(i) an stair ghníomhaíochta a athbhreithniú níos déanaí.

IDIRGHABHÁIL – I gcás gur féidir le tuismitheoirí úsáid seirbhísí ar líne a linbh a rianú nó a mhaoirsiú le seirbhís/ gléas, smaoinigh ar a cheadú do thuismitheoirí rialuithe agus socruithe cuntais linbh a athrú, nuair is cuí. Cuir fógraí ar fáil do thuismitheoirí i gcás go ndéantar na socruithe sin a athrú, go háirithe nuair atá suíomh, bithmhéadracht nó braiteoirí gléis i gceist. Bí cinnte go mbeidh rochtain ar dheais den sórt sin ag tuismitheoirí a bheidh slánaithe le iltosca fíordheimhniúcháin.

BAINISTÍOCHT RIOSCA – Cuimsigh próiseáil sonraí pearsanta leanbh mar cheanglas i ngach DPIA. Ba chóir go n-áireofaí leis sin srianta rialaithe rochtana do dhaoine fásta ar lucht spéise leanaí nó réimse seirbhíse a dhíríonn ar leanaí.

SLÁNDÁIL – Ba cheart tús áite a thabhairt do leanaí mar lucht spéise agus na tosca riosca a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil agus rialuithe, bearta agus “samhlacha bagartha” á gcruthú, á nuashonrú nó á gcoinneáil. D’fhéadfadh sé go gciallódh sé sin rialuithe a dhéanamh níos éasca lena n-úsáid agus an leibhéal céanna slándála á choinneáil. Mar mhalairt air sin, d’fhéadfadh sé go gciallódh sé gan rialuithe a chur ar fáil ach do thuismitheoirí amháin. Ba cheart go gcinnteofaí le socruithe réamhshocráithe le haghaidh rialuithe den sórt sin leibhéil arda slándála seachas leibhéil níos réidhe a d’fhéadfadh a bheith ar fáil do dhaoine fásta. D’fhéadfadh sé go mbeadh socruithe slándála níos airde do shonraí cuntais linbh oiriúnach, lena n-áirítear an seans go ndéanfaí sonraí pearsanta leanaí a aonrú nó a “dhícheangail go hiomlán” ó shonraí pearsanta daoine fásta. Ba cheart cuntais riarthóirí do shonraí leanaí a mharcáil nó ról faoi leith a thabhairt ina leith ionas gur féidir rochtain eagraíochtúil inmheánach a idirdhealú, a mhaoirsiú, a iniúchadh nó a athrú go héasca.

SÁRUITHE – Ba cheart go dtabharfadh nósanna imeachta fógra i gcásanna sáruithe ar shonraí pearsanta cuntas le haghaidh fógra do tuismitheoir seachas don leanbh, más cuí, agus ag brath ar aois an linbh lena mbaineann. Ba cheart tagairtí ar bhainteacht sonraí pearsanta leanaí ar bith a chuimsiú i dtaifid sáruithe ag eagraíocht agus iad a chur in iúl don Choimisiún um Chosaint Sonraí.

BITHMHÉADRACHT – Bailiú agus próiseáil sonraí bithmhéadracha leanaí a sheachaint.

RIALÚ LUCHT SPÉISE – I gcás gur féidir le leanbh cumarsáidí, ábhar nó sonraí a roinnt, cinntigh roghanna teoranta lucht spéise theoranta mar réamhshocrú. D’fhéadfadh sé nach mbeadh roinnt phoiblí nó oscailte nó fiú lucht spéise theoranta oiriúnach ach d’fhéadfadh sé go mbeadh roinnt le “cairde” aitheanta nó tuismitheoirí oiriúnach. Ní cheart go mbeadh teagmháil ó dhaoine eile lasmuigh de theagmhálaithe údaraithe an linbh ar fáil do leanaí níos óige gan eolas, feasacht agus idirghabháil tuismitheora.

AISTRIÚ, COINNEÁIL CUNTAIS DUINE FHÁSTA – I gcás go dtiocfadh cuntas linbh chun bheith chomh aibí agus nach bhfuil údarú/ rialuithe/ idirghabháil tuismitheora i bhfeidhm a thuilleadh, níor cheart sonraí pearsanta a bhaineann leis an gcuntas sin a aistriú go huathoibríoch chuig cuntas úr nó stádas nua-aibí an chuntais sin. B’fhéidir go mba mhian leis an úsáideoir na sonraí sin a bhaint nó a chur i gcartlann, go hiomlán nó i bpáirt. Mar an gcéanna, ba cheart go ndéanadh an tuismitheoir agus an t-úsáideoir rialú tuismitheora na gcuntas sin a dhíghníomhachtú nó a dhícheangail le hoibreoírí frithpháirteach, seachas go haontaobhach. Ba cheart go mbeadh coinneáil sonraí cuntais linbh ar bith

roghnach chomh maith agus ba cheart don eagraíocht cuntas a thabhairt ina leith le heolas agus feasacht deimhnithe an úsáideora. Ba cheart cuspóirí úra maidir le húsáid na sonraí coinnithe a dhéanamh soiléir agus a mhíniú don úsáideoir, ar cheart an seans a thabhairt dó nó di slándáil agus sonraí teagmhála a athshocrú.

COMHSHEASMHACHT SEIRBHÍSE – A chinntiú go mbeidh sé follasach go mbeidh na bearta a chuirfear i bhfeidhm chun leanaí a chosaint éifeachtach agus go mbeidh siad chomh éifeachtach céanna cé acu an soláthraíonn eagraíocht an tseirbhís ar shuíomh gréasáin, ar ghléas móibíleach, ar chonsól cluichíochta nó ar bhealach eile.

RIOSCAÍ CARNACHA – Bíonn roinnt rioscaí carnach – mar shampla – próifíl leanbh a chur ar fáil go poiblí agus ansin iad a phróifíliú mar mholadh carad le húsáideoir aosaigh⁹⁶. Le chéile cuireann an easpa príobháideachta agus an próifíliú an leanbh sin i mbaol. Ba cheart d'eagraíochtaí breathnú ar riosca carnach mar chuid dá próiseas measúnaithe riosca i gcónaí.

Cé go bhfuil rialú agus rannpháirtíocht tuismitheora in eispéiris a linbh ar líne curtha san áireamh i roinnt de na bearta atá molta thuas, tá sé ríthábhachtach go dtuigfidh eagraíochtaí atá i mbun sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil nach ionann go simplí cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú agus freagracht a fhágáil go haontaobhach le tuismitheoirí/caomhnóirí chun socruithe agus gnéithe ar chuntas a linbh a chasadh as d'fhonn an leibhéal cosanta níos airde a éilítear faoin GDPR i ndáil le sonraí leanaí a bhaint amach. A mhalairt sin, is ar an rialaitheoir féin atá an fhreagracht chun na bearta seo a chur i bhfeidhm, i gcás inarb infheidhme, (e.g. trína chinntiú go bhfuil na réamhshocruithe socruithe ar na roghanna is cosantaí ó thaobh príobháideachta de). Mar an gcéanna, ba mhaith leis an DPC a chur in iúl nach gciallaíonn rialú/rannpháirtíocht tuismitheora amháin gur chomhlíon rialaitheoirí a gcuid freagrachtaí faoi Airteagal 2 maidir le húsáideoirí linbh. Mar a luadh thuas, éilítear faoi Airteagal 24 na rioscaí a bhaineann le dóchúlacht agus déine athraitheach do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha a chur san áireamh agus bearta cuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm go bhfuil próiseáil ag comhlíonadh GDPR. Ta réimse na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil seo i bhfad níos mó ná rialuithe tuismitheora a chur i bhfeidhm.



Braitheann na Bunphrionsabail seo go mór ar chomhairliúcháin shuntasacha, ionchur saineolaithe agus aighneachtaí páirtithe leasmhara, lena n-áirítear leanaí iad féin.

Tá an domhan digiteach lárnach do shaol leanaí agus tosaíonn bailiú agus úsáid sonraí leanaí ag aois luath agus leanann sé ar feadh a tsaoil. Teastaíonn cosaintí speisialta do leanaí mar ábhair shonraí faoin GDPR agus sholáthair an DPC na Bunphrionsabail seo chun chuidiú le heagraíochtaí a phróiseálann sonraí leanaí trí na caighdeáin a thagann as na hoibleagáidí ardleibhéil sin a shoiléiriú. Mar chuid de na Bunphrionsabail, sholáthair an DPC liosta táscach de bhearta molta maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú ar cheart dóibh cuidiú le cuid de na príomhrioscaí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta leanaí a mhaolú.

Chomh maith leis na cosaintí speisialta a éilítear maidir le próiseáil sonraí pearsanta leanaí, tugtar tús áite sna Bunphrionsabail do leas an linbh ionas nach gcuirfí próiseáil sonraí pearsanta leanaí isteach ar leas an linbh, nach dtiocfaidh sí salach air nó nach mbeidh tionchar diúltach aici air, ar aon leibhéal. Maidir le gach úsáideoir seirbhísí ar líne, bíonn an dóigh a ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil, cé a phróiseálann iad agus conas a úsáidtear sin, casta agus doiléir go minic. Ní cheart bheith ag dréim le leanaí an chastacht sin a bhainistiú iad féin, nó a chinntiú go seasfar lena gcearta.

Trína cheangal ar eagraíocht a dhéanann sonraí pearsanta leanaí a phróiseáil go rialta breathnú ar rialuithe, roghanna, socruithe, gnéithe, roghanna úsáideoirí agus tuilleadh úsáide as sonraí pearsanta, i measc nithe eile, i bhfianaise na gcosaintí speisialta a éilítear faoin GDPR do leanaí, measann an DPC go gcruthóidh sé sin timpeallachtaí a bheidh níos sábháilte, níos oiriúnaí agus ina dtabharfar níos mó measa ar phríobháideacht do leanaí chun imirt orthu, bheith ag caidreamh agus ag cruthú orthu ná na cinn atá ann faoi láthair.

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Nollaig 2021

Nótaí

¹ Féach tuarascáil an DPC maidir le freagraí ar a chomhairliúchán poiblí maidir leis na Bunphrionsabail dréachta: <https://www.dataprotection.ie/index.php/en/news-media/consultations/children-front-and-centre-fundamentals-child-oriented-approach-data-processing-report-public>

² Alt 29 den Acht um Chosaint Sonraí 2018

³ 5RightsFoundation. But How Do They Know It Is A Child? Age Assurance in the Digital World. Márta 202. Féach: https://5RightsFoundation.com/uploads/But_How_Do_They_Know_It_is_a_Child.pdf

⁴ Féach mar shampla: ZEEKO (2018) Iompar leanaí ar líne i mbunscoileanna agus i meánscoileanna na hÉireann. Aisghafa as: <https://zeeko.ie/wp-content/uploads/2018/06/ZEEKO-TREND-REPORT-.pdf> - leathanach 4

⁵ Le haghaidh Shruth a hAon de chomhairliúchán an Choimisiúin Cosanta Sonraí féach: <https://www.dataprotection.ie/en/news-media/latest-news/public-consultation-processing-childrens-personal-data-and-rights-children/>; Le haghaidh Shruth a Dó féach: <https://www.dataprotection.ie/en/news-media/known-your-rights-and-have-your-say-stream-two-dpcs-public-consultation-processing>

⁶ Le haghaidh shruth a haon de chomhairliúchán féach: <https://www.dataprotection.ie/en/news-media/public-consultation/whose-rights-are-they-anyway/>; Le haghaidh shruth a dó féach: <https://www.dataprotection.ie/en/news-media/public-consultation/some-stuff-you-just-want-keep-private-preliminary-report-stream-i>

⁷ "Children Front and Centre: Fundamentals for a Child-Oriented Approach to Data Processing": Tuarascáil maidir le Comhairliúchán Poiblí. Féach: <https://www.dataprotection.ie/en/news-media/consultations/children-front-and-centre-fundamentals-child-oriented-approach-data-processing-report-public>

⁸ Treoirlínte maidir le Trédhearcacht an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí faoin GDPR arna leasú go deireanach agus arna ghlacadh ar an 11 Aibreán 2018 (féach mír 9)

⁹ Déantar foráil in Airteagal 30.1 den GDPR go gcoinníodh gach rialaitheoir, agus más infheidhme, ionadaí an rialaitheora, taifead de na gníomhaíochtaí próiseála atá faoina fhreagracht. I measc na faisnéise atá le coinneáil sa taifead um phróiseála tá cur síos ar chatagóirí na n-ábhar sonraí.

¹⁰ Ba é an Coimisiún um Thrádáil Cónaidhme (FCT) a shainaithin an liosta tosca seo nach bhfuil uileghabhálach ina ról mar rialálaí chun Children's Online Privacy Protection Act (COPPA) SAM a fhorfheidhmiú, chun cuidiú le "hoibreoí" le hanailís a dhéanamh ar cé hiaid "a lucht spéise beartaithe, an fírlucht spéise, agus i mórán cásanna, an lucht spéise dóchúil dá suíomh nó dá seirbhís." Measfaidh an FTC chomh maith an bhfuil suíomh gréasáin nó seirbhís ar líne ag díriú ar leanaí má tá "eolas iarbhir aige go bhfuil sé ag bailiú faisnéise pearsanta go díreach ó úsáideoirí suimh ghréasáin nó seirbhíse ar líne eile a threoraítear chuig leanaí." Féach <https://www.ftc.gov/tips-advice/business-center/guidance/complying-coppa-frequently-asked-questions#Web%20sites%20and%20online>

¹¹ Sainítear "rialaitheoir" faoi Airteagal 4(7) den GDPR mar "an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an gníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt, críocho agus modhanna na próiseála sonraí pearsanta [...]". Sainítear an coincheap de "próiseála" faoi Airteagal 4(8) mar "duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora".

¹² Tá sé beartaithe go mbeidh raon feidhme chur i bhfeidhm na mBunphrionsabal comhsheasmhach (i gcomhthéacs seirbhísí ar líne) le raon feidhme chur i bhfeidhm Chód um Dhearthar Aoisoiriúnach na Ríochta Aontaithe, ar mhaith le líonra comhchuíbhithe prionsabal a chruthú, i gcúinsí ina mbeidh eagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar líne ar fáil in AE agus sa Ríocht Aontaithe faoi réir dhlíthe na Ríochta Aontaithe agus ar leithligh, chur i bhfeidhm an GDPR faoi dhlí AE.

¹³ Féach; <https://ico.org.uk/for-organisations/guide-to-data-protection/key-data-protection-themes/age-appropriate-design-a-code-of-practice-for-online-services/>. Leis an gcód sin ceanglaítear ar eagraíochtaí aois a shocrú lena bhfuil leibhéal cinnteachta atá oiriúnach do na rioscaí ar chearta agus ar shaoirse leanaí a thagann as próiseáil, nó na caighdeáin sa chód sin a chur i bhfeidhm ar gach úsáideoir de chuid na heagraíochta ina ionad sin.

¹⁴ In Airteagal 42a de Bhunreacht na hÉireann foráiltear go "nAithníonn agus dearbhaíonn an stát cearta nádúrtha agus dochloíte gach linbh agus déanfaidh sé, a mhéid is féidir, trína dhlíthe na cearta sin a chosaint agus a chruthú."

¹⁵ Comhairle na hEorpa, an Coinbhinsiún Eorpach maidir le Feidhmiú Chearta an Linbh, an 25 Eanáir 1996

¹⁶ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Eanáir 2008: I dtreo Straitéis AE ar chearta an linbh (2007/2093(INI)) Fáil air trí: Féach: <https://eur-lex.europa.eu/legalexcontent/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:52008IP0012&from=GA>

¹⁷ Le haghaidh an téacs iomláin ar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, féach http://www.childrensrights.ie/sites/default/files/submissions_reports/files/UNCRC_English_0.pdf

¹⁸ Tá sé daingnithe ag gach tír ar domhan ach amháin SAM: <https://www.gov.ie/en/publication/a1481d-united-nations-convention-on-the-rights-of-the-child/>

¹⁹ Le haghaidh an téacs iomláin ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, féach <https://www.echr.coe.int/Doiciméid/Coinbhinsiún.pdf>

²⁰ Féach Cás C 335/17 Neli Valcheva v Georgios Babanarakis, an 12 Aibreán 2018 ina sonraíodh i dTuairim an Ard-Abhcóide Szpunar go raibh an deis ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh cheana a léiriú go gcuirtear ceangal leis an UNCRC ar gach Ballstát agus tá sé ar cheann de na hionstraimí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a chosaint, rud a chuireann sé san áireamh agus prionsabail ghinearálta dhlí AE á gcur chun feidhme. Shonraigh an tArd-Abhcóide sa chás sin ag mír 37 (ag tagairt do raon cás-dlí) gur dhearbhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gurb é prionsabal phríomhacht leas an linbh an príosma trínar gá forálacha dhlí AE a léamh.

²¹ Foráiltear in Airteagal 3(3) CAE go "mbunóidh an tAontas margadh inmheánach" agus go ndéanfaidh an tAontas "cearta..., dlúthpháirtíocht a chur chun cinn idir na glúnta agus cearta an linbh a chosaint.

²² Le haghaidh an téacs iomláin ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, féach <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:12012P/TXT>

²³ Féach "Míniú ar Airteagal 24 — an roinn Cearta an linbh" in: <https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:C:2007:303:0017:0035:en:PDF>

²⁴ Is é an Coiste maidir le Cearta an Linbh comhlacht de 18 saineolaí Neamhspleácha a dhéanamh monatóireacht ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir le Cearta an Linbh ag a pháirtithe Stáit. Féach: <https://www.ohchr.org/en/hrbodies/crc/pages/crcindex.aspx>

²⁵ Shonraigh Coiste na Náisiún Aontaithe i ráiteas Ginearálta Uimh. 14 (2013) maidir le ceart an linbh go dtabharfaí tús áite dá leas (airteagal 3, mír 1) agus d'fhéadfaí go n-áireofaí leis na cúinsí sin "aois, inscne, leibhéal aibíochta, taithí, gur ball de ghrúpa mionlaigh é nó í, míchumas corp, céadfach nó intleachtúil bheith air nó uirthi, chomh maith leis an gcomhthéacs sóisialta agus cultúrtha ina bhfuil an leanbh nó na leanaí, amhail an bhfuil tuismitheoirí ann nó nach bhfuil, cé acu an bhfuil an leanbh ina chónaí nó ina cónaí leo nó nach bhfuil, cáilíocht an chaidrimh idir an leanbh agus a theaghlach nó a teaghlach nó na cúramóirí, an timpeallacht i dtaca le sábháilteacht, an bhfuil modh eile cáilíochta ar fáil don teaghlach, don teaghlach sínte nó do chúramóirí, etc." Féach: <https://archive.crin.org/en/library/publications/un-crc-general-comment-no-14-2013-right-child-have-his-or-her-best-interests.html>

²⁶ Tá an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí mBord (EDPB) bunaithe faoi Airteagal 68 den GDPR mar chomhlacht neamhspleách AE a chuireann le cur i bhfeidhm chosaint sonraí na rialacha maidir le cosaint sonraí ar fud an Aontais Eorpaigh, agus a chuireann comhar chun cinn idir údaráis um chosaint sonraí an Aontais Eorpaigh. Tá ionadaithe sa Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí ó na húdaráis náisiúnta um chosaint sonraí, agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (EDPS).

²⁷ Tuairim 2/2009 maidir le cosaint sonraí pearsanta leanaí (Treoirlínte Ginearálta agus cás speisialta na scoileanna), 398/09/EN WP 160: "Is é réasúnaíocht an phrionsabail sin go dteastaíonn cosaint ó dhuine nach bhfuil aibíocht fhisciúil nó shíceolaíoch baint amach acu fós nó mar a theastaíonn ó dhaoine eile. Is é an cuspóir leis feabhas a chur ar na dálaí don leanbh, agus féachtar leis le ceart an linbh chun a phearsantacht nó a phearsantacht féin a fhorbairt a neartú. Ní foláir nó go mbeidh meas ag gach einteach, poiblí nó príobháideach, a dhéanamh cinntí i dtaca le leanaí ar an bprionsabal sin. Baineann sé le tuismitheoirí agus le hionadaithe dlíthiúla eile leanaí chomh maith, i gcás go mbaineann coinbhleacht lena leasanna faoi seach, nó i gcás go bhfuil ionadaíocht á déanamh don leanbh. De ghnáth, ba cheart d'ionadaithe an linbh an prionsabal sin a chur i bhfeidhm, ach i gcás go bhfuil coinbhleacht idir leasanna an linbh agus a n-ionadaithe dlíthiúla, na cúirteanna nó, más cuí, ba chóir go ndéanadh na húdaráis um Chosaint Sonraí cinneadh."

²⁸ Coiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh, Ráiteas Ginearálta Uimh. 25 (2021) maidir le cearta an linbh i ndáil leis an timpeallacht dhigiteach. Féach: https://tbinternet.ohchr.org/_layouts/15/treatybodyexternal/Download.aspx?symbolno=CRC/C/GC/25&Lang=en

²⁹ Coiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh, Ráiteas Ginearálta Uimh. 14 (2013) maidir le ceart an linbh go dtabharfaí tús áite dá leas (airt. 3, alt. 1)*. Féach: https://www2.ohchr.org/English/bodies/crc/docs/GC/CRC_C_GC_14_ENG.pdf

³⁰ Féach Coiste Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh, Ráiteas Ginearálta Uimh.5 (2003) um bearta ginearálta maidir leis an gCoinbhinsiún maidir le Feidhmiú Chearta an Linbh (airteagail. 4, 42 agus 44, alt 6) Féach: https://tbinternet.ohchr.org/_layouts/15/treatybodyexternal/Download.aspx?symbolno=CRC%2fGC%2f2003%2f5&Lang=en

³¹ I Réamhathris 58 den GDPR, Prionsabal na Trédhearcachta, díreann ar fhaisnéis a chur i láthair ar bhealach soiléir, gonta ar féidir í a rochtain go héasca agus a thuiscint go héasca. Maidir le leanaí, sonraítear sa réamhathris "ba cheart aon fhaisnéis agus cumarsáid maidir le próiseáil a bhaineann le leanbh a thabhairt i dteanga shoiléir shimplí le go bhféadfaidh an leanbh í a thuiscint go héasca."

³² Tuairim 2/2009 maidir le cosaint sonraí pearsanta leanaí (Treoirlínte Ginearálta agus cás speisialta na scoileanna), 398/09/EN WP 160

³³ Léiríonn sé sin staid Threoirlínte maidir le Trédhearcacht an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí faoin GDPR arna leasú go deireanach agus arna ghlacadh ar an 11 Aibreán 2018 (féach mír 35)

³⁴ Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le cúinsí áirithe i gcás go bhféadfaí cearta daoine aonair a shrianadh féach: <https://www.dataprotection.ie/en/individuals/know-your-rights/restriction-individual-rights-certain-circumstances>

³⁵ Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le boinn dhlíthiúla, féach nóta treorach tiomanta an Choimisiúin Cosanta Sonraí i ndáil le Boinn Dhlíthiúla le haghaidh Próiseáil Sonraí Pearsanta. Féach: https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2019-12/Guidance%20on%20Legal%20Bases_Dec19_1.pdf

³⁶ Féach Treoirlínte 2/2019 an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí maidir le sonraí a phróiseáil faoi Airteagal 6(1)(b) den GDPR i gcomhthéacs seirbhísí ar líne a sholáthar d'ábhair shonraí, leathanach 5.

³⁷ Féach "Dlí na gConarthaí" (2ú heagrán) Paul A. McDermott agus James McDermott (Bloomsbury Professional, 2017) ag Caibidil 18

³⁸ Sainítear an coincheap sin faoi Alt 2 den Sale of Goods Act 1893 mar "goods suitable to the condition in life of such infant or minor... and to his actual requirements at the time of sale and delivery" agus faoin dlí coiteann chun earraí a chuimsiú ann amhail bia agus deoch; éadaí; bia agus lóistín; iompar; cúnamh leighis; cúnamh dlíthiúil; conarthaí le haghaidh seirbhísí riachtanacha (ibid).

³⁹ Féach "Dlí na gConarthaí" (2ú heagrán) Paul A. McDermott agus James McDermott (Bloomsbury Professional, 2017) ag Caibidil 18

⁴⁰ Sainithnítear leanaí sa GDPR go sonrach mar "dhaoine nádúrtha leochaileacha" i Réamhathris 75

⁴¹ Treoirlínte maidir le Trédhearcacht an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí faoin GDPR arna leasú go deireanach agus arna ghlacadh ar an 11 Aibreán 2018 (féach mír 15)

⁴² Ibid (féach mír 7)

⁴³ Tagann an cur chuige sin leis an moladh seo a leanas a rinne Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ina Thuarascáil ar Lá 2014 ar Phlé Ginearálta ar "Na meáin dhigiteacha agus cearta leanaí" (2014), mír 103: "Ba cheart do Stáit a chinntiú go mbeidh faisnéis fhónta agus oiriúnach ann do leanaí faoin dóigh a ndéantar a sonraí a bhailiú, a stóráil, a úsáid agus go bhféadfaí í a roinnt le daoine eile. Maidir leis sin, ba cheart do Stáit a chinntiú go mbeidh socruithe príobháideachais aoisoiriúnacha, ina mbeidh faisnéis shoiléir agus rabhaidh shoiléire, ar fáil do leanaí agus na meáin dhigiteacha agus TFC á n-úsáid acu".

⁴⁴ Anna Morgan, The Transparency Challenge: Making children aware of their data protection rights and the risks online (2018) Féach: <https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2019-02/TransparencyChallenge.pdf> p.3

⁴⁵ Féach mar shampla tráchtanna ar easpa feasachta leanaí faoi phríobháideacht tráchtála agus cleachtais bailithe sonraí in Livingstone, S. Stoilova, M. And Nandagiri, R. (2019) Children's data and privacy online: Growing up in a digital age. An evidence review. Londain: London School of Economics and Political Science.

⁴⁶ Alt 29 den Acht um Chosaint Sonraí 2018

⁴⁷ Tá sé úsáideach seasamh na Ríochta Aontaithe a chur san áireamh maidir leis an aois is féidir le leanaí a gcearta féin a chur i bhfeidhm. In Albain, tá toimhde infhrisnéise ann go bhfuil leabha atá 12 d'aois nó níos sine tagtha in aois agus aibíocht dhóthanach le bheith in ann a chearta/cearta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm, seachas sa chás go léirítear a mhalairt. Cé nach bhfuil an prionsabal seo i bhfeidhm sa chuid eile den RA, glacann Oifig an Choimisinéara Faisnéise (ICO) leis go bhféadfaí an cur chuige seo a mheas a bheith réasúnach in go leor cásanna agus go bhféadfadh leabha a chearta/cearta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm thar a cheann/ceann féin a fhad agus atá sé/sí inniúil chun sin a dhéanamh. Mar sin féin, níor chóir leabha a mheas a bheith inniúil más léir go bhfuil sé nó sí ag gníomhú ina aghaidh a leasa féin. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach: <https://ico.org.uk/for-organisations/guide-to-data-protection/guide-to-the-general-data-protection-regulation-gdpr/children-and-the-gdpr/what-rights-do-children-have/>

⁴⁸ Mar shampla, faoi Airteagal 45 den Dlí um Chosaint Sonraí na Fraince (féach <https://www.legifrance.gouv.fr/loda/id/JORFTEXT000000886460/2021-10-21/>), ní mór toiliú maidir le leanaí faoi bhun 15 d'aois bheith tugtha i gcomhpháirt ag an leabha agus ag an té ar a bhfuil freagracht tuismitheora. San Ísiltír, ordaítear in Airteagal 15 d'Acht um Chosaint Sonraí na hÍsiltíre (féach <https://wetten.overheid.nl/BWBR0040940/2021-07-01>) go bhfuil freagracht ar thuismitheoirí cearta cosanta sonraí leanaí atá faoi bhun aois an toilithe digitigh (atá 16 bliana d'aois san Ísiltír), a chur i bhfeidhm.

⁴⁹ "B'fhéarr leat rudaí áirithe a choinneáil príobháideach!" Tá réamhthuarascáil ar Shruth II de chomhairliúchán an Choimisiúin um Chosaint Sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta leanaí agus cearta leanaí mar ábhair shonraí faoin GDPR", an Coimisiún um Chosaint Sonraí (2019) Féach: https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2019-08/Some%20Stuff%20You%20Just%20Want%20to%20Want%20to%20Keep%20Private_Consultation%20Report.pdf

⁵⁰ Ráiteas Ginearálta Uimh. 12 (2009) Ceart an linbh go nÉistfí Leis nó Léi - féach mír 20 - 21

⁵¹ Eascraíonn sé sin chomh maith ó na rialacháin lena gcuirtear srian ar an gceart ar rochtain ar shonraí leighis (I.R. 82/1989 Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí (Mionathrú Rochtana) (Sláinte) 1989, arna leasú) agus ar shonraí oibre sóisialta (S.I. 83/1989 Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí (Mionathrú Rochtana) (Obair Shóisialta) (Sláinte) 1989, arna leasú) lena gcuirtear cosc ar scaoileadh sonraí dá leithéid i gcás gur dócha go ndéanfaí díobháil choirp nó mheabhairshláinte do dhuine mar gheall air agus lena gceanglaítear chomh maith i gcás go bhfuil sonraí dá leithéid a gcoinneáil áit éigin seachas ag liachleachtóir, nó ag oibrí sóisialta, de réir mar is infheidhme, nach ndéanfaí iad a scaoileadh gan an rialaitheoir sonraí dul i gcomhairle ar dtús leis an liachleachtóir nó an oibrí sóisialta ábhartha.

⁵² Mar an gcéanna, ina Mholadh 2018 CM/Rec (2018) 7 de Choiste na nAíirí maidir le Treoirlínte maidir le Cearta an Linbh sa Timpeallacht Dhigiteach a Urramú, a Chosaint agus a Chomhlíonadh, thug Comhairle na hEorpa chun suntais "gur cheart do Stáit agus do pháirtithe leasmhara eile a chinntiú go dtabharfar eolas do leanaí faoin dóigh lena gceart chun príobháideachta agus cosaint sonraí a fheidhmiú, ag cur san áireamh a n-aois agus a n-aibíocht agus, más cuí, le treoir agus comhairle a dtuismitheoirí, a gcúramóirí, a gcaomhnóirí dlíthiúla nó daoine eile a bhfuil freagracht dlíthiúil acu as an leabha ar bhealach a thagann le cumais fhorbartha an linbh".

⁵³ Le hAirteagal 3 den UNCRC aithnítear cearta agus dualgais na dtuismitheoirí agus na gcaomhnóirí dlíthiúla agus daoine a bhfuil freagracht dlíthiúil acu as leabha agus le hAirteagal 5 ráthaítear meas ar fhreagrachtaí, ar chearta agus ar dualgais na dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí dlíthiúla "treoir agus treo chuí a chur ar fáil i bhfeidhmiú an linbh de na cearta atá leagtha amach sa UNCRC, ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le cumais fhorbartha an linbh." Go suntasach, le hAirteagal 16 den UNCRC cosnaítear an leabha ar bhac treallach nó neamhdhleathach ar a phríobháideacht nó ar a phríobháideacht féin. Ar deireadh, rud atá ábhartha don cheist reatha ná Airteagal 12 lena gcosnaítear ceart an linbh atá ábalta a dhearcchtaí nó a dearcchtaí féin a chruthú, na dearcchtaí sin a chur in iúl faoi shaoirse i ngach ábhar a bhaineann leis nó léi, agus go dtabharfar an seasamh cuí do dhearcchtaí an linbh de réir aois agus aibíocht an linbh.

⁵⁴ Faoi mar a áitigh an OCO ina fhreagairt ar chomhairliúchán 2019 an Choimisiúin Cosanta Sonraí, tá leanaí agus daoine óga ann, ar chúiseanna aois agus/nó ar chúiseanna eile a théann i gcion ar a gcumas, nach mbeidh ábalta iarratas ar rochtain a dhéanamh iad féin agus dá réir a bheidh ag brath ar thuismitheoir/ chaomhnóir le hiarratas ar rochtain a dhéanamh dóibh agus a gceart chun rochtana a fheidhmiú thar a gceann. Mar an gcéanna, léiríonn an OCO go bhfuil leanaí agus daoine óga ann chomh maith a bheidh an cumas acu a n-iarratas ar rochtain a dhéanamh iad féin, ach go bhféadfadh sé gurb fhearr leo go ndéanfaidh a dtuismitheoir/ gcaomhnóir amhlaidh thar a gceann nó go bhféadfadh sé gur mian leo comhiarratas ar rochtain a dhéanamh. Féach: <https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2019-09/Submission%20from%20Ombudsman%20for%20Children%27s%20Office.pdf>

⁵⁵ I gcás McK i leith an Choimisinéara Faisnéise [2006] IESC 2, a bhaineann le rochtain faoi Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 a bhí i bhfeidhm ag an am, dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach "Léirmhíneofar Acht (SF) 1997 agus na Rialacháin i gcomhréir leis an mBunreacht. Tá cearta agus dualgais ag tuismitheoir i ndáil le leabha.... Glactar leis go bhfuil a ghníomhaíochtaí nó a gníomhaíochtaí i gcomhréir le leas an linbh. Cé nach bhfuil an toimhde absalóideach is toimhde bhunúsach í..."

⁵⁶ Tá an liosta sin tosca bunaithe go príomha ar an treoir reatha ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OIC) in Éirinn i ndáil le hiarratais ar rochtain a dhéanamh tuismitheoir nó caomhnóir ar thaifid faoin Acht um Shaoráil Faisnéise na hÉireann 2014. Féach <https://www.oic.ie/guidance-and-resources/guidance-notes/1-Section-37-Guidance-Note.pdf> pp.35-39

⁵⁷ Déantar tagairt in Airteagal 4(25) den GDPR de Threoir 2015/1535 trí bhíthin sainmhíniú ar an téarma "seirbhís na sochaí faisnéise: "seirbhís ar bith a sholáthraítear de ghnáth ar luach saothair, go cianda, trí mhodh leictreonach agus ar iarratas aonair ó fhaightear seirbhísí." Rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach mbaineann an coincheap an luach saothair le híocaíochtaí amháin a thugann faighteoirí seirbhíse agus go bhféadfadh é a chur i bhfeidhm ar chásanna ina ndéanann páirtí eile an íocaíocht (Cás-352/85 Bond van Adverteerders agus daoine Eile i leith Stát na hÍsiltíre [1988] E.C.R 2085).

⁵⁸ Le hAirteagal 8 den GDPR féadfaidh Ballstáit reachtaíocht a rith maidir leis an aois ag ar féidir le leanaí toiliú a thabhairt go dlíthiúil maidir le próiseáil a sonraí pearsanta féin i gcomhthéacs ar líne, ar an gcoinníoll go bhfuil an aois sin idir 13 agus 16 bliana d'aois. Is é an seasamh réamhshocráithe atá ann i gcás nár rith Ballstát a dlíthe féin maidir leis an gceist sin go mbeidh 16 bliana d'aois i bhfeidhm. In Éirinn, i ndiaidh mórán díospóireacht phoiblí, socraíodh 16 bliana d'aois mar an aois toilithe dhigitigh faoi Alt 31 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, ar an gcoinníoll go ndéanfar athbhreithniú ar an teorainn aoise sin laistigh de 4 bliana (i.e. faoi mhí na Bealtaine 2022).

⁵⁹ I gcomhréir le hAirteagal 7.3 GDPR

⁶⁰ Féach Treoirlínte 05/2020 [nuashonraithe] an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí faoi Rialachán 2016/679 Leagan 1.1 arna nGlacadh an 4 Bealtaine 2020, Roinn 7

⁶¹ D'fhoilsigh an FTC "Plean um Chomhlíonadh Sé Chéim" chun cuidiú le hoibreoí ar líne i SAM a chinntiú go gcomhlíonfaidh siad ceanglais rialí COPPA. I gcéim a ceathair den phlean sin leagtar amach sraith modhanna inghlactha chun toiliú indeimhnithe a fháil ó thuismitheoirí sula ndéanfar sonraí pearsanta a bhailiú óna leanaí.

⁶² Faoi Children's Online Privacy Protection Act (COPPA)

⁶³ <https://www.ftc.gov/tips-advice/business-center/privacy-and-security/verifiable-parental-consent-childrens-online-privacy-rule>

⁶⁴ Féach, inter alia, na sainmhínte ar ráthaíocht aoise agus deimhniú aoise a chuir Roinn Digiteach, Cultúir, Meán & Spóirt na Ríochta Aontaithe ar fáil ina VoCO (Leanaí a Dheimhniú ar líne) Tuarascáil Chéim 2: https://assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/934131/November_VoCO_report_V4_pdf.pdf (pp. 12-13) agus na sainmhínte coibhéiseacha a chuir Coimisinéir Ríomhshábháilteachta na hAstráile ar fáil: <https://www.esafety.gov.au/about-us/consultation-cooperation/age-verification>

⁶⁵ Ibid.

⁶⁶ Léiríonn an impleacht phraiticiúil sin a bhaineann le hAirteagal 8 i dtreoir an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí maidir le toiliú faoi Threoirlínte GDPR 05/2020 maidir le toiliú faoi Rialachán 2016/679, ina luaitear: "Agus seirbhísí na sochaí faisnéise á soláthar do leanaí ar bhonn toilithe, beifear ag súil go ndéanfaidh rialaitheoirí iarrachtaí réasúnta lena dheimhniú go bhfuil an t-úsáideoir os cionn na haoise toilithe dhigitigh, agus ba cheart go mbeadh na bearta sin comhréireach do chineál na rioscaí a bhaineann le próiseáil na ngníomhaíochtaí [...]. Níor cheart an iomarcach próiseáil sonraí bheith mar thoradh ar dheimhniú aoise. Ba cheart go mbainfeadh an sásra a roghnófar chun aois ábhair shonraí a dheimhniú le measúnú ar riosca na próiseála beartaithe. I roinnt cásanna riosca ísle, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé cuí sintiúisóir úr le seirbhís a iarraidh nó a mbliain bhreithe a chur in iúl nó foirm a líonadh ina sonraítear (nach) mionaoiseach iad. Má bhíonn amhras ar bith ann ba cheart don rialaitheoir athbhreithniú a dhéanamh ar a sásraí maidir le deimhniú aoise i gcás faoi leith agus a mheas an bhfuil gá le seiceálacha eile a dhéanamh."

⁶⁷ Mar shampla, luadh Google ina aighneacht "I mórán cásanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh [leanaí] ag brath ar na soláthraithe seirbhíse ar líne sin mar a bpríomhshásra le haghaidh rochtain ar ábhar tábhachtach oideachais agus ar fhaisnéis tábhachtach. Dá réir sin, is é an iarmhairt neamhbheartaithe a bhaineann le húsáideoirí a ghlásáil amach [...] go bhféadfadh sé ní hamháin nach dtabharfaí rochtain dóibh ar an tseirbhís, ach nach dtabharfaí rochtain dóibh ar ábhar tábhachtach oideachais agus faisnéis tábhachtach a stóráil siad ar líne amhail tascanna obair bhaile" féach: <https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2019-09/Submission%20from%20Google.pdf>

Shonraigh Technology Ireland chomh maith "Má dhéantar úsáideoirí a ghlásáil amach as seirbhísí go bhféadfadh sé go mbainfí na huirlisí d'úsáideoirí a úsáideann siad chun faisnéis nó acmhainní oideachais a theastaíonn uathu don scoil, chomh maith le taifid faoi ghníomhaíocht roimhe sin – amhail doiciméid nó grianghraif – ar mian leo iad a choinneáil." Féach: <https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2019-09/Submission%20from%20Technology%20Ireland.pdf>

⁶⁸ Féach "But how do they know it is a child? Age Assurance in the Digital World": https://5rightsfoundation.com/uploads/But_How_Do_They_Know_It_Is_a_Child.pdf p4

⁶⁹ Faoi Airteagal 12 den UNCRC

⁷⁰ Faoi Airteagal 13 den UNCRC

⁷¹ I dtaighde a rinne CyberSafeIreland fuarthas go bhfuil 60% de leanaí 8-13 bliana d'aois ag baint úsáid ardáin meán sóisialta agus cur teachtaireachtaí in ainneoin go bhfuil siad faoin aois íosta ordaithe. D'áitigh CyberSafeIreland chomh maith "Is cosúil go bhfuil leanaí go ginearálta níos leochail ar líne [...] toisc go bhfuil céatadán níos mó díobh dreasaithe chun bréag a insint faoina n-aois chun srianta breise GDPR do leanaí 13-16 bliana d'aois a sheachaint." Féach: https://cybersafeireland.org/media/1300/csi_annual_report_2018_w.pdf pp.20-21.

⁷² Féach: "Ní raibh mé cinntiú an gnáthrud é féachaint air": Scrúdú cainníochtúil agus cáilíochtúil ar an tionchar a bhaineann le pornagrafaíocht ar líne ar luachanna, dearcthaí, creideamh agus iompar leanaí agus daoine óga. NSPCC, an Coimisinéir Leanaí agus Ollscoil Middlesex, Londain. Bealtaine 2017.

⁷³ Liostaíonn an 5Rights Foundation roinnt sásraí ráthaíochta aoise reatha a úsáidtear in éineacht lena chéile d'fhonn an leibhéal cruinnis agus cinnteachta atá riachtanach a chur ar fáil bunaithe ar na cúinsí atá ann. Féach leathanach 25 de *But How Do They Know It Is A Child? Age Assurance in the Digital World*. Féach: https://5rightsfoundation.com/uploads/But_How_Do_They_Know_It_Is_a_Child.pdf

⁷⁴ I gcuid de na critéir sin cuirtear san áireamh moltaí áirithe a chuir rannpháirtithe isteach mar chuid dá bhfreagairtí i gcomhairliúchán poiblí an Choimisiúin Cosanta Sonraí.

⁷⁵ D'fhéadfadh rialaitheoirí bheith ag iarraidh sraith caighdeán coitianta a chur san áireamh maidir le ráthú aoise a mhol an 5Rights Foundation nuair atáthar ag déanamh cinneadh maidir leis na modhanna deimhnithe aoise a úsáidfear dá seirbhís. Sonraítear sna caighdeáin seo nach mór go mbeadh ráthú aoise (1) caomhnaitheach maidir le príobháideacht, (2) gur chóir go mbeadh sé i gcomhréir le riosca agus cuspóir, (3) gur chóir go mbeadh sé éasca don leanbh é a úsáid, (4) nach mór go gcuirfeadh sé le heispéiris leanaí, seachas iad a theorannú amháin, (5) nach mór do sholáthraithe ráthú aoise ardleibhéal slándála a chur ar fáil agus (6) nach mór dóibh bealaí a chur ar fáil ar agóid agus cúiteamh, (7) nach mór go mbeadh ráthú aoise inrochtana agus ionchuimsitheach, (8) nach mór go mbeadh sé trédhearcach agus cuntasach, (9), gur chóir go gcuirfeadh sé san áireamh nach n-insíonn leanaí an fhírinn i gcónaí, (10) nach mór cloí le caighdeáin chomhaontaithe, agus (11) gur chóir go mbeadh meas ar chearta. Féach 5Rights Foundation, *But How Do They Know It Is A Child? Age Assurance in the Digital World*. Féach: https://5rightsfoundation.com/uploads/But_How_Do_They_Know_It_Is_a_Child.pdf

⁷⁶ Réamhaithris 21 den Treoir (AE) 2018/1808: "Aithnítear i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint agus Comhairle na hEorpa go bhfuil cosaint ar leith tuille ag leanaí maidir lena sonraí pearsanta a phróiseáil. Tá próiseáil sonraí mionaoiseach ina thoradh dosheachanta ar shásraí cosanta leanaí bheith á mbunú ag soláthraithe seirbhíse meán. Toisc go bhfuil sé mar aidhm le sásraí dá leithéid leanaí a chosaint, níor chóir sonraí pearsanta ó mhionaoisigh a phróiseáiltear faoin gcreat maidir le bearta teicniúla cosanta leanaí a úsáid chun críocha tráchtála."

⁷⁷ Ba cheart a thabhairt faoi deara cé go n-ordaítear in Alt 30 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 go mbeidh sé ina chion sonraí pearsanta linbh a phróiseáil chun críocha margaíocht dhíreach, próifiliú, nó micrea-dhíriú, níor tosaíodh an fhoráil sin go fóill. Le haghaidh tuilleadh eolais féach: <https://www.oireachtas.ie/en/debates/question/2018-07-24/623/?highlight%5B0%5D=623>

⁷⁸ Meitheal Cosanta Sonraí Airteagal 29, 'Tuairim 02/2013 maidir le hAipeanna agus Gléasanna Cliste, WP202' (2013) <https://ec.europa.eu/justice/article-29/doi/doi:10.1007/s10670-013-9400-0>

⁷⁹ Treoirlínte an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí maidir le Cinnteoireacht Uathoibríthe Aonair agus Próifiliú chun Críocho Rialachán 2016/679 (2018), leathanach 29

⁸⁰ Chuir Comhairle na hEorpa i gcoinne próifiliú leanaí ina Moladh 2018 do Bhallstáit ar Threoirlínte maidir le Cearta an Linbh a Urramú, a Chosaint agus a Chomhlíonadh sa Timpeallacht Dhigiteach (Moladh CM/Rec 2018(7)) ag leathanach 17:

Ba cheart cosc de réir an dlí a chur le próifiliú leanaí, arb é sin cineál ar bith próiseála uathoibríthe sonraí pearsanta lena mbaineann "próifil" a chur i bhfeidhm ar leanbh, go sonrach chun cinntí a dhéanamh maidir leis an leanbh nó chun a roghanna pearsanta, iompar nó dearchaí, a anailísiú nó a thuair. Féadfaidh stáit an srian sin a thógáil nuair is chun leas an linbh atá sé nó má bhíonn leas sáraitheach poiblí ann, ar an gcoinníoll go soláthraítear coimircí cuí leis an dlí.

⁸¹ Coiste na Náisiún Aontaithe, Ráiteas Ginearálta Uimh. 25 (2021) alt 40.

⁸² D'fhéadfadh sé go mbeadh cur chun cinn éitis eagraíochta nó bolscaireacht vóta i gcomhthéacs toghcháin nó reifrinn i gceist leis chomh maith.

⁸³ Leis an ionstraim reachtúil sin déantar na rialacha atá leagtha amach i dTreoir 2002/58/CE arna leasú le Treoir 2006/24/CE agus Treoir 2009/136/CE (ar a dtugtar an Treoir maidir le Ríomhphróibháideachas) a thasú in Éirinn

⁸⁴ Ní mór toiliú faoi na Rialacháin maidir le Ríomhphróibháideachas a léirmhíniú i gcomhréir leis an sainmhíniú le toiliú in Airteagal 4(11) den GDPR i gcomhréir le hAirteagal 94 den GDPR, i bhfocail eile, ní mór gurb é: "aon chur in iúl sonrach, feasach agus gan athbhá, a dhéanann an t-ábhar sonraí a thabhairt faoi shaoirse, trí ráiteas nó trí ghníomhaíocht shoiléir dhearfach, á rá gur mian leis nó léi aontú le próiseál sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi (béim curtha leis)".

⁸⁵ Féach Treoirlínte 05/2020 [nuashonraithe] an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí faoi Rialachán 2016/679 Leagan 1.1 arna nGlacadh an 4 Bealtaine 2020, Roinn 1, mír 7

⁸⁶ Mar a luadh roimhe seo, sainítear an téarma "seirbhís na sochaí faisnéise" i dTreoir (AE) 2015/1535 ag Airteagal 1 mar "seirbhís ar bith a sholáthraítear de ghnáth ar luach saothair, go cianda, trí mhodh leictreonach agus ar iarratas aonair ó fhaightear seirbhísí." Ciallaíonn an frása "modh leictreonach" de réir Airteagal 1 "go ndéantar an tseirbhís a sheoladh ar dtús agus a ghlacadh ag a ceann scríbe trí mhodh trealamh leictreonaigh le haghaidh próiseáil (lena n-áirítear comhbhrú digiteach) agus stóráil sonraí, agus déantar í a tharchur, a iompar agus a ghlacadh go hiomlán trí shreang, trí raidió, trí mhodh optúla nó trí mhodh leictreamaighnéadach eile". In Iarscríbhinn 1 den Treoir sin eisiaítear go follasach "margaíocht dhíreach teileafóin/teileafacs ón sainmhíniú ar "seirbhísí na sochaí faisnéise" trína shonrú nach seirbhísí iad sin a sholáthraítear trí "mhodh leictreonach".

⁸⁷ I Réamhthreis 18 den Treoir maidir le Ríomhthráchtáil (Treoir 2000/31/CE) sonraítear go bhfuil "seirbhísí na sochaí faisnéise" beartaithe "dóibh siúd a thairgeann faisnéis nó cumarsáid tráchtála". I gcás dlí AE léiríodh go gcuimsítear fógraíocht agus margaíocht i "cumarsáid tráchtála". Lena chois sin, mhol an tArd-Abhcóide Bot ina Thuairim i gCás C 339/15 Openbaar Ministerie v Luc Vandenberghe (ECJ, 8 Meán Fómhair 2016) go raibh sé beartaithe ag Coimisiún AE go dtiocfaidh seirbhísí margaíochta díri ar líne laistigh den raon feidhme um "seirbhísí na sochaí faisnéise" (féach fonóta 25).

⁸⁸ Is féidir tuilleadh eolais maidir leis na rialacha sin a fháil i dTreoirlínte an Choimisiúin Cosanta Sonraí maidir le margaíocht dhíreach. Féach: <https://www.dataprotection.ie/en/organisations/rules-electronic-direct-marketing>

⁸⁹ Sonraíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí chomh maith Airteagal 19(4) de Chód um Theachtaireachtaí Fógraíochta agus Margaíochta an Chumainn Idirnáisiúnta Lucht Tráchtála "ina sonraítear "Níor cheart sonraí pearsanta a bhailítear ó leanaí a úsáid chun teachtaireachtaí margaíochta a dhíriú orthu, ar thuismitheoirí na leanaí nó ar bhaill eile den teaghlach gach toiliú na dtuismitheoirí."

⁹⁰ Le Rialachán 13(11) de na Rialacháin maidir le Ríomhphróibháideachas ceadáítear margaíocht dhíreach i gcomhthéacs díol táirge nó seirbhíse, i gcás go gcomhlíonfar coinníollacha áirithe, ach ní iarrtar toiliú dearfach go sonrach leis. Féach: <https://www.dataprotection.ie/en/organisations/rules-electronic-direct-marketing>

⁹¹ In Airteagal 4(4) den GDPR sainmhínítear "próifiliú" mar: [Aon] chineál próiseála uathoibríthe a dhéantar ar shonraí pearsanta arb éard í úsáid na sonraí sin chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe pearsanta áirithe a bhaineann le duine nádúrtha, go háirithe chun anailís a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le feidhmíocht an duine nádúrtha sin ag an obair, le staid eacnamaíoch, le sláinte, le roghanna pearsanta, le hábhair spéise, le hiontaofacht, le hiompar, le suíomh nó le gluaiseachtaí an duine nádúrtha sin nó chun na gnéithe sin a thuair."

⁹² I measc samplaí eile tá: cinntí a rachadh i gcion ar chúinsí airgeadais duine éigin, amhail a n-inchailitheacht do chreidmheas; cinntí a rachadh i gcion ar rochtain duine éigin ar sheirbhísí sláinte; cinntí lena ndíoltófaí deis fostaíochta do dhuine éigin nó lena gcuirfeadh faoi mhíbhuntáiste tromchúiseach é nó í; cinntí a rachadh i gcion ar rochtain duine éigin ar oideachas, mar shampla iontrálacha ollscoile. Féach Treoirlínte an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí maidir le Cinnteoireacht Uathoibríthe Aonair agus Próifiliú chun Críocho Rialachán 2016/679 (2018), leathanach 21 - 22.

⁹³ In Airteagal 22(2) léirítear roinnt eisceachtaí leis an riail sin maidir le próifiliú: i gcás (a) go bhfuil gá leis chun conradh a fheidhmiú; (b) go bhfuil sé údaraithe le dlí AE nó dlí Ballstáit, nó (c) go bhfuil sé bunaithe ar thoiliú follasach an ábhair shonraí. I gcás go bhfuil feidhm ag na eisceachtaí sin, áfach, tá sé de dhuilgheas le hAirteagal 22(3) ar rialaitheoirí coimircí a chur i bhfeidhm chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlíteanacha an ábhair sonraí a chosaint, lena n-áirítear "an ceart idirghabháil daoine a fháil ar thaobh an rialaitheora, chun a dhearcadh nó a dearcadh a chur in iúl agus chun agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh." Tugtar tuilleadh léargas i Réamhthreis 71 ar chineál na coimircí sin, ina sonraítear gur cheart foráil maidir le faisnéis shonrach don ábhar sonraí, míniú ar an gcinneadh ar thángthas air agus deis chun an cinneadh lena mbaineann cheistiú a chuimsiú iontu. Le hAirteagal 22(4) cuirtear cosc ar phróifiliú bunaithe ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta (e.g. sonraí pearsanta ciníocha, eitneacha nó reiligiúnacha) le heisceachtaí teoranta, amhail i gcás go bhfuil sé bunaithe ar thoiliú follasach nó go bhfuil sé údaraithe le dlí AE nó le dlí Ballstáit. Ba cheart a thabhairt faoi deara chomh maith go bhfuil sé d'oibleagáid ar rialaitheoirí faoi Airteagal 14(2) a chur in iúl d'ábhair shonraí má bheidh siad faoi réir cinnteoireacht uathoibríthe ar bith lena n-áirítear próifiliú agus "faisnéis fhiúntach" a chur ar fáil ar an loighic lena mbaineann chomh maith le suntasacht agus iarmhairtí beartaithe na próiseála sin.

⁹⁴ Treoirlínte an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí maidir le Cinnteoireacht Uathoibríthe Aonair agus Próifiliú chun Críocho

⁹⁵ Féach Nóta Treorach an Choimisiúin Cosanta Sonraí (Aibreán 2020) maidir le Fianáin agus Teicneolaíochtaí Rianaithe ag: <https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2020-04/Guidance%20note%20on%20cookies%20and%20other%20tracking%20technologies.pdf>

⁹⁶ Sonia Livingstone et al., "Children's data and privacy online: growing up in a digital age: research findings (2019) <http://eprints.lse.ac.uk/101282/>

⁹⁷ Karen Mc Cullagh, "The general data protection regulation: a partial success for children on social network sites?" Data Protection, Privacy and European Regulation in the Digital Age (2016), lch. 117

⁹⁸ Tá corp taighde ann atá ag fás ina leagtar béim ar na himpleachtaí eiticiúla a bhaineann le fógraí spriocdhírthe ar líne a sholáthar do leanaí mar gheall ar a leochaileacht, a gcumas atá fós ag forbairt maidir le fógraíocht spriocdhírthe a idirdhealú ó ábhar ar líne eile, agus an neamhshiméadracht chumhachta idir tomhaltóirí linbh agus an earnáil fógraíochta digití. I staidéar a rinne Reijmersdal et al. fuarthas "Níl a bhfuil a fhios ag leanaí faoi na bearta a úsáidtear i spriocdhíríú próifíle, fud a fhágann go bhfuil sé éasca rud a chur in luí orthu. Ní féidir leo spriocdhíríú bunaithe ar phróifíliú an táirge nó an chineáil a aithint, agus teastaíonn cuidiú [uathu] chun an teicníc margaíochta úr sin a thuiscint." Féach: Eva A. van Reijmersdal, Esther Rozendaal, Nadia Smink, Guda van Noort & Moniek Buijzen (2017) Processes and effects of targeted online advertising among children, International Journal of Advertising, 36:3, 396-414, An Roinn Oideachas: [10.1080/02650487.2016.1196904](https://doi.org/10.1080/02650487.2016.1196904)

⁹⁹ D'fhéadfadh sé gur mian le heagraíochtaí chomh maith smaoineamh ar na "Prionsabail Gnólachtaí um Chearta Leanaí", sraith prionsabal arna gcruthú ag UNICEF, Comhaontú Domhanda agus Fóir ar na Páistí de chuid na Náisiún Aontaithe chun cuidiú le gnólachtaí a chinntiú go ndéanfar cearta leanaí sa dlí idirnáisiúnta a urramú ina ngníomhaíochtaí. Go sonrach, sonraítear i bPrionsabal 6 den CRBP gur cheart do ghnólachtaí úsáid a bhaint as "margaíocht agus fógraíocht a urramaíonn cearta leanaí." I ngníomh, ciallaíonn sé sin gur cheart do rialaitheoirí margaíocht a sheachaint a mbeadh drochthionchar aige ar an leanbh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as "soghabháiltacht mhéadaithe leanaí i leith mí-ionramhála, agus na n-éifeachtaí a bhaineann le hiomhánna colainne neamhréadúla agus gnéasúla agus steiréitíopa. Tagann sé sin leis an bprionsabal nach mór tús áite a thabhairt do leas an linbh i gcónaí. Féach: https://www.unglobalcompact.org/docs/issues_docdoc/human_rights/CRBPCRBP/Childrens_Rights_and_Business_Principles.pdf

¹⁰⁰ Tagann sé sin le dearchtaí an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí nár cheart cinnteoireacht uathobrithe amháin lena n-áirítear próifíliú lena mbaineann éifeachtaí dlíthiúla nó éifeachtaí comhchosúla a úsáid le haghaidh leanaí agus nár cheart bheith ag brath ar eisceachtaí ar an rialí i gcoinne an chineáil sin próiseála i ndáil le sonraí leanaí a phróiseáil seachas cúinsí teoranta amháin go bhfuil gá leis chun a leas a chosaint. Féach na Treoirínte maidir le Cinnteoireacht Uathobrithe Aonair agus Próifíliú chun Críocha Rialachán 2016/679 (2018), leathanach 28

¹⁰¹ Féach: <https://ico.org.uk/media/for-organisations/guide-to-data-protection/key-data-protection-themes/age-appropriate-design-a-code-of-practice-for-online-services-2-1.pdf> p34

¹⁰² Luaitear in alt 37 i dTreoirínte 2018 na Comhairle Eorpaí maidir le Cearta an Linbh a Urramú, a Chosaint agus a Chomhlíonadh sa Timpeallacht Dhigiteach: "Ba chóir próifíliú leanaí, atá ina chineál ar bith de shonraí pearsanta a phróiseáil go huathobrithe a bhaineann le "próifíl" a chur le leanbh, go háirithe chun cinntí a dhéanamh maidir leis an leanbh nó a roghanna pearsanta, iompar nó dearchtaí a anailísiú nó a thuair a thoirmeasc le dlí. I gcúinsí eisceachtúla, d'fhéadfadh Stáit an srianadh seo a chur ar ceal nuair atá sé chun leas an linbh nó nuair atá leas sáraitheach poiblí i gceist, ar choinníoll go ndéantar foráil sa dlí do chosaintí cuí."

¹⁰³ Féach ailt 10 agus 61 de Ráiteas Ginearálta Uimh. 25 (2021) maidir le cearta an linbh i ndáil leis an timpeallacht dhigiteach.

¹⁰⁴ Chomh maith leis sin, déanann UNICEF roinnt moltaí i ndáil le leanaí a phróifíliú. Éilítear cur chuige atá dírithe ar leanaí i ndáil le sonraí a rialú ina n-íoslaghdaítear an úsáid a bhaintear as algartaim chun iompar leanaí a phróifíliú. Chomh maith leis sin, éilíonn sé riachtanais trédhearcachta níos mó do chuideachtaí a úsáideann na halgartaim seo i ndáil le leanaí, agus tugann sé fólaireamh nár chóir sonraí leanaí a úsáid chun algartaim a chumhachtú a chuireann isteach ar a gcearta ar neamhspleáchas agus féinchinntiúchán, chun tionchar a imirt ar a n-iompar nó mothúcháin nó srian a chur lena ndeiseanna nó forbairt. Féach: <https://www.unicef.org/globalinsight/media/1741/file/UNICEF%20Global%20Insight%20Data%20Governance%20Manifesto.pdf>

¹⁰⁵ Féach: <https://5rightsfoundation.com/uploads/5rights-final-call-for-evidence.pdf>

¹⁰⁶ Féach Treoirínte EDPB maidir le cinnteoireacht aonair Uathobrithe agus Próifíliú chun críocha Rialachán 2016/679, wp251rev.01, lch.28

¹⁰⁷ Féach Treoirínte an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí maidir le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) agus a chinneadh ar "cosúil go mbeidh ardriosca mar thoradh" ar phróiseáil chun críocha Rialachán 2016/679 wp248rev.01

¹⁰⁸ "Sonraí a bhaineann le ábhair shonraí leochaileach (réamhaithris 75): tá próiseáil an chineáil sin sonraí ina critéir mar gheall ar an éagothroim mhéadaithe chumhachta idir na hábhair shonraí agus an rialaitheoir sonraí, rud a chiallaíonn go bhféadfadh sé nach mbeadh na daoine aonair ábalta toiliú le próiseáil a sonraí, nó dul ina coinne, nó a ceart a fheidhmiú a thuiscint go héasca. D'fhéadfadh leanaí a bheith i gceist le hábhair shonraí leochaileacha (d'fhéadfaí iad a mheas mar ábhair nach féidir dul i gcoinne phróiseáil a sonraí nó toiliú le próiseáil a sonraí go feasach agus go machnamhach)". (Mír 7, leathanach 10)

¹⁰⁹ <https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2018-11/Data-Protection-Impact-Assessment.pdf>

¹¹⁰ Mar shampla féach liosta Údarás um Chosaint Sonraí na Sualainne d'oibríochtaí próiseála lena dteastaíonn DPIA: <https://www.datainspektionen.se/globalassets/dokument/beslut/list-regarding-data-protection-impact-assessments.pdf>

¹¹¹ Tacaíonn acadóirí leis an staid sin amháin an tOllamh Eva Lievens agus Simone van der Hoff, a bhfuil sé áitithe acu go gceanglaítear le hAitheagar 3 den UNCRC maidir le gach gníomhaíocht a bhaineann le leanaí, gur cheart tús áite a thabhairt do leas an linbh agus leis an bprionsabal sin go gceanglaítear ar rialtais, ar chomhlachtaí poiblí agus príobháideacha measúnuithe tionchair (cearta) leanaí a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar thionchar dlí, beartais nó cinnidh ar bith atá beartaithe maidir le ceart leanaí. Áitíonn siad go soláthraítear leis an gceanglas sin, as féin, dreasacht láidir chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí ar chearta leanaí a bheadh mar thoradh ar a sonraí pearsanta a phróiseáil. Le haghaidh tuilleadh faisnéise féach: Simone, van der Hof and Lievens, Eva, The Importance of Privacy by Design and Data Protection Impact Assessments in Strengthening Protection of Children's Personal Data Under the GDPR (2017). Dlí na Cumarsáide 2018, Iml. 23, Uimh. 1, Féach SSRN: <https://ssrn.com/abstract=3088888>

[com/abstract=3107660](https://www.ssrn.com/abstract=3107660)

¹¹² Sylwander, L. (2001). Measúnuithe Tionchair Leanaí: Eispéireas na Sualainne maidir le Anailísí Tionchair Leanaí mar uirlis chun Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (Rannpháirtíocht Linbh) a chur i bhfeidhm. An Roinn Sláinte agus Gnóthaí Sóisialta, agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha, An tSualainn. Féach: <https://resourcecentre.savethechildren.net/node/6728/pdf/6728.pdf>

¹¹³ An Coimisiún um Thodhchaíocht Dhigiteach, Gnéithe dearfacha agus diúltacha maidir le measúnuithe tionchair cearta leanaí do chinnteoirí digiteacha. Féach: https://digitalfuturescommission.org.uk/blog/pros-and-cons-of-child-rights-impact-assessment-for-digital-decision-makers/#_ftn1

¹¹⁴ Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CRC), Ráiteas Ginearálta Uimh. 16 (2013) um oibleagáidí Stáit maidir leis an tionchar atá ag an earnáil gnó ar chearta leanaí, an 17 Aibreán 2013, CRC/C/GC/16. Féach: <https://www.refworld.org/docid/51ef9cd24.html>

¹¹⁵ Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, Ráiteas Ginearálta Uimh. 14 (2013) maidir le ceart an linbh go dtabharfaí tús áite dá leas (airt. 3, alt 1)*. Féach: https://www2.ohchr.org/English/bodies/crc/docs/GC/CRC_C_GC_14_ENG.pdf

¹¹⁶ Féach <https://codevoorkinderrechten.nl/> (in Ísiltíris amháin)

¹¹⁷ Sonraítear in Airteagal 25.2 “Cuirfidh an rialaitheoir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme lena áirithiú nach bpróiseáiltear, mar réamhshocrú, ach na sonraí pearsanta sin atá riachtanach i gcás gach cuspóra shonraigh atá leis an bpróiseáil. Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis an méid sonraí a bhailítear, an oiread próiseála a dhéantar orthu, an tréimhse a stóráiltear iad lena linn agus an rochtain atá orthu. Áiritheofar le bearta den sórt sin, go háirithe, nach gcuirfear sonraí pearsanta ar fáil mar réamhshocrú do líon éiginnte daoine nádúrtha gan idirghabháil ón duine aonair.”

¹¹⁸ Measann Lievens agus van der Hof consider that “[ós] rud é gur catagóir thiomanta de dhaoine aonair iad leanaí lena n-éilítear cosaint sonraí níos doichte faoin GDPR, is cosúil go bhfuil na prionsabail um chosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú oiriúnach go háirithe chun cosaint a sonraí pearsanta a spreagadh agus a chinntiú agus, ag an am céanna, déantar a gcearta a rathú go ginearálta.” Féach: van der Hof, Simone agus Lievens, Eva, The Importance of Privacy by Design and Data Protection Impact Assessments in Strengthening Protection of Children’s Personal Data Under the GDPR (2017). Dlí na Cumarsáide 2018, Iml. 23, Uimh. 1, Ar fáil ag SSRN: <https://ssrn.com/abstract=3107660>

¹¹⁹ Is é sin coincheap a shainaithnítear i gCód um Dhearadh Aoisoiriúnach ICO a fhorghníonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí.

¹²⁰ Is é seo a leanas sainmhíniú an ICO ar na teicnící poite: “Gnéithe deartha is ea teicnící poite lena dtugtar ar úsáideoirí nó lena spreagtar úsáideoirí bealaí roghnaithe an dearthóra a leanúint i gcinnteoireacht an úsáideora. Measann an ICO chomh maith go gcuimsítear i dteicnící poite rogha amháin a dhéanamh nach mbeidh chomh anásta nó chomh am-íditheach leis an rogha eile, agus dá réir sin spreagtar a lán úsáideoirí chun an rogha is éasca (ceann a chuireann isteach ar phríobháideacht go minic) a ghlacadh. Úsáideann siad an sampla “rogha lena mbaineann príobháideacht íseal a chur ar fáil láithreach bonn le “clí” amháin go díreach, agus an rogha eile lena mbaineann príobháideacht ard trí shásra sé chlic, nó a chuireann moill ar an tseirbhís a phróiseáil.”

¹²¹ Féach mar shampla: www.riskyby.design/introduction

AGUISÍN 1 – GLUAIS NA DTÉARMAÍ

TÉARMA:	GNÁTHCHIALL / GDPR ÁBHARTHA NÓ FORÁIL ACHT 2018
Ábhar sonraí	Duine sainaitheanta nó inaitheanta lena mbaineann sonraí pearsanta (féach Airteagal 4(1) GDPR)
Acht 2018	An tAcht um Chosaint Sonraí 2018 (dlí Éireannach chun tuilleadh éifeachta a thabhairt don GDPR ar an leibhéal náisiúnta)
Aois toilithe dhigitigh	An téarma a mbaintear úsáid as go coitianta chun cur síos a dhéanamh ar an aois íosta i ngach Ballstát LEE ag ar féidir le soláthraithe seirbhíse ar líne brath ar thoiliú an linbh féin lena sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs seirbhís ar líne a úsáid, gan gá a bheith le toiliú óna dtuismitheoir nó óna gcaomhnóir. (Féach Airteagal 8 GDPR)
Cinnteoireacht uathobrithe	An próiseas maidir le cinneadh a dhéanamh faoi dhuine aonair ar bhonn a sonraí pearsanta trí mhodh uathobrithe, i.e. úsáid a bhaint as bogearraí chun anailís a dhéanamh ar na sonraí pearsanta a soláthraíodh agus sraith rialacha a leanúint chun teacht ar chinntí gan bainteacht daoine. (Féach Airteagal 22 GDPR)
Fianán	Comhad beag téacs is ea fianán go minic a bhíonn stóráilte ar ghléas, amhail ríomhaire pearsanta nó gléas ar bith eile ar féidir faisnéis a stóráil air. Áirítear ar ghléasanna a d'fhéadfaí fianáin a úsáid chomh maith le gléasanna "Idirlíon na Rudaí" (IoT) a nascann leis an idirlíon.
Fógraíocht spriocdhírthe/ iompair/ phearsantaithe	An cleachtas maidir le húsáid a bhaineann as sonraí pearsanta duine éigin (lena n-áirítear próifíl a cruthaíodh maidir leo) chun fógraí agus ábhair mhargaíochta, i measc nithe eile, a chur in oiriúint dóibh dá suimeanna, nó dearchtaí aonair.
GDPR	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679 (dlí AE))

AGUISÍN 1 – GLUAIS NA DTÉARMAÍ

TÉARMA:	GNÁTHCHIALL / GDPR ÁBHARTHA NÓ FORÁIL ACHT 2018
Gléasanna 'nasctha'	Grúpa gléasanna a bhíonn nasctha lena chéile agus, a bhíonn nasctha de ghnáth le cianfhreastalaí trí líonraí sreangaithe nó gan sreang, trína bhailítear agus trína roinntear sonraí laistigh den líonra go minic.
Íoslaghdu sonraí	An prionsabal gan ach an t-íosmhéid sonraí pearsanta ábhartha a bhailiú chun na críocha dá bhfuil siad á bpróiseáil (féach hAirteagal 5(1)(c) GDPR)
Leabh	In Éirinn, chun críocha cosaint sonraí, is ionann leabh agus duine faoi bhun 18 mbliana d'aois, rud a thagann le sainiú linbh faon UNCRC mar "dhuine faoi bhun 18 mbliana d'aois." (féach Roinn 29 d'Acht 2018)
Margaíocht dhíreach leictreonach	Cur chun cinn táirge nó seirbhíse trí ríomhphoist, téacsanna, facsanna, nó glaonna gutháin. (féach Rialachán 13 de na Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideacht)
Próifíliú	Dóigh le sonraí pearsanta duine éigin a úsáid chun saintréithe faoin duine sin a thuairisc nó a anailísiú amhail seirbhísí a mbeidh suim acu iontu, na rudaí is mian leo agus nach mian leo, roghanna, tuairimí agus dearcthaí, nó a n-iompar, i measc rudaí eile. (Féach Airteagal 4(4) GDPR)
Próiseáil sonraí	Sonraí pearsanta a úsáid agus aon rud a dhéanamh leo, ó iad a bhailiú go dtí iad a stóráil, iad a aisghabháil, breathnú orthu, iad a chomhroinnt le duine éigin eile, iad a léirscriosadh agus iad a scriosadh (féach Airteagal 4(2) GDPR)
Rialacháin maidir le Ríomhphríobháideacht	IR 336/ 2011 (Ionstraim reachtúil Éireannach lena dtrasúitear Treoir 2002/58/CE arna leasú le Treoir 2006/24/CE agus Treoir 2009/136/CE (ar a dtugtar an Treoir maidir le Ríomhphríobháideacht)

AGUISÍN 1 – GLUAIS NA DTÉARMAÍ

TÉARMA:	GNÁTHCHIALL / GDPR ÁBHARTHA NÓ FORÁIL ACHT 2018
Rialaitheoir sonraí	Duine, eagraíocht, nó comhlacht eile a chinneann, leo féin, nó i gcomhar le daoine eile, cuspóirí agus bealaí maidir le próiseáil sonraí pearsanta, i bhfocail eile, a chinneadh an dóigh agus an fáth a ndéantar sonraí pearsanta ábhair shonraí a phróiseáil (féach Airteagal 4(7) GDPR)
Soláthraí seirbhíse ar líne	Cuideachta nó eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí a óstáiltear tríd an idirlíon nó atá inrochtana tríd an idirlíon.
Sonraí bithmhéadracha	Sonraí pearsanta a fhaightear ó phróiseáil theicniúil shonrach saintréithe coirp, fiseolaíocha nó iompair duine, a éascaíonn nó a dheimhníonn aitheantas uathúil an duine sin, amhail sonraí aghaidhe nó méarloirg (féach Airteagal 4(14) GDPR)
Sonraí geoshuímh	Sonraí a bhaintear ó ghléas úsáideora a léiríonn suíomh an ghléis sin, lena n-áirítear sonraí GPS nó sonraí maidir le nasc le trealamh áitiúil Wi-Fi.
Sonraí pearsanta	Faisnéis ar bith a bhaineann le duine sainaitheanta nó inaitheanta (féach Airteagal 4(1) GDPR)
Teicnící poite	Gnéithe deartha lena dtugtar ar úsáideoirí nó lena spreagtar úsáideoirí bealaí roghnaithe an dearthóra a leanúint i gcinnteoireacht an úsáideora. D'fhéadfaí go gcuimseofaí iontu sin rogha amháin a dhéanamh nach mbeidh chomh anásta nó chomh am-íditheach leis an rogha eile, agus dá réir sin spreagtar a lán úsáideoirí chun an rogha is éasca (ceann a chuireann isteach ar phríobháideacht go minic) a ghlacadh.

AGUISÍN 2 – AIRTEAGAIL AGUS RÉAMHAITHRISÍ DÁ DTAGRAÍTEAR SNA BUNPHRIONSABAIL A BHAINNEANN LE COSAINT SHONRACH LEANAÍ SA GDPR

CUIREADH BÉIM AR THAGAIRTÍ SONRACHA DO LEANAÍ I GCLÓ DUBH AGUS ÉILIPSÍ ARNA GCUR IN IÚL LE (...)

AIRTEAGAL	TÉACS
Airteagal 4(4), (11), (25) – Sainmhínithe	Chun críche an Rialacháin seo: (...) (4) ciallaíonn “próifíliú” aon chineál próiseála uathoibrithe a dhéantar ar shonraí pearsanta arb éard í úsáid na sonraí sin chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe pearsanta áirithe a bhaineann le duine nádúrtha, go háirithe chun anailís a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le feidhmíocht an duine nádúrtha sin ag an obair, le staid eacnamaíoch, le sláinte, le roghanna pearsanta, le hábhair spéise, le hiontaofacht, le hiompar, le suíomh nó le gluaiseachtaí an duine nádúrtha sin nó chun na gnéithe sin a thuar; (...) (11) ciallaíonn “toiliú” an ábhair sonraí aon chur in iúl atá sonrach, feasach agus gan athbhrí, a dhéanann an t-ábhar sonraí a thabhairt faoi shaoirse, trí ráiteas nó trí ghníomhaíocht shoiléir dhearfach, á rá gur mian leis nó léi aontú le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi; (...) (25) ciallaíonn “seirbhís de chuid na sochaí faisnéise” seirbhís mar a shainmhínítear í i bpointe (b) d’Airteagal 1(1) de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; (...);
Airteagal 5 - Prionsabail bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta	1. Maidir le sonraí pearsanta: (a) déanfar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhair sonraí (“dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht”); (b) déanfar iad a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin; tuilleadh próiseála a dhéantar ar shonraí pearsanta chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch agus stairiúil nó chun críocha staidrimh, ní mheasfar, i gcomhréir le hAirteagal 89(1), go bhfuil sí ar neamhréir leis na críocha tosaigh (“teorannú de réir cuspóra”);

AIRTEAGAL

TÉACS

Airteagal 5 - Prionsabail bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta

(c) beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil (“íoslaghdú sonraí”);

(d) beidh siad cruinn agus, i gcás inar gá, coimeádfar suas le dáta iad; déanfar gach beart réasúnta chun a áirithiú go léirscriostar nó go gceartaítear sonraí pearsanta míchruinne gan mhoill, ag féachaint do na críocha ar chucu a dhéantar iad a phróiseáil (“cruinneas”);

(e) déanfar iad a choinneáil i bhfoirm nach gceadaítear léi na hábhair sonraí a shainaithint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críocha sin ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaint amach; féadfar sonraí pearsanta a stóráil le haghaidh tréimhsí níos faide a mhéid nach ndéanfar na sonraí sin a phróiseáil ach amháin chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh i gcomhréir le hAirteagal 89(1) faoi réir chur chun feidhme na mbeart iomchuí teicniúil agus eagraíochtúil a cheanglaítear leis an Rialachán seo d’fhonn cearta agus saoirsí an ábhair sonraí a choimirciú (“teorannú stórála”);

(f) déanfar iad a phróiseáil ar chaoi go n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraíthe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme, agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla nó eagraíochtúla (“sláine agus rúndacht”);

2. Is é an rialaitheoir a bheidh freagrach as mír 1 a chomhlíonadh, agus beidh sé in ann an comhlíonadh sin a thaispeáint (“cuntasacht”).

Airteagal 6 - Dlíthiúlacht na próiseála

1. Ní bheidh an phróiseáil dleathach ach amháin má tá feidhm, agus a mhéid atá feidhm, le ceann díobh seo a leanas ar a laghad:

(a) tá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil chun ceann amháin nó níos mó de chríocha sonracha; (b) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun Conradh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí a chomhlíonadh nó chun bearta a dhéanamh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé nó sí Conradh; (c) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh; (d) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint; (e) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir; (f) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag na leasanna sin ar leasanna nó ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí bunúsacha an ábhair sonraí, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, **go háirithe más leanbh é an t-ábhar sonraí.**

AIRTEAGAL

TÉACS

Airteagal 6 – Dlíthiúlacht na próiseála

Ní bheidh feidhm ag pointe (f) den chéad fhomhír maidir le próiseáil a dhéanann údaráis phoiblí i gcomhlíonadh a gcúraimí.

2. Féadfaidh na Ballstáit forálacha níos sonraí a choimeád ar bun nó a thabhairt isteach chun cur i bhfeidhm rialacha an Rialacháin seo a oiriúnú i ndáil le próiseáil chun pointe (c) agus pointe (e) de mhír 1 a chomhlíonadh trí chinneadh níos cruinne a dhéanamh maidir le ceanglais shonracha don phróiseáil agus do na bearta eile chun próiseáil dhleathach agus chothrom a áirithiú lena n-áirítear le haghaidh cásanna sonracha próiseála eile dá bhforáiltear i gCaibidil IX.

3. Déanfar an bunús don phróiseáil dá dtagraítear i bpointe (c) agus i bpointe (e) de mhír 1 a leagan síos leis méid seo a leanas: (a) dlí an Aontais; nó (b) dlí Ballstáit a bhfuil an rialaitheoir faoina réir. Cinnfear críoch na próiseála sa bhunús dlí sin nó, maidir leis an bpróiseáil dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1, beidh ga léi le haghaidh cúram chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir. Féadfaidh forálacha sonracha a bheith sa bhunús dlí sin chun cur i bhfeidhm rialacha an Rialacháin seo a oiriúnú, lena n-áirítear na coinníollacha ginearálta lena rialaítear dlíthiúlacht na próiseála sonraí ag an rialaitheoir; na cineálacha sonraí atá faoi réir a bpróiseála; na hábhair sonraí lena mbaineann; na heintitis a bhféadfar na sonraí pearsanta a nochtadh dóibh agus na críocha ar chucu a bhféadfar iad a nochtadh dóibh; an teorannú de réir cuspóra; tréimhsí stórála; agus oibríochtaí próiseála agus nósanna imeachta próiseála, lena n-áirítear bearta chun próiseáil dhleathach agus chothrom a áirithiú, amhail iad sin do staideanna sonracha próiseála eile dá bhforáiltear i gCaibidil IX. Comhlíonfaidh dlí an Aontais nó dlí Ballstáit cuspóir a bhaineann le leas an phobail agus beidh sé i gcomhréir leis an aidhm dhleathach atá á saothrú.

4. I gcás nach bhfuil an phróiseáil chun críche eile seachas an chríoch ar chuici a bailíodh na sonraí pearsanta bunaithe ar thoiú an ábhair sonraí nó ar dhlí de chuid an Aontais nó ar dhlí Ballstáit atá mar bheart riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 23(1) a choimirciú, déanfaidh an rialaitheoir, d'fhonn fáil amach an bhfuil críoch na próiseála ag luí leis na críocha sin ar chucu a bailíodh na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos, na nithe seo a leanas, inter alia, a chur san áireamh: (a) aon nasc idir na críocha ar bailíodh na sonraí pearsanta chucu agus na críocha atá leis an tuilleadh próiseála atá beartaithe; (b) an comhthéacs inar bailíodh na sonraí pearsanta, go háirithe maidir leis an ngaol idir na hábhair sonraí agus an rialaitheoir; (c) cineál na sonraí pearsanta, go háirithe an ndéantar catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil, de bhun Airteagal 9, nó an ndéantar sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna a phróiseáil, de bhun Airteagal 10; (d) na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do na hábhair sonraí ag an tuilleadh próiseála atá beartaithe; (e) an bhfuil coimircí iomchuí ann, ar a bhféadfar a áirithiú criptiú a dhéanamh nó ainm bréige a chur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL

TÉACS

Airteagal 7 – Coinníollacha maidir le toiliú

1. I gcás ina mbíonn an phróiseáil bunaithe ar thoiliú, beidh an rialaitheoir in ann a thaispeáint gur thug an t-ábhar sonraí toiliú go ndéanfaí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil.
2. Más i gcomhthéacs dearbhú i scríbhinn a bhaineann le hábhair eile freisin a thugann an t-ábhar sonraí toiliú, déanfar an iarraidh ar an toiliú a chur i láthair ar bhealach soiléir is féidir a dhealú ó na hábhair eile, i bhfoirm intuigthe a bhfuil rochtain shimplí uirthi, agus friotal soiléir simplí á úsáid. Aon chuid den dearbhú arb ionann í agus sárú ar an Rialachán seo agus dar thug an t-ábhar sonraí toiliú, ní bheidh sí ina cheangal.
3. Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí a thoiliú nó a toiliú a tharraingt siar aon am is mian leis nó léi. Má tharraingítear siar toiliú ní dhéanfar difear do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú sin a tugadh sular tarraingíodh siar é. Sula ndéanfaidh an t-ábhar sonraí toiliú a thabhairt, cuirfear ar an eolas faoin méid sin é nó í. Beidh sé chomh héasca céanna toiliú a tharraingt siar agus a bheidh sé é a thabhairt.
4. Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil toiliú tugtha faoi shaoirse, cuirfear san áireamh go huile agus go hiomlán, inter alia, an é an ndéantar comhlíonadh conartha, lena n-áirítear seirbhís a sholáthar, coinníollach ar an toiliú le próiseáil sonraí pearsanta, ar próiseáil í nach bhfuil riachtanach chun an conradh sin a chomhlíonadh.

Airteagal 8 – Na coinníollacha is infheidhme maidir le toiliú linbh i dtaca le seirbhísí na sochaí faisnéise

1. I gcás go mbeidh feidhm ag pointe (a) d'Airteagal 6(1), maidir le seirbhísí na sochaí faisnéise a thairiscint go díreach do leanbh, beidh próiseáil sonraí pearsanta linbh dleathach I gcás ian mbeidh an leanbh os cionn 16 bliana d'aois. Má tá an leanbh faoi bhun 16 bliana d'aois, ní bheidh an phróiseáil sin dleathach ach amháin má thugann nó má údaraíonn, agus a mhéid a thugann nó a údaraíonn, sealbhóir na freagrachta tuismitheoireachta as an leanbh an toiliú sin. Féadfaidh ballstáit a fhoráil le dlí d'aois is óige chun na gcríoch sin, ar choinníoll nach bhfuil an aois sin faoi bhun 13 bliana d'aois.
2. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an rialaitheoir iarrachtaí réasúnta a fhíorú gur thug nó gur údaraigh sealbhóir na freagrachta tuismitheoireachta as an leanbh toiliú, agus cuirfear an teicneolaíocht a bheidh ar fáil san áireamh.
3. Ní dhéanfaidh mír 1 difear do dhlí ginearálta na gconarthaí sna Ballstáit, amhail na rialacha maidir le bailíocht, déanamh nó éifeacht conartha i ndáil le leanbh

Airteagal 12 - Faisnéis thrédhearcach, cumarsáid agus módúlachtaí i dtaca le feidhmiú chearta an ábhair sonraí

1. Déanfaidh an rialaitheoir na bearta is iomchuí chun aon fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 13 agus in Airteagal 14 agus aon chumarsáid faoi Airteagal 15 go hAirteagal 22 agus faoi Airteagal 34 a bhaineann le próiseáil na sonraí pearsanta, a sholáthar don ábhar sonraí i bhfoirm atá gonta, trédhearcach, intuigthe agus a bhfuil rochtain éasca uirthi, a mbaintear feidhm inti as teanga shoiléir agus as gnáthfhriotal, **go háirithe maidir le haon fhaisnéis atá dírithe go sonrach ar leanbh**. Is i scríbhinn a chuirfear an fhaisnéis ar fáil, nó trí mheán eile, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí i bhfoirm leictreonach. Nuair a iarrann an t-ábhar sonraí amhlaidh, féadfar an fhaisnéis a sholáthar ó bhéal, ar choinníoll gur deimhníodh céannacht an ábhair sonraí ar mhodh eile.

AIRTEAGAL

TÉACS

Airteagal 12 - Faisnéis thrédhearcach, cumarsáid agus módúlachtaí i dtaca le feidhmiú chearta an ábhair sonraí

2. Éascóidh an rialaitheoir feidhmiú chearta an ábhair sonraí faoi Airteagal 15 go hAirteagal 22. I gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 11(2), ní dhiúltoídh an rialaitheoir beart a dhéanamh ar iarraidh a fháil ón ábhar sonraí a chearta nó a cearta a fheidhmiú faoi Airteagal 15 go hAirteagal 22, ach amháin má thaispeánann an rialaitheoir nach bhfuil sé in ann an t-ábhar sonraí a shainaithint.

3. Soláthróidh an rialaitheoir faisnéis maidir leis an gníomhaíocht a rinneadh i dtaca le hiarraidh faoi Airteagal 15 go hAirteagal 22 don ábhar sonraí agus déanfaidh sé sin gan mhoill mhíchui agus in aon chás laistigh d'aon mhí amháin tar éis an iarraidh a fháil. Féadfar an tréimhse sin a shíneadh dhá mhí eile ar a mhéid nuair is gá, agus castacht agus líon na n-iarrataí á gcur san áireamh. Cuirfidh an rialaitheoir an ábhair sonraí ar an eolas faoi aon síneadh den sórt sin mar aon leis na cúiseanna a bhí leis an moill laistigh de mhí amháin tar éis an iarraidh a fháil. I gcás ina ndéanann an t-ábhar sonraí an iarraidh i bhfoirm leictreonach, cuirfear an fhaisnéis ar fáil i bhfoirm leictreonach, i gcás inarb indéanta sin, mura rud é go n-iarrann an t-ábhar sonraí a mhalairt.

4. Mura ndéanann an rialaitheoir aon ghníomhaíocht arna hiarraidh sin don ábhar sonraí, cuirfidh an rialaitheoir an t-ábhar sonraí ar an eolas gan mhoill agus ar a dhéanaí laistigh d'aon mhí amháin ón iarraidh a fháil, faoi na cúiseanna nach ndéanadh aon gníomhaíocht agus cuirfidh sé ar an eolas é faoin bhféidearthacht gearán a thaisceadh le údarás maoirseachta agus leigheas breithiúnach a lorg.

5. Cuirfear faisnéis a sholáthraítear faoi Airteagal 13 agus Airteagal 14 ar fáil saor in aisce mar aon le haon chumarsáid agus aon ghníomh a dhéanfar faoi Airteagal 15 go hAirteagal 22 agus faoi Airteagal 34. I gcás inar léir go follasach go bhfuil iarrataí ón ábhar sonraí gan bhunús nó iomarcach, go háirithe toisc go bhfuil siad athráiteach, féadfaidh an rialaitheoir ceann acu seo a leanas a dhéanamh: (a) táille réasúnach a ghearradh chun na costais a bhaineann leis an bhfaisnéis a chur ar fáil nó a gníomhaíocht a dhéanamh mar a iarradh a chur san áireamh; nó (b) diúltoídh sé gníomhú ar an iarratas. Is faoin rialaitheoir a bheidh sé a thaispeáint go bhfuil an iarraidh go follasach gan bhunús nó go bhfuil sí iomarcach.

6. Gan dochar d'Airteagal 11, i gcás ina bhfuil an rialaitheoir réasúnta amhrasach maidir le céannacht an duine nádúrtha a dhéanann an iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 15 go dtí Airteagal 21, féadfaidh an rialaitheoir a iarraidh go soláthrófaí tuilleadh faisnéise, ar gá í chun go ndeimhneofaí céannacht an ábhair sonraí.

7. An fhaisnéis a chuirfear ar fáil do na hábhair sonraí de bhun Airteagal 13 agus Airteagal 14, féadfar í a sholáthar in éineacht le deilbhíní caighdeánaithe chun forléargas suntasach ar an bpróiseáil atá beartaithe a thabhairt ar bhealach atá sofheicthe, intuisceana agus inléite go soiléir. I gcás ina ndéantar na deilbhíní a chur i láthair go leictreonach, beidh siad inléite ag meaisín.

8. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 92 chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le tíolacadh ag na deilbhíní agus na nósanna imeachta i ndáil le soláthar deilbhíní caighdeánaithe.

AIRTEAGAL

TÉACS

Airteagal 13 - Faisnéis agus rochtain ar shonraí pearsanta

1. I gcás go mbailítear sonraí pearsanta ábhar sonraí ón ábhar sonraí, tabharfaidh an rialaitheoir an fhaisnéis uile faoin méid seo a leanas don ábhar sonraí tráth a bhfaighfear na sonraí pearsanta: (a) céannacht agus sonraí teagmhála an rialaitheora agus, i gcás inarb ábhartha, céannacht agus sonraí teagmhála ionadaí an rialaitheora; (b) sonraí teagmhála an oifigh cosanta sonraí, i gcás inarb ábhartha; (c) críocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe chomh maith leis an mbunús dlí don phróiseáil; (d) i gcás ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar phointe (f) d’Airteagal 6(1), na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí; (d) i gcás inarb infheidhme, faighteoirí na sonraí pearsanta nó catagóirí fhaighteoirí na sonraí pearsanta, más ann dóibh; (e) i gcás inarb infheidhme, go bhfuil sé beartaithe ag an rialaitheoir sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta agus cibé arb ann nó nach ann do chinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún, nó i gcás na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 46 nó in Airteagal 47, nó sa dara fomhír d’Airteagal 49(1), tagairt do na coimircí iomchuí nó oiriúnacha agus na bealaí inar féidir chun cóip díobh a fháil nó an áit inar cuireadh iad ar fáil.

2. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, soláthróidh an rialaitheoir tráth a bhfaighfear sonraí pearsanta don ábhar sonraí, an fhaisnéis bhreise sin is gá chun próiseáil chothrom agus thrédhearcach a áirithiú: (a) tréimhse stórála na sonraí pearsanta, nó murar indéanta sin, na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a chinneadh; (b) is ann don cheart rochtain ar shonraí pearsanta a bhaineann leis ábhar sonraí agus go ndéanfaí ceartú nó léirscríosadh na sonraí sin, a iarraidh ar an rialaitheoir, nó srianadh ar phróiseáil maidir leis an ábhar sonraí agus is ann don cheart agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála chomh maith leis an gceart chun iniomparthacht sonraí; (c) i gcás ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar phointe (a) d’Airteagal 6(1) nó ar phointe (a) d’Airteagal 9(2), beidh sé de cheart an toiliú a tharraingt siar tráth ar bith, gan difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú sin a fháil roimh an tarraingt siar a dhéanamh; (d) an ceart gearán a thaisceadh le húdaráis maoirseachta; (e) an ceanglas reachtach nó conarthach é an ceanglas sonraí pearsanta a sholáthar, nó an ceanglas é ar gá é le go ndéanfaí Conradh, agus an bhfuil oibleagáid ar an ábhar sonraí na sonraí pearsanta sin a sholáthar mar aon leis na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ann i gcás nár soláthraíodh na sonraí sin; agus (f) is ann do chinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifiliú, dá dtagraítear in Airteagal 22(1) agus (4) agus, sna cásanna sin ar a laghad, d’fhaisnéis fhónta faoin loighic a bheidh i gceist, chomh maith le suntasacht na próiseála sin agus na hiarmhairtí a mheastar a bheadh aici ar an ábhar sonraí.

3. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an rialaitheoir na sonraí pearsanta a phróiseáil tuilleadh chun críche seachas an chríoch dar bailíodh na sonraí pearsanta, cuirfidh an rialaitheoir, sula ndéanfar an tuilleadh próiseála sin, faisnéis ar fáil don ábhar sonraí faoin gcríoch eile sin mar aon le haon fhaisnéis bhreise ábhartha dá dtagraítear i mír 2.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1, mír 2 ná mír 3 i gcás go bhfuil an fhaisnéis ag an ábhar sonraí cheana agus a mhéid go bhfuil.

AIRTEAGAL

TÉACS

Airteagal 14 - An fhaisnéis a bheidh le soláthar i gcás nár bailíodh na sonraí ón ábhar sonraí

1. I gcás go mbailítear sonraí pearsanta ábhar sonraí ón ábhar sonraí, tabharfaidh an rialaitheoir an fhaisnéis uile faoin méid seo a leanas don ábhar sonraí tráth a bhfaighfear na sonraí pearsanta: (a) céannacht agus sonraí teagmhála an rialaitheora agus, i gcás inarb ábhartha, céannacht agus sonraí teagmhála ionadaí an rialaitheora; (b) sonraí teagmhála an oifighigh cosanta sonraí, i gcás inarb ábhartha; (c) críocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe chomh maith leis an mbunús dlí don phróiseáil; (d) i gcás ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar phointe (f) d'Airteagal 6(1), na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag triú páirtí; (d) i gcás inarb infheidhme, faighteoirí na sonraí pearsanta nó catagóirí fhaighteoirí na sonraí pearsanta, más ann dóibh; (e) i gcás inarb infheidhme, go bhfuil sé beartaithe ag an rialaitheoir sonraí pearsanta a aistriú chuig triú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta agus cibé arb ann nó nach ann do chinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún, nó i gcás na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 46 nó in Airteagal 47, nó sa dara fomhír d'Airteagal 49(1), tagairt do na coimircí iomchuí nó oiriúnacha agus na bealaí inar féidir chun cóip díobh a fháil nó an áit inar cuireadh iad ar fáil.

2. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, soláthróidh an rialaitheoir don ábhar sonraí an fhaisnéis a leanas is gá chun próiseáil chothrom agus thrédhearcach a áirithiú maidir leis an ábhar sonraí: (a) tréimhse stórála na sonraí pearsanta, nó murarb indéanta sin, na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a chinneadh; (b) i gcás ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar phointe (f) d'Airteagal 6(1), na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag triú páirtí; (c) is ann don cheart rochtain ar shonraí pearsanta a bhaineann leis an ábhair sonraí agus ceartú nó léirsciosadh na sonraí pearsanta sin, a iarraidh ar an rialaitheoir, nó srianadh ar phróiseáil maidir leis an ábhar sonraí agus is ann don cheart agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála chomh maith leis an gceart chun iniomparthacht sonraí; (d) i gcás ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar phointe (a) d'Airteagal 6(1) nó ar phointe (a) d'Airteagal 9(2), beidh sé de cheart an toiliú a tharraingt siar tráth ar bith, gan difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú sin a fháil roimh an tarraingt siar a dhéanamh; (e) an ceart gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta; (f) an fhoinsé as ar tháinig na sonraí pearsanta, agus más infheidhme, ar tháinig na sonraí as foinsí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu; (g) is ann do chinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifiliú dá dtagraítear in Airteagal 22(1) agus (4) agus sna cásanna sin ar a laghad, d'fhaisnéis a bhaineann leis an loighic a bheidh i gceist, chomh maith le suntasacht na próiseála sin agus na hiarmhairtí a mheastar a bheadh aici ar an ábhar sonraí.

3. Soláthróidh an rialaitheoir an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2: (a) laistigh de thréimhse réasúnta tar éis na sonraí pearsanta a fháil, ach faoi cheann mí amháin ar a dhéanaí, ag féachaint do na himthosca sonracha ina ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil; (b) má tá na sonraí pearsanta le húsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis an ábhar sonraí, ar a dhéanaí tráth a dhéantar an chéad chumarsáid leis an ábhar sonraí; nó (c) sa chás go bhfuil sé beartaithe na sonraí pearsanta a nochtadh d'fhaighteoir eile, ar a dhéanaí tráth a nochtar na sonraí i gcéad uair.

AIRTEAGAL

TÉACS

Airteagal 14 - An fhaisnéis a bheidh le soláthar i gcás nár bailíodh na sonraí ón ábhar sonraí

4. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an rialaitheoir na sonraí pearsanta a phróiseáil tuilleadh chun críche seachas an chríoch dar fuarthas na sonraí pearsanta, cuirfidh an rialaitheoir, sula ndéanfar an tuilleadh próiseála sin, faisnéis ar fáil don ábhar sonraí faoin gcríoch eile sin mar aon le haon fhaisnéis bhreise ábhartha dá dtagraítear i mír 2.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 4 i gcás agus a mhéid gur fíor an méid seo a leanas: (a) tá an fhaisnéis faighte cheana ag an ábhar sonraí; (b) tá sé dodhéanta an fhaisnéis sin a chur ar fáil nó bhainfeadh iarracht dhíréireach lena cur ar fáil go háirithe nó chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh, faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí a leagtar síos in Airteagal 89(1) nó a mhéid is dócha nach féidir a chun na críocha sin a ghnóthú de bharr an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó go ndéanfar an gnóthú sin a lagú go mór. Sna cásanna sin déanfaidh an rialaitheoir na bearta is gá chun cearta, saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a chosaint, lena n-áirítear an fhaisnéis an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí; (c) leagtar síos fáil nó nochtadh na sonraí go sainráite le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit a bhfuil an rialaitheoir faoina réir agus lena bhforáiltear do bhearta iomchuí chun leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a chosaint; nó (d) i gcás nach mór na sonraí pearsanta a choimeád faoi rún faoi réir oibleagáid rúndachta gairmiúla arna rialú le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, lena n-áirítear oibleagáid rúndachta reachtúil.

Airteagal 17 – An ceart go ndéanfaí léirsciosadh (“an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad”)

1. Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí go léirsciosfaidh an rialaitheoir sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi gan mhoill mhíchú agus beidh sé d’oibleagáid ar an rialaitheoir sonraí pearsanta a léirsciosadh gan mhoill mhíchú i gcás go mbeidh feidhm ag ceann de na forais seo a leanas: (a) níl na sonraí riachtanach a thuilleadh i ndáil leis na críocha ar chucu a bailíodh iad nó a próiseáladh iad; (b) tarraingíonn an t-ábhar sonraí siar a thoiliú a bhfuil an phróiseáil bunaithe air i gcomhréir le pointe (a) d’Airteagal 6(1) nó le pointe (a) d’Airteagal 9(2) agus i gcás nach bhfuil aon fhoras dlíthiúil eile leis an bpróiseáil; (c) déanann an t-ábhar sonraí agóid i gcoinne na próiseála de bhun Airteagal 21(1) agus ní ann d’fhorais dhlisteanacha sháraitheacha maidir leis an bpróiseáil, nó déanann an t-ábhar sonraí agóid i gcoinne na próiseála de bhun Airteagal 21(2); (d) rinneadh próiseáil mhídhleathach ar na sonraí pearsanta; (e) is gá na sonraí pearsanta a léirsciosadh le go gcomhlíonfaí oibleagáid dhlíthiúil faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí Ballstáit a bhfuil an rialaitheoir faoina réir; **(f) bailíodh na sonraí pearsanta i ndáil le seirbhísí na sochaí faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a thairiscint.**

2. I gcás inar chuir an rialaitheoir na sonraí pearsanta ar fáil don phobal agus ina bhfuil sé d’oibleagáid air de bhun mhír 1 na sonraí pearsanta a léirsciosadh, déanfaidh an rialaitheoir, agus an teicneolaíocht atá ar fáil agus costas an chur chun feidhme á gcur san áireamh, bearta réasúnta, lena n-áirítear bearta teicniúla, chun na rialaitheoirí a bhfuil próiseáil á déanamh acu a chur ar an eolas faoi go bhfuil sé iarrtha ag an ábhar sonraí go ndéanfadh rialaitheoirí den sórt sin aon nasc leis na sonraí pearsanta sin a

AIRTEAGAL	TÉACS
Airteagal 17 – An ceart go ndéanfaí léirscriosadh (“an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad”)	léirscriosadh nó aon chóip nó aon mhacasamhlú de na sonraí pearsanta sin a léirscriosadh. 3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 a mhéid go bhfuil an phróiseáil sin riachtanach sna cásanna seo a leanas: (a) chun an ceart ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a fheidhmiú; (b) chun go gcomhlíonfar oibleagáid dhlíthiúil lena n-éilítear próiseáil le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit a bhfuil an rialaitheoir faoina réir nó chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarais oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir; (c) ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí i gcomhréir le pointe (h) agus le pointe (i) d’Airteagal 9(2) chomh maith le hAirteagal 9(3); (d) chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh i gcomhréir le hAirteagal 89(1) a mhéid is dócha nach féidir cuspóirí na próiseála sin a ghnóthú nó go ndéanfaí dochar dá ngnóthú de bharr an chirt dá dtagraítear i mír 1; nó (e) chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.
Airteagal 21 – An ceart chun agóid a dhéanamh	1. Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí agóid a dhéanamh, ar fhorais a bhaineann lena staid leithleach féin, ag am ar bith, i gcoinne próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi féin agus é arna bhunú ar phointe (e) nó ar phointe (f) d’Airteagal 6(1), lena n-áirítear próifíliú bunaithe ar na forálacha sin. Ní phróiseálfaidh an rialaitheoir na sonraí pearsanta a thuilleadh mura rud é go dtaispeánfaidh an rialaitheoir go bhfuil forais dhlísteanacha thathantacha leis an bpróiseáil a dhéanamh ar forais iad a bhfuil sáraíocht acu ar leasanna, ar chearta agus ar shaoirsí an ábhair sonraí nó chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint. 2. I gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha margaíocht dhíreach, beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí agóid a dhéanamh am ar bith i gcoinne próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi chun críocha na margaíochta sin, lena n-áirítear próifíliú a mhéid is a bhaineann sé le margaíocht dhíreach den chineál sin. 3. I gcás go ndéanfaidh an t-ábhar sonraí agóid i gcoinne próiseála chun críocha na margaíochta, ní dhéanfar na sonraí pearsanta a phróiseáil chun na críocha sin a thuilleadh. 4. Ar a dhéanaí, ag an tráth a rachfar i dteagmháil den chéad uair leis an ábhar sonraí, déanfar an ceart dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a thabhairt go follasach ar aire don ábhar sonraí agus cuirfear faoina bhráid é go soiléir agus beidh sé scartha amach ó aon fhaisnéis eile. 5. I gcomhthéacs seirbhísí na sochaí faisnéise a úsáid, agus d’ainneoin Threoir 2002/58/CE, féadfaidh an t-ábhar sonraí a cheart nó a ceart chun agóid a dhéanamh a fheidhmiú trí mhodhanna uathoibrithe lena n-úsáidtear sonraíochtaí teicniúla. 6. I gcás ina bpróiseáiltear sonraí pearsanta chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil, nó chun críocha staidrimh de bhun Airteagal 89(1), beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí, ar fhorais a bhaineann lena staid leithleach féin, agóid a dhéanamh i gcoinne sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi féin a phróiseáil, ach amháin i gcás gur gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail.

AIRTEAGAL

TÉACS

Airteagal 22 – Cinnteoireacht aonair uathoibrithe, lena n-áirítear próifiliú

1. Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí gan a bheith faoi réir cinneadh a bhunaítear ar an bpróiseáil uathoibrithe amháin, lena n-áirítear próifiliú, a mbíonn éifeachtaí dlíthiúla aige a bhaineann leis nó léi nó lena n-imrítear éifeacht shuntasach, air nó uirthi.
2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 más fíor an méid seo a leanas dtaca leis an gcinneadh: (a) tá sé riachtanach chun Conradh a dhéanamh nó a fheidhmiú idir an t-ábhar sonraí agus rialaitheoir sonraí; (b) údaraítear é faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí Ballstáit a bhfuil an rialaitheoir faoina réir agus lena leagtar síos freisin bearta iomchuí chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a choimirciú; nó (c) tá sé bunaithe ar thoilíú sainráite an ábhair sonraí.
3. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (c) de mhír 2, cuirfidh an rialaitheoir sonraí bearta iomchuí chun feidhme chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a choimirciú, ar a laghad ceart an rialaitheora chun idirghabháil daoine a fháil, chun a dhearcadh nó a dearcadh a chur in iúl agus chun agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh.
4. Cinntí dá dtagraítear i mír 2, ní bheidh siad bunaithe ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 9(1), ach amháin sa chás go bhfuil feidhm ag pointe (a) nó ag pointe (g) d'Airteagal 9(2) agus go mbeidh bearta iomchuí ann chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a choimirciú.

Airteagal 24 – Freagracht an rialaitheora

1. Agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh aige, mar aon leis na rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus leibhéal athraitheach déine ag gabháil leo, cuirfidh an rialaitheoir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme le háirithiú agus le bheith in ann a thaispeáint go ndéantar an phróiseáil i gcomhréir leis an Rialachán seo. Déanfar na bearta sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar gá.
2. Áireofar sna bearta dá dtagraítear i mír 1 go gcuirfidh an rialaitheoir beartais iomchuí um chosaint sonraí chun feidhme má tá sin comhréireach i dtaca le gníomhaíochtaí próiseála.
3. Má chloítear le cóid fhorhmeasta iompair amhail dá dtagraítear in Airteagal 40 nó le sásraí formheasta deimhniúcháin amhail dá dtagraítear in Airteagal 42, féadfar sin a úsáid mar ghné lena thaispeáint go gcomhlíontar oibleagáidí an rialaitheora

Airteagal 25 – Cosaint Sonraí trí Dhearadh agus mar Réamhshocrú

1. Agus an úrscothacht, an costas a bhaineann le cur chun feidhme agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh, mar aon leis na rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha a bhaineann leis an bpróiseáil, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus leibhéal athraitheach déine ag gabháil leo, déanfaidh an rialaitheoir, tráth chinneadh na modhanna chun an phróiseáil a dhéanamh agus tráth na próiseála féin, bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme, amhail ainm bréige a chur i bhfeidhm, a cheaptar chun na prionsabail a bhaineann le cosaint sonraí a chur chun feidhme,

AIRTEAGAL

TÉACS

Airteagal 25 – Cosaint Sonraí trí Dhearadh agus mar Réamhshocrú

amhail íoslaghdú sonraí, ar bhealach éifeachtach agus na coimircí is gá a chomhtháthú sa phróiseáil d'fhonn ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh agus cearta na n-ábhar sonraí a chosaint.

2. Cuirfidh an rialaitheoir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme lena áirithiú nach bpróiseáiltear, mar réamhshocrú, ach na sonraí pearsanta sin atá riachtanach i gcás gach cuspóra shonraigh atá leis an bpróiseáil. Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis an méid sonraí a bhailítear, an oiread próiseála a dhéantar orthu, an tréimhse a stóráiltear iad lena linn agus an rochtain atá orthu. Áiritheofar le bearta den sórt sin, go háirithe, nach gcuirfear sonraí pearsanta ar fáil mar réamhshocrú do líon éiginnte daoine nádúrtha gan idirghabháil ón duine aonair.

3. Féadfar leas a bhaint as sásra formheasta deimhniúcháin de bhun Airteagal 42 mar ghné lena thaispeáint go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo.

Airteagal 35 – Measúnú tionchair ar chosaint sonraí

1. I gcás inar dóchúil go dtarlódh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha de bharr chineál na próiseála, go háirithe próiseáil ina n-úsáidí nuatheicneolaíochtaí, déanfaidh an rialaitheoir, sula ndéanfar an phróiseáil, measúnú ar thionchar na n-oibríochtaí próiseála a bheartaítear a dheanamh ar chosaint na sonraí pearsanta, agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh. Le measúnú aonair, féadfar tabhairt faoi shraith d'oibríochtaí próiseála comhchosúla a bhfuil ardrioscaí comhchosúla ag baint leo.

2. Rachaidh an rialaitheoir i gcomhairle leis an oifigeach cosanta sonraí, má tá ceann ceaptha, agus measúnú tionchair ar chosaint sonraí á dhéanamh.

3. An measúnú tionchair ar chosaint sonraí dá dtagraítear i mír 1, beidh gá leis go háirithe i gcásanna: (a) meastóireacht chórasach, chuimsitheach a bheith á dhéanamh ar na gnéithe pearsanta a bhaineann le daoine nádúrtha, ar measúnú é atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe lena n-áirítear próifíliú, agus a mbeidh cinntí á mbunú air a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla acu do dhuine nádúrtha nó a mbeidh éifeachtaí suntasacha comhchosúla acu ar an duine nádúrtha; (b) próiseáil mhórscála ar chatagóirí speisialta de shonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 9(1), nó ar shonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta dá dtagraítear in Airteagal 10; nó (c) faireachán córasach mórscála ar limistéir atá inrochtana don phobal.

4. Bunóidh an t-údarás maoirseachta liosta de na cineálacha oibríochtaí próiseála atá faoi réir an cheanglais maidir le measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh de bhun mhír 1 agus cuirfidh sé an liosta sin ar fáil don phobal. Cuirfidh an t-údarás maoirseachta na liostaí sin chuig an mBord dá dtagraítear in Airteagal 68.

5. Féadfaidh an t-údarás maoirseachta liosta a leagan amach agus a chur ar fáil go poiblí de na cineálacha oibríochtaí próiseála nach gá measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh ina leith. Cuirfidh an t-údarás maoirseachta na liostaí sin chuig an mBord.

AIRTEAGAL

TÉACS

Airteagal 35 – Measúnú tionchair ar chosaint sonraí

6. Sula nglacfar na liostaí dá dtagraítear i mír 4 agus i mír 5, cuirfidh an t-údarás inniúil maoirseachta an sásra comhsheasmhachta dá dtagraítear in Airteagal 63 i bhfeidhm i gcás ina bhfuil baint ag an liosta le gníomhaíochtaí próiseála a bhaineann le hearraí nó seirbhísí a chur ar fáil d'ábhair sonraí, nó a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar iompar na ndaoine sin i mBallstáit éagsúla, nó i gcás ina bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí próiseála a d'fhéadfadh cur isteach ar shaorghluaiseacht sonraí pearsanta san Aontas.

7. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sa mheasúnú: (a) tuairisc chórasach ar na hoibríochtaí próiseála atá beartaithe agus críoche na próiseála agus, más infheidhme, na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir; (b) measúnú ar riachtanas agus comhréireacht na n-oibríochtaí próiseála i gcomhréir leis na críoche; (c) measúnú ar na rioscaí do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí dá dtagraítear i mír 1; agus (d) na bearta a cheaptar a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí, lena n-áirítear coimircí, bearta slándála agus sásraí chun cosaint sonraí pearsanta a áirithiú agus chun a thaispeáint go bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh, cearta agus leasanna dlisteanacha ábhar sonraí agus daoine eile lena mbaineann á gcur san áireamh.

8. Maidir leis na rialaitheoirí agus na próiseálaithe ábhartha a bheith ag comhlíonadh na gcód iompair formheasta dá dtagraítear in Airteagal 40, cuirfear é sin san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar thionchar na n-oibríochtaí próiseála a dhéanann na rialaitheoirí nó na próiseálaithe sin, go háirithe chun críoche measúnú tionchair ar chosaint sonraí.

9. I gcás inarb iomchuí, iarrfaidh an rialaitheoir ar ábhair sonraí nó ar a n-ionadaithe a dtuairimí a thabhairt maidir leis an bpróiseáil atá beartaithe, gan dochar do chosaint leasanna tráchtála nó poiblí ná do shlándáil oibríochtaí próiseála.

10. I gcás ina bhfuil bunús dlí ag an bpróiseáil de bhun phointe (c) nó (e) d'Airteagal 6(1) i ndlí an Aontais nó i ndlí Ballstáit ar faoina réir atá an rialaitheoir, agus go rialaíonn an dlí sin an oibríocht próiseála shonrach nó an sraith d'oibríochtaí atá i gceist, agus ina bhfuil measúnú tionchair ar chosaint sonraí déanta cheana mar chuid de mheasúnú ginearálta tionchair i gcomhthéacs ghlacadh an bhunús dlí sin, ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 7, mura measann na Ballstáit go bhfuil sé riachtanach measúnú den sórt sin a dhéanamh sula rachfar i mbun na ngníomhaíochtaí próiseála.

11. I gcás inar gá, déanfaidh an rialaitheoir athbhreithniú chun a mheas an bhfuil an phróiseáil á déanamh i gcomhréir leis an measúnú tionchair ar chosaint sonraí, ar a laghad nuair a bhíonn athrú sa riosca a bhaineann le hoibríochtaí próiseála.

Airteagal 57(1)(b) – Cúraimí an údaráis mhaoirseachta

1. Gan dochar do chúraimí eile a leagtar amach faoin Rialachán seo, déanfaidh gach údarás maoirseoireachta an méid seo a leanas ina chríoch féin:

(b) déanfaidh sé feasacht agus tuiscint i measc an phobail a chur chun cinn maidir leis na rioscaí, leis na rialacha, leis na coimircí agus leis na cearta a bhaineann le próiseáil. **Tabharfar aird ar leith ar ghníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le leanaí;**

RÉAMHAITHRIS

TÉACS

Réamhaithris 38

Tá cosaint ar leith dlite do leanaí i dtaca lena sonraí pearsanta toisc go bhféadfar nach bhfuil siad chomh heolach sin ar na rioscaí, na hiarmhairtí agus na coimircí lena mbaineann ná ar a gcearta féin i ndáil lena sonraí pearsanta a phróiseáil. Ba cheart feidhm a bheith ag cosaint ar leith den sórt sin, go háirithe, le húsáid sonraí pearsanta leanaí chun críocha na margaíochta nó chun próifílí pearsantachta nó úsáideora a chruthú agus sonraí pearsanta i ndáil le leanaí a bhailiú agus seirbhísí atá á dtairiscint go díreach do leanbh á n-úsáid. Níor cheart é a bheith riachtanach toiliú shealbhóir na freagrachta tuismitheora a fháil i gcomhthéacs seirbhísí coisctheacha nó comhairliúcháin a thairgtear go díreach do leanbh.

Réamhaithris 47

Le leasanna dlisteanacha rialaitheora, lena n-áirítear leasanna dlisteanacha rialaitheora a bhféadfar sonraí pearsanta a nochtadh dó, nó le leasanna dlisteanacha tríú páirtí, féadfar bunús dlí a thabhairt don phróiseáil, ar choinníoll nach mbeadh sáraíocht ag leasanna nó cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí orthu, agus aird á tabhairt ar ionchais réasúnta na n-ábhar sonraí bunaithe ar a gcuidreamh a leis an rialaitheoir. D'fhéadfadh leas dlisteanach den sórt sin a bheith ann mar shampla i gcás ina bhfuil caidreamh ábhartha iomchuí idir an t-ábhar sonraí agus an rialaitheoir i gcásanna amhail gur cliant den rialaitheoir an t-ábhar sonraí nó go bhfuil an t-ábhar sonraí i seirbhís an rialaitheora. Ar aon chuma, chaithfí measúnú cúramach a dhéanamh ar aon leas dlisteanach a bheadh ann, lena n-áirítear a mheas an bhféadfadh an t-ábhar sonraí a bheith ag súil leis go réasúnta tráth bhailiú na sonraí pearsanta agus i gcomhthéacs bhailiú na sonraí pearsanta go bhféadfaí próiseáil a dhéanamh chun na críche sin. D'fhéadfadh sáraíocht a bheith ag leasanna bunúsacha agus ag cearta bunúsacha an ábhair sonraí ar leas an rialaitheora sonraí i gcás ina ndéanfaí sonraí pearsanta a phróiseáil in imthosca nach mbeadh na hábhair sonraí ag súil leis go ndéanfaí tuilleadh próiseála iontu. Ós rud é gur faoin reachtóir atá sé foráil a dhéanamh le dlí maidir leis an mbunús dlí atá ag údaráis phoiblí chun sonraí pearsanta a phróiseáil, níor cheart feidhm a bheith ag an mbunús dlí sin maidir le leas dlisteanach an rialaitheora i ndáil le próiseáil ag údaráis phoiblí i bhfeidhmiú a gcúraimí. Maidir le próiseáil ar shonraí pearsanta a bhfuil dianghá leo chun cosc a chur ar chalaíochas, is leas dlisteanach de chuid an rialaitheora lena mbaineann é an leas sin. Féadfar próiseáil sonraí pearsanta chun críocha na margaíochta díriú a mheas mar phróiseáil a dhéantar ar mhaithe le leas dlisteanach.

Réamhaithris 58

Ceanglaítear le prionsabal na trédhearcachta gur cheart é a bheith éasca rochtain a fháil ar aon fhaisnéis atá dírithe ar an bpobal nó ar an ábhar sonraí, gur cheart don fhaisnéis sin a bheith gonta agus éasca a thuiscint agus gur cheart í a bheith i dteanga shoiléir shimplí agus, sa bhreis air sin, gur cheart úsáid a bhaint as léirshamlú, i gcás inarb ábhartha. D'fhéadfaí faisnéis den sórt sin a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach, mar shampla, agus í dírithe ar an bpobal, trí shuíomh gréasáin. Tá ábharthacht ar leith ag baint leis sin i staideanna ina bhfágann iomadú na ngníomhaithe agus castacht theicneolaíoch an chleachtais nach éasca don ábhar sonraí a bheith ar an eolas faoi cibé an bhfuil sonraí pearsanta

RÉAMHAITHRIS

TÉACS

Réamhaithris 58

a bhaineann leis nó léi á mbailiú, faoi cé atá á mbailiú agus faoi cad chuige a bhfuil siad á mbailiú, agus nach éasca dó nó di an méid sin a thuiscint, amhail i gcás fógraíocht ar líne. **Toisc go bhfuil cosaint ar leith dlite do leanaí, ba cheart aon fhaisnéis agus cumarsáid maidir le próiseáil a bhaineann le leanbh a thabhairt i dteanga shoiléir shimplí le go bhféadfaidh an leanbh í a thuiscint go héasca.**

Réamhaithris 65

Ba cheart an ceart a bheith ag ábhar sonraí go ndéanfaí sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a cheartú agus ba cheart “ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad” a bheith aige nó aici i gcás ina sáraíonn coinneáil sonra pearsanta í den sórt sin an Rialachán seo nó dlí an Aontais nó dlí Ballstáit a bhfuil an rialaitheoir faoina réir. Ba cheart, go háirithe, é a bheith de cheart ag s ábhar sonraí go léirsciosfaí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta agus nach ndéanfaí iad a phróiseáil a thuilleadh, mura bhfuil na sonraí pearsanta riachtanach a thuilleadh i ndáil leis na críocha ar chucu a bailíodh iad nó ar chucu a próiseáladh iad ar bhealach eile, i gcás ina dtarraingíonn ábhar sonraí siar a thoiliú nó a toiliú nó ina ndéanann sé nó sí agóid i gcoinne phróiseáil na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi nó i gcás nach gcomhlíonann próiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta an Rialachán seo ar bhealach eile. Tá an ceart sin ábhartha go háirithe nuair atá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí agus é nó í ina leanbh nach bhfuil láneolach ar na rioscaí a bhaineann leis an bpróiseáil, agus go bhfuil sé nó sí ag iarraidh sonraí pearsanta den sórt sin a bhaint níos moille, go háirithe ón idirlíon. Ba cheart don ábhar sonraí a bheith in ann an ceart sin a fheidhmiú d’ainneoin nach leanbh é nó í a thuilleadh. Ba cheart, áfach, é a bheith dleathach na sonraí pearsanta a choinneáil tuilleadh i gcás gur gá sin le haghaidh fheidhmiú an chirt chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, le haghaidh oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh, le haghaidh cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir, ar fhorais a bhaineann le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí, chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh, nó chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

Réamhaithris 70

I gcás ina bpróiseáiltear sonraí pearsanta chun margaíocht dhíreach a dhéanamh, ba cheart an ceart a bheith ag an ábhar sonraí agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil den sórt sin, lena n-áirítear próifiliú a mhéid a bhaineann sé le margaíocht dhíreach den sórt sin, cé acu i dtaobh próiseáil thosaigh nó tuilleadh próiseála, tráth ar bith agus saor in aisce. Ba cheart an ceart sin a thabhairt go sainráite d’aire an ábhair sonraí agus a chur faoina bhráid nó faoina bráid go soiléir agus é scartha amach ó aon fhaisnéis eile.

Réamhaithris 71

Ba cheart an ceart a bheith ag an ábhar sonraí gan a bheith faoi réir cinneadh, a bhféadfadh beart a bheith mar chuid de, lena meastar gnéithe pearsanta a bhaineann leis nó léi agus atá bunaithe ar phróiseáil uathoibríthe amháin agus ag a mbíonn éifeachtaí dlíthiúla maidir leis nó léi nó a mbíonn éifeacht chomhchosúil shuntasach aige air nó uirthi, amhail diúltú uathoibríoch d’iarratas ar líne i leith creidmheas a fháil nó cleachtais earcaíocht ar líne nach mbaineann aon idirghabháil le duine leo. Áirítear ar phróiseáil den sórt sin “próifiliú”, arb é atá

RÉAMHAITHRIS

TÉACS

Réamhaithris 71

i gceist leis foirm ar bith de phróiseáil uathoibrithe a dhéantar ar shonraí pearsanta lena meastar na gnéithe pearsanta a bhaineann le duine nádúrtha, go háirithe chun anailís nó tuar a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le feidhmíocht an ábhair sonraí ag an obair, le staid eacnamaíochta, le sláinte, le roghanna pearsanta nó le díol spéise, le hiontaofacht nó iompar an duine sin, leis an áit ina bhfuil an duine sin nó le gluaiseachtaí an duine sin, i gcás ina mbíonn éifeachtaí dlíthiúla mar thoradh air sin a bhaineann leis nó léi nó a mbíonn éifeachtaí comhchosúla suntasacha aici air nó uirthi. Ba cheart, áfach, cinnteoireacht a cheadú atá bunaithe ar phróiseáil den sórt sin, lena n-áirítear próifíliú, nuair atá sin údaraithe go sainráite le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit a bhfuil an rialaitheoir faoina réir, lena n-áirítear chun faireachán a dhéanamh ar chalaois agus ar imghabháil cánach agus chun críocha iad a chosc, ar faireachán é a dhéantar i gcomhréir le rialacháin, caighdeáin agus moltaí institiúidí de chuid an Aontais nó comhlachtaí náisiúnta maoirseachta, agus chun go n-áirithítear sláine agus iontaofacht seirbhíse a sholáthraíonn an rialaitheoir, nó atá riachtanach maidir le Conradh a dhéanamh nó a chomhlíonadh idir an t-ábhar sonraí agus rialaitheoir, nó sa chás gur thug an t-ábhar sonraí a chead sainráite nó a cead sainráite. In aon chás, ba cheart próiseáil den sórt sin a bheith faoi réir coimircí oiriúnacha, agus ba cheart a áireamh ar choimircí den sórt sin faisnéis shonrach don ábhar sonraí agus an ceart idirghabháil ó dhuine a fháil, an ceart a dhearcadh nó a dearcadh a chur in iúl, an ceart míniú a fháil ar an gcinneadh a rinneadh i ndiaidh measúnú den sórt sin agus an ceart agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh. **Níor cheart baint a bheith ag beart den sórt sin le leanbh.**

Réamhaithris 75

Maidir leis na rioscaí i dtaca le cearta agus saoirsí daoine nádúrtha, ar rioscaí iad lena ngabhann dóchúlacht agus déine éagsúil, mar thoradh ar phróiseáil sonraí pearsanta as damáiste fisiciúil, ábhartha nó neamhábhhartha, go háirithe sna cásanna seo a leanas: i gcás ina n-eascródh idirdhealú, goid aitheantais nó calaois aitheantais, caillteanas airgeadais, damáiste don chlú, caillteanas rúndacht na sonraí pearsanta sin atá faoi chosaint de réir rúndacht ghairmiúil, aisiompú neamhúdaraithe cur i bhfeidhm ainm bréige, nó aon mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta eile atá suntasach as an bpróiseáil; i gcás ina bhféadfadh sé go ndéanfaí cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a cheilt orthu nó go gcoisfí iad ó rialú a dhéanamh ar fheidhmiú a gcuid sonraí pearsanta; i gcás ina ndéantar próiseáil ar shonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, ballraíocht i gceardchumann, agus próiseáil sonraí géiniteacha, sonraí a bhaineann leis an tsláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó le ciontuithe coiriúla agus cionta nó le bearta slándála gaolmhara; i gcás ina ndéantar meastóireacht ar ghnéithe pearsanta, go háirithe anailísiú nó tuar ar ghnéithe maidir le feidhmiú ag an obair, maidir leis an staid eacnamaíoch, sláinte, roghanna nó leas pearsanta, iontaofacht nó iompraíocht, suíomh nó gluaiseachtaí, chun próifíliú pearsanta a chruthú nó a úsáid; i gcás ina ndéantar próiseáil ar shonraí pearsanta daoine nádúrtha leochaileacha, go háirithe leanaí; **nó i gcás ina bhfuil cainníocht mhór sonraí pearsanta i gceist leis an bpróiseáil agus ina mbíonn tionchar ag an bpróiseáil sin ar líon mór ábhar sonraí.**

